ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 20

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

16.05.2012

Cé hé an Gaeilgeoir is mó i bParlaimint na hEorpa?

L. 2

Gaelscéal AR SCOIL

L. 19

www.gaelsceal.ie

'BMI 25' agus deireadh le tobac!

- Sin freagra an Aire ar chostais sláinte don aosach in Éirinn

Máirtín Ó Catháin
i gCarna, Conamara

TÁ leigheas cineál sciobtha ag an Aire Sláinte, an Dr James Reilly, ar cheist an chostais mhóir a bhaineann le aire a thabhairt don aosach sa tír seo. Ag labhairt dó linn i gCarna, dúirt an Dr Reilly go bhféadfaí sceanairt mhór a dhéanamh ar an gcostas sin dá dtarlódh dhá rud: go mbeadh daoine taobh le B.M.I. 25 agus dá n-éireodh chuile dhuine as a bheith ag caitheamh tobac.

Baineann an B.M.I. (*Body Mass Index*) le cúrsaí meáchain agus raimhre; cuirtear an meáchan i gcoibhneas le hairde agus téagar colainne an duine.

Chuile sheans go mairfidh na daoine a thugann aird ar shláinte mhaith níos faide, a dúirt an tAire Sláinte, ach má mhaireann féin is dóigh gur lú ama a chaithfidh siad tinn nó buailte suas; is lú aire a theastódh uathu.

Ar lean ar leathanach 4

An tUachtarán ag an Raidió!

An tUachtarán Michael D. Higgins agus é ag tabhairt cuairte ar cheanncheathrú RTÉ Raidió na Gaeltachta i gCasla, Conamara Dé hAoine seo caite mar chuid de cheiliúradh 40 bhliain den stáisiún. "Níl teorainn le tábhacht an stáisiúin do na pobail Ghaeltachta, idir neartú staid na teanga, agus, i bhfad níos tábhachtaí, i dtéarmaí tacaíochta do na pobail sna ceantair sin," a dúirt sé le linn na cuairte [PIC :ANDREW DOWNES]

An-imní ar Thuismitheoirí na Gaeltachta

Katie McGreal

LÉIRIGH lucht na heagraíochta, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Conamara a n-imní faoin gClár Tacaíochta Teaghlaigh a d'fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag cruinniú cinn bhliana na heagraíochta ar an Luan seo caite.

Le linn an chruinnithe, dúradh nárbh fhéidir leis an eagraíocht fáilte a chur roimh an gclár mar nach raibh dóthain eolais faoi ar fáil dóibh.

Síleann siad nach léir do theaghlaigh cén cúnamh atá ar fáil dóibh agus cén chaoi leis an gcúnamh sin a éileamh. Rinneadar teagmháil leis an Roinn maidin inné le soiléiriú a fháil agus chun a iarraidh orthu cruinniú a eagrú leis an eagraíocht chun an Clár a phlé.

Aontaíodh gur cheart níos mó imeachtaí do theaghlaigh a reáchtáil agus beidh tús á chur le sraith imeachtaí go gairid.

Toghadh coiste nua ag an gcruinniú freisin. Tá Sorcha Ní Chéilleachair ina cathaoirleach nua. Tá Sorcha Ní Mhonacháin mar rúnaí agus is í Áine Uí Ghiollagáin atá mar chisteoir. Tá Bairbre Ní Thuairisg, Anna Ní Chartúir agus Eibhlín de Bhailís mar bhaill eile an choiste.

Bhí an cruinniú ar siúl in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Áras Uí Chadhain) ar an gCeathrú Rua.

Sé ainmniúchán ag Gaelscéal do Ghradaim an Oireachtais

Katie McGreal

BRONNFAR Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2012 ar an Aoine seo, 18 Bealtaine, in Óstán Galway Bay i nGaillimh agus tá 'Gaelscéal' ainmnithe sé huaire.

Beidh Aengus Mac Grianna, an léitheoir nuachta de chuid RTÉ, mar Fhear an Tí don oíche.

Bronnfar 8 ngradam ar an oíche; Sraith Teilifíse na Bliana, Craoltóir Teilifíse na Bliana, Aisteoir na Bliana, Sraith Raidió na Bliana, Craoltóir Raidió na Bliana, Iriseoir na Bliana, Colúnaí na Bliana agus Buaic-Ghradam (Gradaim Saoil) Cumarsáide an Oireachtais.

Tá eagarthóir an nuachtáin seo, Ciarán Dunbar, ainmnithe mar Iriseoir na Bliana in éineacht le Máirtín Ó Catháin agus Colm Ó Broin a scríobhann do Ghaelscéal. Tá Orla Bradshaw ón nuachtán 'Foinse' ainmnithe freisin.

Tá colúnaithe de chuid 'Foinse', Mícheál Ó Conaola agus Evanne Ní Chuilinn ainmnithe mar Colúnaí na Bliana, in éineacht leis an gcolúnaí san Irish Times, Pól Ó Muirí, agus colúnaí an nuachtáin seo, Conall Ó Móráin, Eoghan Ó Néill agus Concubhar Ó Liatháin.

Fógraíodh ar an Aoine seo caite gur bhuaigh an t-iarchraoltóir, Cathal Póirtéir, an Buaic-Gradam i mbliana. Chraol Cathal i mBéarla agus i nGaeilge ar RTÉ ar feadh 30 bliain. Bhí sé ina léiritheoir agus ina láithreoir ar chláir Ghaeilge ar RTÉ Raidió a hAon agus ar RTÉ Raidió na Gaeltachta an chuid ba mhó den am.

Bhí Mairéad Nic Seaghain, Pat Butler agus Foinse ar an ngearrliosta don ghradam sin.

Bronnfar an gradam ar Cathal ar an Aoine beag seo.

NUACHT NÁISIÚNTA

Cé hé an Gaeilgeoir is mó i bParlaimint na hEorpa?

Tuairisc Speisialta le Colm Ó Broin

LABHAIR Seán Kelly ó Fhine Gael níos mó Gaeilge i bParlaimint na hEorpa in 2011 ná aon fheisire eile de réir anailíse Ghaelscéal.

Bá í Bairbre de Brún ó Shinn Féin an Gaeilgeoir ba dhíograisí, áfach, óir is i nGaeilge amháin a labhair le linn na bliana.

Tá 15 fheisire as Éirinn i bParlaimint na hEorpa, ina measc triúr ó na Sé Chontae. Seachas Seán Kelly agus Bairbre de Brún, labhair ceathrar Éireannach eile Gaeilge le linn na bliana; Jim Higgins, Pat The Cope Gallagher, Liam Aylward agus Joe Higgins.

Bíonn deis ag feisirí labhairt sa Pharlaimint ceithre lá sa mhí nuair a suíonn sí i Strasbourg na Fraince.

D'éirigh Bairbre de Brún as an bparlaimint i mbliana ach labhair sí beagáinín níos mó ná cúig nóiméad sa Pharlaimint anuraidh, agus é sin ar fad i nGaeilge.

Ba é Seán Kelly an cainteoir ba ghníomhaí i measc na bhfeisirí Éireannacha anuraidh. Labhair feisire Fhine Gael do thoghcheantar an Deiscirt beagnach 26 nóiméad i nGaeilge in 2011, 15% den am a labhair sé sa Pharlaimint. Abairtí gearra i nGaeilge ag tús óráidí a bhí sa chuid ba mhó den Ghaeilge a chualathas ó iarUachtarán Chumann Lúthchleas Gael le linn na bliana.

Bhí feisire eile ó Fhine Gael, Jim Higgins, sa dara háit ó thaobh ama agus céatadáin de anuraidh. Labhair sé seacht nóiméad sa teanga náisiúnta, nó 21% den am ar fad a bhí sé ag caint. Labhair feisire Fhianna Fáil ó Ailt an Chorráin i nGaeltacht Dhún na nGall, Pat The Cope Gallager, i nGaeilge 18% den am agus labhair feisire an pháirtí ó Chill Chainnigh, Liam Aylward, 10% den am. Bhí an bheirt acu níos díograisí ó thaobh na bhfreagraí scríofa a chuir siad faoi bhráid na Parlaiminte óir bhí siad beagnach ar fad i nGaeilge i rith na bliana.

Níor labhair na feisirí seo a leanas aon Ghaeilge sa Pharlaimint anuraidh; Prionsias de Rossa, Gay Mitchell, Mairéad McGuinness, Brian Crowley, Marian Harkin, Nessa Childers, Paul Murphy, Phil Prendergast, Diane Dodds agus Jim Nicholson.

Labhair seisear feisire Gaeilge i bParlaimint na hEorpa in 2011.

Feisire	Nóiméid Ghaeilge	Céatadán Gaeilge
Sean Kelly (FG)	25.40 nóiméad	15%
Jim Higgins (FG)	7 nóiméad	21%
Bairbre de Brún (SF)	5.20 nóiméad	100%
Pat The Cope Gallagher (FF)	5.10 nóiméad	18%
Liam Aylward (FF)	1 nóiméad	10%
Joe Higgins (PS)	50 soicind	10%

Níos lú Gaeilgeoirí i bParlaimint na hEorpa

TÁ níos lú Gaeilgeoirí i bParlaimint na hEorpa faoi láthair ná mar a bhí ag tús 2011. Ó shin i leith, tá triúr le Gaeilge líofa éirithe as an bparlaimint. D'éirigh Proinsias de Rossa ón Lucht Oibre as an bparlaimint ag deireadh 2011 agus bhuaigh Joe Higgins ón bPáirtí Sóisialach suíochán sa Dáil san olltoghchán i mí Feabhra na bliana seo caite. D'éirigh an Gaeilgeoir ba dhíograisí i Strasbourg, Bairbre de Brún, as an bParlaimint ag tús na míosa de bharr "cúiseanna pearsanta". Roghnóidh Sinn Féin comharba d'fheisire an Tuaiscirt ag cruinniú i nDoire san oíche amárach, agus meastar go bpiocfaidh siad Martina Anderson. Chuir cumann áitiúil an pháirtí a hainm chun cinn don vóta amárach. Deir Sinn Féin go bhfuil sí ag foghlaim na Gaeilge agus go bhfuil sí ag glacadh páirte i bhfeachtas Líofa 2015.

Prionsias De Rossa

Gaelscéal

European Newspaper AWARD

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar, *Eagarthóir*, ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin, *Iriseoir*, colm.obroin@gaelsceal.ie

Katie McGreal, *Iriseoir*, katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin, *Oideachais*, scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain, *Spóirt*, grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile, *Comhordaitheoir Táirgíochta*, patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Cúig bliana de stádas oifigiúil ag an nGaeilge san Aontas Eorpach

Tá sé anois cúig bliana ó bronnadh stádas oifigiúil ar an nGaeilge san Aontas Eorpach. Níl an teanga ar chomhchéim leis an 22 teanga oifigiúil eile go fóill, áfach. Aistrítear dlíthe na hEorpa go Gaeilge, ach ní aistrítear treoracha an Chomhphobail go fóill. Leagan na treoracha síos caighdeáin maidir le gnéithe áirithe ach is faoi na ballstáit reachtaíocht nó rialacháin a chuir i bhfeidhm le cloí leo. Sampla de na treoracha ná an Treoir maidir le Gnáthóga, a chur iachall ar an rialtas portaigh a chaomhnú. Iar-Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge é Daithí Mac Cárthaigh, bhí gníomhach i bhfeachtas Stádas agus tá sé anois mar Chomhordaitheoir Dlí agus Gaeilge le hÓstaí an Rí. Deir seisean go bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach go ndéanfaí aistriúchán ar threoracha faoi 2015. Tá moill ar chur i bhfeidhm stádas na Gaeilge toisc go bhfuil ganntanas dlítheangeolaithe cáilithe ann. Ní hí an Ghaeilge an t-aon teanga oifigiúil a bhfuil deachrachtaí aici ó thaobh daoine oilte a aimsiú, áfach. Mar shampla, tá sé ráite ag rannóg Bhéarla Choimisiún na hEorpa go

Jim Higgins i bParlaimint na hEorpa.

bhfuil deacrachtaí acu poist a líonadh de bharr easpa scileanna teanga a bheith ag cainteoirí dhúchais an Bhéarla sa Bhreatain agus in Éirinn.

Níl aon leagan Gaeilge ar fáil de shuíomh idirlín Pharlaimint na hEorpa go dtí seo ach an oiread, an t-aon teanga nach bhfuil ceann aici. Chuir Pat The Cope Gallagher ceist ar Uachtarán na Parlaiminte, Martin Shulz, i mí na Nollag faoin easpa seo ach dúirt Shulz gur faoi Rialtas na hÉireann a bhí sé an t-ábhar a ardú dá dteastódh uathu stádas na Gaeilge a láidriú. Beidh Teachta Dála Fhianna Fáil, Seán Ó Fearghaíl, ag cur ceiste parlaiminte chuig an Aire Gnóthaí Eachtrach, Eamon Gilmore, faoin ábhar an tseachtain seo chugainn. Tá leagan Máltaise den suíomh ann, ach ní aistrítear ráitis Pharlaiminte a dhéanann feisirí san 22 teanga oifigiúil eile go Máltais.

Ainneoin na moille ar stádas comhionann na Gaeilge, tá dul chun cinn maith déanta ag an teanga san Eoraip, dar le Mac Cárthaigh.

"Tá go leor rudaí indíreacha tagtha ón stádas a bronnadh ar an nGaeilge," ar seisean. "Chuir sé go mór le proifíl na Gaeilge agus cheangal sé an teanga le rud nua-aimseartha, idirnáisiúnta."

Bhí buntáistí an don teanga féin chomh maith, dar leis, sa mhéid is gur chuir sé leis an bhfoclóir agus gur éiligh sé caighdeán an-ard ó dhaoine a bhí ag iarraidh cáilíocht a bhaint amach i réimse an aistriúcháin agus na dlítheangeolaíochta.

Is i nGaeilge amháin a labhair Bairbre de Brún sa Pharlaimint.

Roinnt naimhdis don Ghaeilge i bParlaimint na hEorpa

Tá míshástacht faoi stádas oifigiúil na Gaeilge san Aontas Eorpach léirithe ag roinnt feisirí parlaiminte ó bronnadh é in 2007. Rinne iarfheisire Eorpach an Traditional Unionist Voice, Jim Allister, cáineadh ar Bhairbre de Brún in 2009 de bharr gur labhair sí Gaeilge. Dúirt sé go raibh "an teanga mharbh seo" á labhairt aici mar chuid dá "clár fíochmhar Poblachtach." Dúirt Jim Nicholson ón UUP in 2005 gur cur amú airgid a bheadh ann stádas oifigiúil a bhronnadh ar an teanga agus go gcuireadh sé ualach ar riaradh an Aontais Eorpaigh. Rinne sé ionsaí eile ar stádas na teanga in 2008 tar éis don Irish Examiner maíomh a dhéanamh nár labhraíodh Gaeilge ach ar feadh 30 nóiméad sa Pharlaimint in 2007. Níor chuir an nuachtán an méid ama a labhair Bairbre de Brún san áireamh sa suirbhé, áfach. Chuir Nessa Childers, feisire an Lucht Oibre do thoghcheantar an Oirthir, ceist ar Uachtarán na Parlaiminte faoin méid a chaitear ar an nGaeilge san AE in Eanáir 2011. Léirigh sí amhras an raibh fiúntas ag baint leis an "gcostas suntasach" a bhain leis an aistriúchán a dhéantar ar cháipéisí an Aontais Eorpaigh go Gaeilge.

Jim Allister

Jim Nicholson

Nessa Childers

Folúntas

Foras na Gaeilge

FOLÚNTAS

Is mian le Foras na Gaeilge an ceapachán a leanas a dhéanamh. Beidh an post lonnaithe in oifig Fhoras na Gaeilge i nGaoth Dobhair.

> Oifigeach Feidhmiúcháin (Tag OFSSF/0512)

Brúigh ***Folúntais*** ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge **www.gaeilge.ie** le gach eolas faoin bpost seo a fháil.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise. Is de réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above post.

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS
T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha a lua.

SPRIOCDHÁTA
Ní mór foirmeacha comhlánaithe agus sínithe bheith faighte i bhfoirm chóip chrua ag an seoladh thíosluaite roimh 1.00 i.n. Dé hAoine, 08 Meitheamh, 2012.

Poist, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

‘BMI 25’ agus deireadh le tobac!

Ar lean ó leathanach a haon

Dochtúir leighis é James Reilly chomh maith le bheith ina pholaiteoir.

Tá sé ina imní le fada go mbeidh bille an-trom ar an Státchiste sa tír seo amach anseo de bharr go mbeidh an céatadán daoine os cionn 65 ag méadú go suntasach.

Cheana féin tá an córas “Fair Deal” ag cliseadh.

Seo é an córas nua a thug an t-iarAire Sláinte, Mary Harney, isteach in 2009. Faoi théarmaí na scéime seo íocann duine a théann isteach i dTeach Altranais 5% dá chuid/cuid achmhainní isteach sa gciste in aghaidh na bliana agus íocann an Stát an chuid eile.

Mura bhfuil acmhainní ag an duine a théann isteach íocann an Stát an chuid is mó den chostas ach caitear an chuid is mo den phinsean Stáit a thabhairt ar lámh don Teach Altranais.

Socraíodh gur thart ar €900 sa tseachtain an costas a bheadh ar áit i dTeach Altranais nuair a tugadh isteach an scéim seo - an “Fair Deal”.

Mheabhraigh an Dr Micheál Ó Cathasaigh don Aire Sláinte i gCarna Dé Sathairn nach bhfuil mórán sásaimh sa scéim “Fair Deal” anois.

Tá fanacht fada ann go minic sula mbíonn an obair pháipéir réitithe. Ansin má théann duine sa Teach Altranais ní cheadaítear an íocaíocht nó go mbíonn an páipéarachas réitithe. Dá réir sin, d’fhéadfadh duine a bheith istigh ar feadh píosa maith agus billí móra le n-íoc aige féin, nó a theaghlach sula dtagann an scéim Stáit i gcabhair air - má tá siad in acmhainn an bille sin a íoc.

Dúirt an tAire Sláinte i gCarna, áit a raibh sé ag oscailt Ionad Cónaithe Cabhrach do dhaoine aosta, go mbeidh an scrúdú ar an scéim “Fair Deal” críochnaithe roimh dheireadh na bliana seo. Beidh sé ag súil le cúpla tuairisc faoi ón grúpa atá i mbun staidéir idir an dá linn.

Tá tuairimíocht ann go n-ardófar go suntasach an lear airgid a bhainfear as acmhainní an té atá ag dul isteach i dTeach Altranais amach anseo. 15% thar thréimhse 3 bliana an rud is mo a bhainfear de dhaoine faoi láthair; d’fhéadfadh sé sin ardú go dtí 20% nó 25% agus beidh sin ina ceist mhór.

Murar féidir an t-airgead sin a íoc as lámh - agus ní minic gur féidir - fágfar an bille nó go bhfaighidh duine bás agus beidh sé le n-íoc as luach na maoine a bheidh fágtha ina dhiaidh.

Mar dhrioball ar an scéal, baineann an B.M.I. le cúrsaí meáchain - an coibhneas idir an básta agus airde agus déanamh colainne.

Cé nár phlé an Dr Reilly é seo, tá ceisteanna curtha go minic faoin mbunús atá leis an tslat tomhais sin. Mar shampla, bheadh roinnt imreoirí ar fhoireann rugbaí na hÉireann comhartha sa rannóg “an-ramhar” dá gcoinneofaí leis an tomhas B.M.I. Cuireann an toirt cholainne atá iontu an BMI go hard os cionn 25, cé nach geir ná slabar feola atá ann!

Buaiteoirí Chomórtas Amhránaíochta na nÓg a bhí mar chuid d’Fhéile Joe Éinniú i gCarna le déanaí. Bhí caighdeán iontach maith ag an gcomórtas sna 4 chatagóir éagsúla. Ba í Damhnait Ní Fhátharta an duine ab óige sa chomórtas ag 6 bhliain d’aois. Buaiteoirí Faoi 9: Caroline Ní Fhlatharta, Ciara Ní Dhuinshléibhe agus Róisín Ní Shúilleabháin. Buaiteoirí Faoi 12: Áine de Búrca, Orla Ní Dhuinnshléibhe agus Iona Ní Allarbháin. Buaiteoirí Faoi 15: Rónán Ó Conghaile, Caroline Ní Chonaire agus Mary Ellen Ní Fhlatharta. Buaiteoir Faoi 18: Ann Marie Ní Fhatharta. Buaiteoir Chorn Joe Éinniú: Rónán Ó Conghaile. PIC: KNUT UTLER

Tacaíocht méadaithe do bhailiúchán náisiúnta Fhianna Fáil

Máirtín Ó Catháin

TUAIRISCÍTEAR gur éirigh i bhfad níos fearr le bailiúchán náisiúnta bliantúil Fhianna Fáil i gcuid mhaith áiteacha san iarthar an deireadh seachtaine seo caite ná mar a d’éirigh leis le cúpla bliain roimhe seo. Bailíodh €800 i dTuaim agus sin dúbailt ar an méid a bailíodh ann anuraidh. Tuairiscítear freisin gur dúblaíodh an méid airgid a bailíodh i mbaile mór an Chlocháin.

Dúirt Mary Corbett-Joyce, ball de Choiste Náisiúnta Fhianna Fáil as an gClochán, nach raibh an naimhdeas don pháirtí a bhí le tabhairt faoi deara le cúpla bliain ann i mbliana. “Caitheadh go maith leis an dream a bhí ag bailiú an airgid tar éis na nAifreann,” a dúirt sí.

Dúirt duine a bhí ag bailiú in oirthear na Gaillimhe gur thug go leor daoine sóinseáil bheag dóibh rud, a deir sé, a thug anugach dóibh. “Ní hé an lear airgid uilig is tábhachtaí,” ar seisean, “ach go mbeadh fonn ar dhaoine lámh a chur ina bpóca ar mhaithe le Fianna Fáil.”

Dúradh gur éirigh maith go leor le daoine a bhí ag bailiú ag cuid de na séipéil mhóra i gcathair na Gaillimhe, ar nós Cnoc na Cathrach, Muirbheach, an Baile Bán agus Bóthar na Trá. Idir 15% agus 20% de mhéadú a bhí ar an mbailiúchán sa gcathair i gcomórtas leis an mbliain anuraidh, a dúradh.

Taobh amuigh de gheataí séipéil a dhéanann Fianna Fáil an bailiúchán náisiúnta go hiondúil ach ní bhactar leis an gcóras sin i ndeisceart Chonamara. Dúirt Nioclás Ó Conchubhair go gcuirtear clúdaí litreach amach chuig na baill agus gur ar an gcaoi sin a dhéantar an bailiúchán. Bhíothas ag fanacht go dtiocfadh na clúdaí sin ar ais agus é seo á scríobh.

Fine Gael ag athrú dathanna!

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil go bhfuil páirtí Fhine Gael ag cúlú ón dath gorm. Dath uaine atá ar na póstaeirí atá curtha amach ag an bpáirtí sa bhfeachtas Reifrinn. Is cosúil go gceapann formhór na ndaoine, ar an gcéad amharc, gurb é póstaer Fhianna Fáil é.

Tuigtear dúinn gur “grúpa fócais” sa bpáirtí a rinne an socrú faoin gcineál póstaeir a chuirfeadh Fine Gael amach an iarraidh seo. Níl a fhios go barainneach cén t-údar atá leis an athrú dath. Chuir muid ceist ar lucht an fheachtais i bhFine Gael ach ní raibh aon fhreagra ar ais againn agus muid ag scríobh.

D’fhiafraigh muid don Chomhairleoir Eileen Mannion, Fine Gael, i gConamara céard a ceap sise don phóstaer agus dúirt sí nach raibh aon imní uirthi faoin dath a bhí ar. “Nach é an dath náisiúnta é,” a dúirt sí. “Nach é an dath uaine a bheidh orainn ag dul don Pholainn chuig an gComórtas mór sacair.”

Dúirt an Teachta Dála Seán Kyne i nGaillimh Thiar go gcreideann sé féin go bhfuil an póstaer feiceálach agus go dtugann sé teachtaireacht soiléir don phobal.

Dúirt foinsí i bhFianna Fáil gur shíl cuid acusan gurb é an póstaer sin acu féin a bhí crochta freisin nuair a chonaiceadar póstaer Fhine Gael. “Bydad, ach tá ainm pháirtí Fhine Gael anbheag go deo ann,” a dúirt ball amháin d’Fhianna Fáil.

Tá siad siúd a dhéanann léamh domhain ar ábhar mar seo a cheapadh go bhfuil níos mo i gceist ann ná dath éicínt a phiocadh amach as leabhar dathanna. Tá léamh amháin air i bhFianna Fáil gur iarracht é le páirtí Fhine Gael a dhealú amach roinnt ó bheith bainteach go feiceálach le feachtas a d’fhágfadh cruatan ar dhaoine amach anseo. “Thabharfadh na póstaeirí le fios go bhfuil Fianna Fáil i mbun feachtais as éadan ar mhaithe leis an gConradh Fioscach a chur i bhfeidhm,” a dúirt an té seo.

Oifigigh nua ar Chumann na Gaeilge i mBostún

Máirtín Ó Catháin

TOGHADH Maidhc Newell, as Ros Cíde i Ros Muc ó dhúchas, ina chathaoirleach nua ar Chumann na Gaeilge i mBostún arú aréir.

Toghadh Bernadette Nic Con Iomaire, as Casla i gConamara ó dhúchas, ina leaschathaoirleach. Bhí Peige Ní Chlochartaigh as Loch Con Aortha i gCill Chiaráin ó dhúchas, ina cathaoirleach ar Chumann na Gaeilge sa gcathair le breis agus 20 bliain. Tugadh ceann de ghradaim onóracha an nuachtáin “The Irish Echo” di trí bliana ó shin, mar aitheantas ar an obair atá déanta aice ag cur na Gaeilge agus chultúr na hÉireann chun cinn i Meiriceá.

Chuaigh Maidhc Newell, an cathaoirleach nua ar an gCumann i mBostún go Meiriceá in 1979. Bhí sé in Arm Mheiriceá idir 1981 agus 1985 agus bhain sé céim Sáirsinte amach sna ‘Marines’. Tá sé ag obair i seirbhísí poist na Stáit Aontaithe.

D’fhreastal Maidhc ar Choláiste Éinne i nGaillimh sna 1970óidí agus bhain sé céim amach sa mBéarla agus sa Spáinnis in Ollscoil Mhassachusetts tar éis dó a thréimhse Airm a chríochnú i Meiriceá. Múineann sé Gaeilge i ranganna atá eagraithe ag Cumann na Gaeilge i mBostún. Bhuaigh Maidhc an chéad áit san amhránaíocht ar an sean-nós san Oireachtas a bhí ar bun i Toronto i gCeanada anuraidh agus tháinig sé anall le bheith páirteach sna comórtais sean-nóis ag an Oireachtas anseo.

As Casla í an leaschathaoirleach nua ar an gCumann, sin í Bernadette Nic Con Iomaire. Bhí Bernadette ina múinteoir i scoil lánGhaelach i dTamhlacht i mBaile Átha Cliath ar feadh tamaill sular athraigh sí cúrsa. Chuaigh sí go Sasana ag obair le comhlacht bogearraí ríomhaireachta agus tar éis tamaill ceapadh í mar ionadaí an chomhlachta sin sna Státaí ar chósta thoir Mheiriceá agus Cheanada.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

€350 milliún le spáráil do bhochtáin na Saiheile?

D'FHÓGAIR na Náisiún Aontaithe i mí Feabhra go raibh siad ag lorg $725 milliún chun cúnamh a chur a fáil do dhaoine i gceantar na Saiheile san Afraic atá ag fulaingt de bharr ocrais. Níor éirigh leo an méid seo a fháil ó thíortha timpeall na cruinne go fóill - dúirt siad an tseachtain seo caite go bhfuil $450 milliún (€350 milliún) fós le haimsiú.

Don tríú huair le deich mbliana anuas, tá triomach sa Saiheil agus tá an ceann is déanaí ag cur isteach ar 15 milliún duine i Mailí, Buircíne Fasó, an Nígir, Sead, an Mháratáin, Camarún, an Nigéir agus an tSeineagáil. Dúirt Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki Moon, go bhfuair 200,000 páiste bás sa cheantar anuaraidh de bharr drochchothaithe agus go bhfuil milliún eile i mbaol i mbliana.

Tá os cionn trí mhilliún duine sa Nígir gann ar bhia. Tír ó thuaidh den Nigéir is ea an Nígir, agus is beag eolais atá ag daoine sa domhan saibhir fúithi. Níl leagan Gaeilge den tír le fáil ar focal.ie fiú, bhí ar an gcolún seo dul i muinín Vicipéide chun é a aimsiú. Tá cogaíocht i Mailí ag cur isteach ar an tír chomh maith, óir tá 35,000 teifeach ón tír sin boghta ann.

Tá an Nígir san 186ú áit as an 187 tír ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na Náisiún Aontaithe, innéacs a mheasann fad saoil, litearthacht, oideachais agus caighdeán maireachtála. An meánioncaim bliantúil atá ann ná $399, nó €310, de réir an IMF.

Cén bhaint atá aige seo le polaitíocht na hÉireann? Cosúil leis an ngéarchéim bhia in oirthear na hAfraice anuraidh, ní chuirfeadh sé go mór le hualach airgeadaíochta na tíre íoc as an gcúnamh ar fad atá de dhíth ó dhaoine sa Nígir agus sa Saiheil ar fad. €350 milliún chun tarrtháil a dhéanamh ar roinnt de na daoine is boichte ar domhan i gcomparáid leis an €62,000 milliún atá íoctha againn (go dtí seo) le roinnt de na daoine is saibhre ar domhan, sealbhóirí bhannaí na mbanc. Is léir go bhfuil lúb ar lár anseo. Is léir freisin go bhfuil an córas airgeadaíochta domhanda fíorleochaileach más féidir leis titim as a chéile má théann banc nó dhó as gnó.

Tá os cionn trí mhilliún duine gann ar bhia san Nígir de réir na Náisiún Aontaithe.
GRIANGHRAF:LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

An mbeidh an Sindo níos báúla don Ghaeilge?

NÍL aon dabht ach go bhfuil an Irish Independent níos báúla don Ghaeilge ná mar a bhí. Tráth dá raibh ní raibh ach trí scéal sa nuachtán faoin nGaeilge; 1. Tá an Ghaeilge marbh/ag fáil báis, 2. Caitear an-iomarca airgid ar an nGaeilge agus 3. Is bac í an Ghaeilge ar dhul chun cinn an chine daonna. Tá an-athrú tagtha ar chúrsaí le blianta beaga anuas, go háirithe ó chuireadh an nuachtán ar fáil saor in aisce le Foinse ar an gCéadaoin. Céard faoin Sunday Independent, áfach? Go traidisiúnta bhí an nuachtán thar a bheith naimhdeach don Ghaeilge, go háirithe colúnaithe ar nós Emer Kelly, Eilis O'Hanlon agus Declan Lynch. Scríobh beirt Ghaeilgeoirí ailt don Sindo le roinnt blianta anuas áfach, Marc Coleman agus Concubhar Ó Liatháin, ach an bhfuil seans ann go mbeidh an páipéar níos báúla fós don teanga amach anseo? Bhuel, tá an ruaig curtha ag Denis O'Brien ar Gavin O'Reilly ó Independent News and Media agus smacht nach mór faighte aige ar an gcomhlacht. Dealraíonn sé go cuireann O'Brien a pháistí chuig bunscoil lánGhaeilge, Scoil Bhríde i Raghnallach, Baile Átha Cliath, mar sin is cosúil gur féidir linn glacadh leis nach bhfuil sé in aghaidh na Gaeilge ar aon chaoi!

Denis O'Brien - Báúil don Ghaeilge? GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

'12 D MATHEWS-RULES'

AG freagairt ceiste ó Peter Mathews (FG, Baile Átha Cliath Theas) an tseachtain seo caite, dúirt an tAire Airgeadais, Michael Noonan, nach raibh sé i gceist aige plátaí clárúcháin phearsanta d'fheithiclí a cheadú amach anseo.

Díosal Glas le fanacht

THUG an tAire Noonan le fios chomh maith nach raibh aon phlean ann fáil réidh le díosal glas. Seo díosal a cheannaíonn feirmeoirí ar chostas níos ísle ná gnáthdhíosal bán. Cuirtear an dath leis chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus díosal do charranna ach cothaítear fadhb chomhshaoil nuair a úsáideann coirpigh ceimicí nimhneacha chun na dath a bhaint as. Dúirt an tAire Airgeadais go gcothófaí fadhbanna eile dá bhfaighfí réidh leis an idirdhealú agus dá n-íocfaí airgead ar ais chuig feirmeoirí níos déanaí. Dar leis, chothódh sé go leor oibre riaracháin do na feirmeoirí agus do na Coimisinéirí Ioncaim bheadh sé éasca go leor caimiléireachta a dhéanamh ar chóras nua dá leithéid. Mar sin beidh díosal glas in úsáid amach anseo.

Scéim Chónaithe

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

‘Cinneadh cróga atá ann páistí a thógáil le Gaeilge’

Labhair **Colm Ó Broin** le Príomhfheidhmeannach Chomhluadar, **Feargal Ó Cuilinn**, faoi na dúshláin a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge. Beidh an t-agallamh físe ar fad ar **www.gaelsceal.ie** an tseachtain seo chugainn.

C: Má tá tuismitheoir ag machnamh ar a bpáistí a thógáil le Gaeilge, céard iad na rudaí ginearálta ar cheart dóibh a chur san áireamh?
F: Ar an gcéad dul síos, agus tá sé tábhachtach go smaoiníonn daoine air seo, is cinneadh an-phearsanta é cibé teanga a labhraíonn tú le do pháistí. Molann muid do thuismitheoirí atá ag smaoineamh faoin ngníomh seo a dhéanamh, gurbh fhiú plean a chur le chéile, go mór-mór más daoine iad nach bhfuil Gaeilge acu ó dhúchas, gurbh fhiú pleanáil a dhéanamh ar conas atá siad chun an nósmhaireacht teanga atá acu siúd a athrú. Tá sé deacair uaireanta ar an tuismitheoir aonair, b'fhéidir tuismitheoir nua, a bheith istigh sa bhaile le leanbh nach bhfuil chun iad a fhreagairt, dul i dtaithí a nguth féin a chloisint ag labhairt os ard i nGaeilge. Mar sin, is gá pleanáil dá réir lena chinntiú go bhfuil téarmaí agat, go bhfuil foclaíocht agat go mór mór don chéad chúpla mí de shaol an linbh, am a d’fhéadfadh a bheith beagáinín uaigneach do thuismitheoir nua.

C: Cén caighdeán Gaeilge atá ag teastáil chun páistí a thógáil sa teanga?
F: Tá sé deacair é sin a rá mar nach córas póilíneachta teanga muid. Níl aon dabht, má tá tú ag iarraidh go mbeadh líofacht cheart ag do pháiste go mbeadh líofacht áirithe agat féin, ach ní chiallaíonn sé sin nach féidir leat tús a chur leis dá mba rud é go bhfuil do chuid Gaeilge meirgeach nó nach bhfuil tú rómhuiníneach as do chuid Gaeilge, is féidir freastal ar ranganna chun í a fheabhsú, ach chomh maith leis sin is féidir am a chaitheamh i gcomhluadar tuismitheoirí arb í an Ghaeilge an teanga baile. Tá áiseanna foghlamtha agus feabhais ar fáil go forleathan anois chun cúnamh a thabairt do th smitheoirí.

C: Céard iad na dúshláin is mó atá ag tuismitheoirí ó thaobh na Gaeilge de?
F: Ceann de na rudaí is mó a thagann chun cinn, go mór mór dóibh siúd nach cainteoirí dúchais iad, ná an easpa foclaíochta don rud a ghlaonn muid 'téarmaí an ghrá'. Tuismitheoirí nach bhfuil an taithí sin acu ag labhairt Gaeilge le páistí óga - a stóirín, a ghrá mo chroí, a thaisce – téarmaí atá ag cainteoirí ó dhúchais agus iad siúd a tógadh le Gaeilge go nádúrtha, uaireanta ní bhíonn siad acu, braitheann siad an-mhíchompordach á n-úsáid. Seans gur tógadh iad féin le Béarla agus go bhfuil téarmaí acu a d'úsáid a máithreacha fhéin agus go dteastaíonn uathu na téarmaí sin a úsáid arís. Cruthaíonn sé sin deacracht ach is deacracht é is féidir a shárú.

Tá sé an-tábhacht go mbuailfeadh páistí le páistí eile a labhraíonn Gaeilge dar le Comhluadar.

C: Cad iad na háiseanna atá ann do thuismitheoirí atá ag iarraidh an dlaoi mhullaigh a chur ar a gcuid Gaeilge?
F: Go minic is ceist muiníne é ag na tuismitheoirí i gcaighdeán a gcuid Gaeilge féin. Ceapann siad nach bhfuil sé maith a dhóthain, ceapann siad nach bhfuil siad líofa a dhóthain, ach idir an córas oideachais, an Ghaeilge a bheith á labhairt sa bhaile, na háiseanna agus na cleasanna simplí a mholann muidne do thuismitheoirí – úsáid a bhaint as na meáin Ghaeilge, na meáin leictreonacha Gaeilge, stáisiúin raidió, is féidir trí chleachtadh agus trí Gaeilge a úsáid de shíor, gach lá, feabhas a theacht ar do chuid Gaeilge. Más gá dul ar thóir foclóra chun focal a aimsiú ná bíodh aon bhuairt ar éinne é sin a dhéanamh. Is cinneadh anchróga é do nósmhaireacht teanga baile a athrú, is gá go mbeadh daoine ag tacú leat chun an cinneadh sin a bhaint amach.

Ceann de na rudaí is mó a thagann chun cinn, go mór mór dóibh siúd nach cainteoirí dúchais iad, ná an easpa foclaíochta don rud a ghlaonn muid 'téarmaí an ghrá'. Tuismitheoirí nach bhfuil an taithí sin acu ag labhairt Gaeilge le páistí óga - a stóirín, a ghrá mo chroí, a thaisce – téarmaí atá ag cainteoirí ó dhúchais agus iad siúd a tógadh le Gaeilge go nádúrtha, uaireanta ní bhíonn siad acu, braitheann siad an-mhíchompordach á n-úsáid.

C: An labhróidh na páistí Gaeilge ar ais leis na tuismitheoirí?
F: Go minic an rud a tharlaíonn ná go bhfreagraíonn na páistí i mBéarla, agus arís ní drochrud é sin i ndáiríre. Le blianta fada anuas an rud a bhí á chloisteáil agat, go mór mór sa Ghaeltacht, ná 'níor labhair mé Gaeilge leo sa bhaile lena chinntiú go mbeadh Béarla acu’. Níl aon dabht sa saol seo ach go mbeidh Béarla ag gach páiste a bheirtear sa tír seo is cuma cén teanga atá á labhairt sa bhaile, agus dá bhrí sin bheadh muidne i gcónaí ag moladh, má tá Gaeilge agat, nó fiú má tá Gaeilge ag tuismitheoir amháin go labhródh an tuismitheoir sin Gaeilge leis na páistí an t-am ar fad. Tarlaíonn sé níos minice leis an dara leanbh, agus ní diúltú atá ann an Ghaeilge a labhairt, ach toisc go dtuigeann an páiste go bhfuil Gaeilge agus Béarla ar a dtoil ag an tuismitheoir sa chéad chúpla bliain agus an teanga á forbairt, mar don leanbh ní thuigeann siad gur Béarla nó Gaeilge atá ann, níl ann ach cumarsáid le Mamaí nó Daidí, só, má tá Daidí ag labhairt i nGaeilge agus freagraíonn an páiste i mBéarla is comhrá atá ag dul ar aghaidh. Nuair a éiríonn an páiste beagáinín níos sine tagann an tuiscint sin go labhraíonn tú Gaeilge le tuismitheoir amháin, nó Gaeilge le seantuismitheoirí ar thaobh amháin agus Béarla le tuismitheoir eile. Ní cúis díomá é d'aon tuismitheoir go bhfreagródh na páistí i mBéarla má labhraíonn siad leo i nGaeilge.

C: Nuair a thuigeann na páistí go bhfuil Béarla ag na tuismitheoirí cén saghas cur chuige a mholann sibh ó thaobh na teanga a spreagadh sna páistí?
F: Ceann de na rudaí a fhoghlaimíonn an leanbh dátheangach ná go labhraíonn tú teanga éagsúil le daoine éagsúla. Tarlaíonn sé sin thart ar aois a sé, go mór mór más teaghlach é ina bhfuil Béarla agus Gaeilge á labhairt go comhionann. Tuigeann siad, mar shampla, go labhraíonn tú Gaeilge le Mamaí agus Béarla le Daidí, sin mar a tharlaíonn sé go nádúrtha. Agus iad ag éirí níos sine tá sé ríthábhachtach go mbeadh an rud a nglaoitear sóisialú teanga ar bun, is é sin deis a bheith ag na páistí ní amháin an Ghaeilge a labhairt ach í a chloisteáil óna gcomhaoisigh i ngnáthshuíomh nádúrtha lasmuigh den seomra ranga.

C: Ar cheart do na tuismitheoirí iarraidh ar na páistí Gaeilge a labhairt nó an rogha a fhágáil acu féin?
F: Tá cúpla meon faoin gceist seo agus arís braitheann sé ar an mbunús teangeolaíochta atá sa teach. Más Gaeilge agus Béarla a bhíonn á labhairt sa teach níl aon dabht ann nuair shroicheann na páistí na déaga go mbíonn meascán den dá rud á úsáid acu. Tarlaíonn sé go minic nuair a bhíonn líofacht bhreá ag na páistí go roghnaíonn siad an teanga chumarsáide ag braith ar cén áit ina bhfuil siad. Má tá cairde timpeall na háite, má tá siad amuigh faoin aer, má tá siad san ionad siopadóireach-

Tá Comhluadar tosaithe ar imeachtaí a eagrú do dhéagóirí a tógadh le Gaeilge.

Príomhfheidhmeanach Chomhluadar Teo, Feargal Ó Cuilinn.

ta seans go dteastaíonn uathu gan Ghaeilge a labhairt. Ag an staid sin tá an líofacht Ghaeilge acu agus tá siad chun an cinneadh a dhéanamh iad fhéin cén luach a chuireann siad ar an teanga. Go pearsanta bheinn ag moladh go ligfí do na páistí an cinneadh a dhéanamh, sin mar a tharlaíonn le mo pháistí féin, agus níl aon deacracht ann i ndáiríre agus go hiondúil labhraíonn siad Gaeilge liomsa.

C: Má tá an chlann ar fad sa seomra suite agus deir tuismitheoir amháin rud i mBéarla cén chaoi ar féidir leis an tuismitheoir eile a bheith i mbun comhrá leo má tá siad ag iarraidh cloí leis an nGaeilge?
F: Filleann sé seo ar an gcéad cheist faoi conas a thugann tú faoin rud, agus ceann de na rudaí a luaitear go sonrach sa treoirleabhar atá againn do thuismitheoirí ná gur gá a chinntiú go bhfuil aontas do pháirtnéir taobh thiar den chinneadh seo. Go hiondúil más daoine iad atá imithe tríd an gcóras oideachais bíonn líofacht de shaghas éigin acu agus beidh tuiscint éigin acu ar an gcomhrá atá ag dul ar aghaidh. Fad is go bhfuil an cinneadh déanta acu beirt níor chóir go gcruthódh sé deacracht. Tá teaghlaigh ann agus an rud a fheictear dúinne níos minicí ná aon rud eile ná go mbíonn an tuismitheoir nach bhfuil Gaeilge acu ó thús ama ag foghlaim na Gaeilge leis na páistí ar an mbealach.

C: Cén tionchar a bhíonn ag gaolta ar an teaghlach?
F: Má bhíonn ócáidí sóisialta ann don mhórchlann beidh tusa mar an tuismitheoir le Gaeilge ag tabhairt cuireadh don Bhéarla a theacht isteach sa teach. Tá sé deacair an seasamh a ghlacadh ag an ócáid sin go bhfuil tú chun Gaeilge a labhairt le do pháistí ach b'fhiú cloí leis. Tá na buntáistí a bhaineann leis i bhfad Éireann níos éifeachtaí agus níos fearr ná géilleadh, má thuigeann tú mé. Ní le drochmheas atá sé á dhéanamh agus ba chóir go dtuigfeadh an teaghlach níos leithne go bhfuil an cinneadh atá déanta ag an tuismitheoir fíorthábhachtach, ní amháin don tuismitheoir ach do na leanaí chomh maith.

C: Cén tionchar a bhíonn ag an bpobal i gcoitinne ar an teaghlach?
F: Cé go mbreathnaíonn daoine orthu siúd atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge mar eisceacht, go mór mór lasmuigh den Ghaeltacht, tá líon na dteaghlach sin ag fás an t-am ar fad agus tá i bhfad níos mó Gaeilge le cloisteáil ar aon nós, agus a fhad is nach bhfuil siad ag cur ina gcoinne go fíochmhar níor cheart go gcruthódh sé deacracht. Filleann sé ar an tuiscint atá ag an bpáiste go bhfuil Gaeilge agus Béarla amuigh ansin agus tarlaíonn sé gur Gaeilge an teanga baile atá acu.

C: An bhfuil dearcadh an phobail i leith daoine a thógann a bpáistí le Gaeilge níos báúla ná mar a bhí?
F: Chun an cheist sin a fhreagairt caithfidh mé labhairt faoi mo thaithí féin mar dhuine a tógadh le Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Níl aon amhras ach gur bhraith roinnt mhaith de na comharsan go rabhamar ait, nó aisteach nó bhí rud éigin fúinn. Ceapaim go bhfuil sé sin athraithe go mór agus tá anachuid cúiseanna leis. Bhí tionchar ag leithéidí de TG4 agus fás na nGaelscoileanna air sin agus tá an Ghaeilge níos feiceálaí anois. Tá níos mó daoine tar éis 'bualadh' leis an nGaeilge ar shlí amháin nó ar shlí eile, fiú mura bhfuil siad chun an teanga a labhairt iad féin. Mar sin, ní dóigh liom go bhfeictear na teaghlaigh Ghaelacha mar dhaoine aite. Baineann sé le féiniúlacht an duine fhéin a dhéanann an cinneadh sin, agus le bheith faireáilte, caithfidh mé a rá gur iondúil gur daoine láidre iad siúd a dhéanann an cinneadh an Ghaeilge a labhairt mar theanga an bhaile agus cloíonn siad leis.

C: Cén tábhacht atá le grúpaí tachráin, grúpaí spraoi agus na himeachtaí a eagraíonn Comhluadar?
F: Bheinnse ag rá go bhfuil siad fíorthábhachtach. Tugann na grúpaí tuistí agus leanaí deis dóibh bualadh le chéile, díreach mar a tharlaíonn i mBéarla, an taithí atá acu a roinnt, uair go leith a fháil taobh amuigh den teach, cupán tae nó caife agus brioscaí a bheith acu. Is rud annádúrtha agus simplí é ach cuireann sé go mór le sóisialú teanga an pháiste. Go minic den chéad uair buaileann an páiste óg seo le páistí eile a bhfuil Gaeilge acu.

C: Cén dearcadh i leith na Gaeilge atá ag daoine a d'fhreastal ar imeachtaí Chomhluadar agus iad níos óige?
F: Bhí an chéad ghrúpa páistí ag imeacht ó Chomhluadar nuair a thosaigh mise leis an eagraíocht agus táim tar éis bualadh leo agus iad anois ag freastal ar an ollscoil nó mar sin de, agus ní féidir liom ach a rá ach go bhfuil dearcadh dearfach acu ar an nGaeilge. Formhór acu a mbuailimse leo nó a gcloisim fúthu, tá ról lárnach ag an nGaeilge ina saol acu agus bheinnse dóchasach go bhfuil siadsan chun a bpáistí a thógaint le Gaeilge mar b'shin an nósmhaireacht a bunaíodh iontu.

Picnic Náisiúnta Chomhluadar

BEIDH picnicí spraíúla ar siúl ar fud na tíre Dé Domhnaigh, 27 Bealtaine 2012.Tá An Phicnic Náisiúnta seo á heagrú ag Comhluadar, eagraíocht tacaíochta do thuismitheoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí.

Beidh an phicnic náisiúnta seo ina deis do thuismitheoirí a theacht le chéile go neamhfhoirmeálta ag imeacht trí Ghaeilge agus taitneamh a bhaint as cluichí agus scéalaíocht. Beidh an phríomhphicnic ar siúl i bPáirc Naomh Éanna, Ráth Fearnáin i mBaile Átha Cliath chomh maith le picnicí eile timpeall na tíre, Leitir Ceanainn, An Longfort, Maigh Eo agus Doire ina measc.

Beidh deis ag grúpaí ar fud na tíre a bpicnic féin a eagrú agus í a chlárú le Comhluadar.

Tá pacáiste áiseanna ar fáil do gach grúpa a chláraíonn picnic le Comhluadar.

Tá Comhluadar an-sásta go mbeidh Keoghs Hand Cooked Crisps ag déanamh urraíochta ar an ócáid agus tá siad ag tnúth go mbeidh An Phicnic Náisiúnta ina hócáid bhliantúil.

Tá fáilte roimh gach duine a theacht go dtí an Phicnic Náisiúnta nó a bpicnic féin a eagrú agus is féidir níos mó eolais a fháil ar www.comhluadar.ie nó is féidir glaoch a chur ar (01) 4789191.

Scéim

NORTHERN IRELAND screen

Scéim Oiliúna

Tá an Ciste Craoltóireachta Gaeilge ag lorg iarratais ó chainteoirí Ghaeilge don scéim oiliúna i scileanna léiriúcháin don teilifís.

I rith na scéime lánaimseartha (Meán Fómhair 2012– Lúnasa 2013), beidh na hoiliúnaithe ag foghlaim na ceirde agus iad ar shocrúcháin le comhlachtaí léiriúcháin teilifíse.

Caithfidh na hoiliúnaithe a bheith líofa sa Ghaeilge. Bheadh cáilíocht tríú leibhéal inmhianaithe go háirithe sna hábhair seo a leanas: na meáin chumarsáide, an Ghaeilge, cuntasaíocht, staidéar gnó, dlí.

Is deis iontach í seo dul le tionscal a bhfuil deiseanna fostaíochta den scoth ann.

Chun pacáiste iarratais a fháil déan teagmháil le do thoil le:

Bríd Falconer, Scáileáin Thuaisceart Éireann, 21 Sráid Alfred, Béal Feirste BT2 8ED

Teil: 028 90 232444

Láithreán Gréasáin: www.northernirelandscreen.co.uk

Ríomhphost: Brid@northernirelandscreen.co.uk

Spriocdháta: 5.00 Dé hAoine an 25ú Bealtaine

Is fostóir comhdheiseanna é Northern Ireland Screen.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

'Sluasmaoineamh', céim amháin ar shiúil ó bhiogóideacht

UAIREANTA, ar na meáin shóisialta, tarlaíonn rud éigean aisteach. Mar a tharlaíodh fadó sa Róimh ársa agus duine ar a bhealach chuig an bhFóram.

An tseachtain seo, sheol Déaglán de Bréadún achainí ar 'twitter' agus é ag lorg aistriúcháin Ghaeilge ar an bhfocal 'Groupthink' a bhí i mbéal an phobail an tseachtain seo caite.

Is cuimhin liom focal 'sluasmaoineamh' ó laethanta m'óige níos óige agus mé ag déanamh staidéir ar dhánta Sheáin Uí Ríordáin, go háirithe 'Saoirse'.

(Mar a tharlaíonn sé, níl 'sluasmaoineamh' in 'Saoirse cé go bhfuil 'scilling smaointe', 'mac smaointe' agus 'conairt smaointe'.)

Ar aon nós, bhí go leor moltaí eile - racht smaoineamh ó dhuine amháin, 'smaointeoireacht droinge' ó ghiolcaire eile.

Agus ansan in Irish Times ar an Déardaoin, bhí ceannlíne ar cholún Alan Titley, 'Grúptinc'.

Ana ghlic gan amhras. Sa cholún féin, thagair sé do 'slua-mhachnamh'.

Dhá thaobh den scéal? : Saighdiúirí Iosraelach – ionsaitheoirí nó cosantóirí?

Níl a fhios agam faoi sin.

Ní dóigh liom go mbíonn aon mhachnamh i gceist nuair a bhíonn 'grúp-tinc' ar siúl. Tagann an smaoineamh ó bhall eile den chorp, seachas ón gceann.

Ní thagann sé ón gcroí ach an oiread, dealraíonn sé domsa.

Tá go leor den ghrúptinc seo ag titim amach in Éirinn, ní amháin in RTÉ. Go deimhin éascaíonn leithéidí 'twitter' é mar gur féidir le duine a bheith ar aon eolas faoin sluasmaoineamh go han-tapaidh ar fad.

I saol na Gaeilge, feicim é ag titim amach. Is beag spáis atá ann do thuairimíocht taobh amuigh den 'sluasmaoineamh'.

Más suim leat bheith i do Ghael fíorGhaelach, bíonn ort a bheith id' thacadóir dílis d'Acht na dTeangacha Oifigiúla', d'Éamon Ó Cuív, nó 'an tAire Gaeltachta is Fearr Riamh' mar a bhaist sean 'Foinse' air, id' Shinn Féineach go smior ar ndóigh.

Nach iad SF an t-aon pháirtí a 'sheasann suas' don Ghaeilge? (Ná cuir an cheist sin ar na páistí ó Dhún Phádraig a dhiúltaigh Aire Oideachais SF tacaíocht dóibh freastal ar Choláiste Feirste!)

Sheas mise taobh amuigh den 'sluasmaoineamh' le déanaí chun tacú le Dervish dul go hIosrael.

Mhothaigh mé - agus mothaím go fóill - nár cheart cur isteach orthu seinnt pé áit ba mhian leo.

Anuas air sin, mothaím nach dtugtar cothrom na Féinne d'Iosrael in Éirinn mar gheall ar chomh glórmhar is atá lucht tacaíochta na bPalaistíneach.

Nílim ar son bhrúidiúlacht Iosrael ar an bpobal Palaistíneach - ach nílim ar son imeallú Iosrael ach an oiread.

Cén tairbhe atá le baint as an bhfuath is an bhiogóideacht a léirítear i gcoinne Iosrael sa tír seo - an gcuidíonn sé in aon slí leis an ghnáth-chosmhuintir Phalaistíneach?

Ní dóigh liom é.

A mhalairt glan.

Má mhúin próiseas síochána an Tuaiscirt rud ar bith dúinn, is é nach gcuidíonn imeallú agus deamhain a dhéanamh as daoine le dul chun cinn.

Mar gheall gur sheas mé i gcoinne na maistíneachta a chreid mé a bheith ar chúl an fheachtais in aghaidh Dervish, caitheadh go leor maslaí liom ar líne, an oiread sin gur éirigh mé as cúpla cairdeas 'Facebook', mar shampla. Tá an saol róghairid le bheith ag plé le daoine a cheanglaíonn mé le dúnmharuithe agus brúidiúlacht ná raibh aon bhaint agam leo de bhrí gur sheas mé taobh amuigh den 'sluasmaoineamh' agus in aghaidh na maistíneachta a bhí á spreagadh acu.

Cinnte, tá fórsa ollmhór ag Iosrael agus baineann siad feidhm as chun na Palaistínigh a chur faoi chois - ach tá Iosrael í féin timpeallaithe ag tíortha Ioslamacha a shéanann a gceart a bheith beo. Bunaíodh Iosrael tar éis an Dara Cogadh Domhanda agus Uileloscadh na Naitsíoch ar Ghiúdaigh agus armhionlaigh eile.

Tá údar ag Iosrael bheith paranóideach.

De réir mar a fheicimse é, is beag an choiscéim é ó 'sluasmaoineamh' go slua biogóideachta.

B'fhearr liomsa seasamh siar má tá an slua ag dul sa treo sin.

Pól Ó Gréacháin

Fuaireas amach tar éis mo cholún a bheith scríte gur cailleadh Paul Graham, dlíodóir, go tobann, ag sochraid a mháthar, i mBéal Feirste ar an Satharn. Tragóid ar bharr tragóide. Is mó gar a dhein sé dom agus do Ghaeil Feirste, ó thaobh an dlí de, agus beidh mé i gcónaí buíoch dó as sin agus a chairdeas. Suaimhneas síoraí tabhair do, a Thiarna, faoi sholas shuthain do Ghlóire.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Comhar ag Ceiliúradh 10 mBliain d'Aois

Donncha Ó hÉallaithe

TÁ an iris Comhar ag ceiliúradh 70 bliain ar an saol, i mbliana. Ba é an Comhchaidreamh a bhunaigh an iris sa bhliain 1942, le linn an chogaidh, ag am a raibh borradh suntasach i saol na Gaeilge. Eagraíocht, ab ea an Comhchaidreamh, a bunaíodh sna 1930aí le caidreamh a chothú idir mic léinn Gaelacha sna hollscoileanna. Chomh maith le himeachtaí sóisialta a eagrú do na baill, bhíodh an Comhchaidreamh ag tíocht aníos le corr sheift nua chun aidhm na hathbheochana a chur chun cinn. Bhí baint ag an gComhchaidreamh le bunú Ghael Linn, mar shampla, an eagraíocht is bisiúla a bunaíodh i saol na Gaeilge le linn na fichiú aoise, im' thuairimse.

Sa chéad eagrán de Comhar, Bealtaine 1942, leagadh amach polasaí uaillmhianach na hirise nua: ní hamháin go mbeadh sí ina 'áis do lucht Iolsgoile caidreamh a dhéanamh le na chéile' ach chomh maith leis sin bheadh sé ag tabhairt 'treoir don náisiún ar cheisteanna na linne seo' agus ag cur ar fáil 'árdán liteardha do chách, go mór mhór scríobhnóirí óga'.

Tar éis deich mbliana ag tíocht amach, gan aon chúnamh stáit ag an tús, bhí údar ceiliúrtha ag Comhar, mar a léirítear sna sleachta thíos atá tógtha as an eagarfhocal a foilsíodh san eagrán den iris a tháinig amach trí scór bliain ó shin.

Comhar, Bealtaine, 1952

Deich mBliana ag Fás

'Tá an chéad deich mbliana dá saol slánaithe ag Comhar agus cuirimid i láthair ár léitheoirí an mhí seo mar cheiliúradh ar an ocáid, cnuasacht sonrach speisialta de shaothar cruthaíoch agus neamhchruthaíoch atá chomh hionadach agus dob acmhainn dúinn é a dhéanamh de na gnéithe éagsúla den scríobhnóireacht atá ag saothrú sa Ghaeilge fé láthair.[....]

Ag féachaint siar dúinn ar na heagráin mar a leanadar a chéile ón tús is ábhar suime dúinn anois roinnt de na nithe a thugaimid fé ndeara. Ar an gcéad dul síos, an tráth a bunaíodh Comhar ní raibh aon bhuíon scríbhneoirí ann cheana féin a d'fhéadfadh sruth tréan d'ábhar ardchaighdeáin a choinneáil go féiltiúil le iris dá shaghas. [...]

Ach, ina dhiaidh sin, is fíor an méid seo: gur fhoilsíomar, agus sna heagráin tosaigh féin, sciar maith de dhréachta filíochta agus próis gur fiú dul siar á gcuardach...

Ach bhí aidhm breise ag Comhar seachas litríocht cruthaíoch amháin a chothú: an lucht ollscoile, an lucht oideachais, an lucht tuisceana a bhrostú chun dul i mbun pinn agus toradh a gcuid macnaimh ar na gnóthaí a raibh plé acu féin leo a chur ar fáil i nGaeilge.[...]

Go minic, mar shampla, is gá go gcuirfí ar a shúilibh don fhear polaitíochta, don fhear geilleagair, gur díol suime agus cúraime nithe eile seachas an leas geilleagrach. Nó, an fear fealsúnachta, cuir i gcás, a mbeadh a chloigeann ag cur thar maoil le prionsabail teibí agus é ina dhiaidh sin gan tuiscint do fhadhbanna a chomhaimsirigh. Ní beag an méid den chomhchaidreamh smaointí sin a bhíonn in Comhar. [...]

Dar linn gur riachtanas don tír é go mbeadh ag an óige sna blianta atá le teacht, iris neamhchlaonta nach dtabharfaidh fabhar míchothrom do aon dream seachas a chéile. Dealraíonn sé gur riachtanach athraithe móra bunúsacha a dhéanamh sa chóras soisialta agus geilleagrach. Gheobhaimíd cuid mhór a fhoghluim ó thíortha eile ach beidh gá le criathradh a dhéanamh ar na tuairimí sin féachaint cé mhéid díobh a oireann dúinne. Is fearr a déanfar an plé, an scagadh, san in iris neamhspléach.

Ach ní beag san den bhféachaint siar. Má cuirtear an t-eagrán seo i gcomparáid leis an gcéad eagrán, mí na Bealtaine 1942, sílimid go nadmhófar nach beag an fás a tháinig ar Comhar idir dhá linn. Tuigimid áfach gur fada ó bharr foirfeachta sinn go fóill. Ach táimid óg; is mian linn an fhoirfeacht. Agus mar sin, is le fonn a thugaimid aghaidh ar an ndeich mbliana atá romhainn.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ní fadhb é an daonlathas

Dúirt Micheal Noonan le linn na seachtaine go raibh 'fadhb dhaonlathach' ag an Ghréig.

Níl, bhí toghchán acu agus níl na páirtithe a toghadh ábalta comhrialtas a dhéanamh le chéile, ach sin gnáthrud daonlathach, ní fadhb é.

Bhí tráchtairí na hEorpa scanraithe go raibh sé de shotal ag muintir na Gréige vótáil as a stuaim féin agus vótaí a chaitheamh do pháirtithe ar an eite chlé agus ar an eite dheis ach arís más fíordhaonlathas é, ba cheart go mbeadh an rogha ag daoine.

Beidh orthu toghchán eile a bheith acu - go dtí gur féidir leo aontú le chéile nó go dtí gur féidir leo rialtas inghlactha a chur le chéile?

Tá iarrachtaí ar bun i rith an ama chun a chur ina luí ar dhaoine go bhfuil an eacnamaíocht níos tábhachtaí ná an daonlathas agus cé go bhfuil vóta ag daoine - beidh sé daor orthu má bhaineann siad úsáid as ar dhóigh ar bith a chuirfidh isteach ar na suimeanna móra eacnamaíochta.

Tá sé sin ag tarlú in Éirinn chomh maith.

Tá an eagal á úsáid chun scanradh a chur ar dhaoine chun a chinntiú go vótálfaidh siad 'Tá' sa reifreann ar an Chonradh Cobhsaíochta.

Níl sé sin maith go leor, tá sé de dhualgas ar an rialtas a theacht anuas le hargóintí níos láidre - ní leor an dul chun cinn diúltach seo a dhéanann a bheag as an daonlathas féin i ndeireadh na dála.

Ach tá ceisteanna eile tromchúiseacha le freagairt ag an rialtas i dtaca leis an 'Phróiseacht Eorpach' féin.

Lá i ndiaidh lae, tá an tAontas Eorpach ag glacadh níos mó cumhachtaí chuige féin, tá tionchar an AE ar ár saolta go léir ag ardú i rith an ama.

Tá an fhíorchumhacht ag dul go dtí an Bhruiséil

Ach an bhfuil an smacht daonlathach cuí ag gnáthmhuintir na hEorpa ar an Ollstát atá á chruthú de réir a chéile?

Ar thug muid ár mbeannacht don togra seo nó an bhfuil rud éigin a thógáil i ngan fhios dúinn féin, saor ó aon bhac daonlathach?

Tá cuid mhór dár n-ardcheannas airgeadais féin caillte againn cheana féin ar ndóigh - ní féidir a rá go raibh a dhath daonlathais faoi sin ach an oiread.

Níl ach faitíos mar argóint ag an lucht 'Tá'!

Eoin Ó Murchú

NÍL ach coicís ann anois sula vótáilfidh muid ar an gConradh Fioscach. Deir na pobalbhreitheanna go mbeidh an bua ag an taobh 'Tá' ach tá faitíos ar lucht mholta an chonartha mar sin fhéin.

Mar is cosúil go bhfuil na vótóirí 'Níl' níos deimhnithe. Cuid mhaith den dream 'Tá' is go drogallach a tháinig siad ar an tuairim sin, i bhfaitíos nach mbeidh airgead tarrthála againn sa todhchaí má bhíonn tarrtháil eile ag teastáil.

Ar ndóigh tá an bhagairt sin ann toisc go bhfuil an rialtas ag glacadh - d'aon-ghnó - le leasú ar chonarthaí an Aontais a chruthaíonn an ciste tarrthála. Faoi láthair, níl an ciste sin ceangailte leis an gConradh Fioscach; ach má - sea, má - dhearbhaíonn an rialtas an leasú seo beidh ceangailte ann.

Is é sin, tá feidhm ag an mbagairt toisc go dteastaíonn ón rialtas go mbeadh bagairt ann!

Ní nach íonadh, bhí an díospóireacht lán le bréaga: mar, go bunúsach ní bhaineann an conradh go foirmiúil le maoiniú an stáit. Is éard atá ann ná go dtabharfadh muid smacht ar an gcorás fioscach in Éirinn don Eoraip (go fírinneach don Ghearmáin).

Nuair a ghéill Fianna Fáil flaitheas eacnamaíoch na tíre don triúracht (An Eoraip agus an IMF) cáineadh go feargach iad agus thit siad go tubaisteach san olltoghchán ina dhiaidh.

Ach anois tá Páirtí an Lucht Oibre, in éineacht le Fine Gael, agus le tacaíocht Fhianna Fáil, ag iarraidh flaitheas eacnamaíoch na tíre a ghéilleadh go deo!

Agus le hiachall a chur ar dhaoine glacadh leis seo, tá an bhagairt ann nach mbeidh airgead tarrthála againn feasta.

Ag seasamh leis féin : Éamon Ó Cuív tar éis an phreasócáid mhór nár léirigh sé faic na ngrást ann. Ach an bhfuil cluiche ciallmhar ar bun aige sa bhfadtréimhse? [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Ach tá dhá phointe soiléir faoi láthair. Uimhir a haon, tá an chuid is mó den airgead tarrthála a fhaigheann muid ag dul le fiacha baincéireachta a íoc: is é, sin, tá sé ag dul go díreach go dtí na bainc Ghearmánacha a chruthaigh an fhadhb dúinn ar an gcéad dul síos.

Uimhir a dó, níl ag éirí le polasaithe déine - ní hamháin in Éirinn, ach ar fud na hEorpa.

Sa Ghréig mar shampla, téann dhá thrian den airgead tarrthála go dtí bainc Ghearmánacha, agus cuid mhaith den fhuílleach ar armas a cheannach ón nGearmáin, ón bhFrainc agus óna Stáit Aontaithe. Ag an am céanna tá na céadta mílte sa nGréig gan pingin rua, ag fulaingt gorta, easpa leighis agus easpa dóchais.

Ní nach íonadh gur thug móramh na vótóirí droim láimhe don déine ansin.

Ach breathnaigh ar an gcaoi a labhraítear faoi seo abhus. Tugann an Tanaiste Éamon Gilmore agus an tAire Airgeadais Michael Noonan foláireamh dúinn gur ionann vótáil 'Níl' agus sampla na Gréige a leanacht.

A mhalairt atá fíor: tá an Ghréig sa chruachás ina bhfuil sí mar gheall ar na polasaithe déine a bhrúigh an tAontas Eorpach orthu - polasaithe déine atá á gcur chun cinn in Éirinn ag Gilmore agus ag Noonan.

Ábhar gaire eile ar ndóigh ná an freagra a thug Éamon Gilmore ar bhua Francois Hollande sa bhFrainc. Chuir sé fáilte roimh an mbua sin agus roimh ráiteas Hollande go dteastaíonn uaidh clár spreagtha fostaíochta a fheiceáil leis an gConradh.

Sin díreach atá uainn féin, a mhaígh Éamon! Ach - agus is 'Ach Mór' é - tá Hollande ag rá nach ndearbhóidh sé - sea, nach ndearbhóidh sé - an conradh mura mbeidh an clár spreagtha sin ann.

Níor dhúirt Éamon Gilmore a leithéid riamh. A mhalairt, tá sé ag iarraidh orainn an conradh a dhearbhú mar atá, le clár spreagtha nó gan clár spreagtha, is cuma.

Maidir leis na páirtithe polaitiúla eile, is léir go bhfuil Sinn Féin ag déanamh go híontach as. Tá a gcuid tacaíocht ag dul in airde sna pobalbhreitheanna, agus sa díospóireacht teilifíse Dé Domhnaigh idir uachtarán Shinn Féin, Gerry Adams, agus ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre, Eamon Gilmore, bhí bua cuimsitheach ag Adams; agus tá Sinn Féin dóchasach go mbeidh Adams in ann an rud céanna a dhéanamh arís má eagraítear díospóireacht idir é agus an Taoiseach, Enda Kenny.

Ach céard faoi Fhianna Fáil? Nach truamhéileach an scéal iad! Tá Micheál Martin ag sodar i ndiaidh cheannaireacht Fhine Gael ag déanamh aithrise ar ghéilleadh an pháirtí sin don impireacht nua san Eoraip.

Sea, má éiríonn le lucht 'Tá' sa reifreann is ag páirtithe an rialtais a bheas buntáiste na bua, agus má theipeann is ag Sinn Féin agus ag Éamon Ó Cuív a bheas an bhuntáiste.

Go deimhin, tá cluiche ciallmhar ar siúl ag an gCuíveach. Tá sé ag diúltú briseadh leis an bpáirtí, ach tá a fhios ag an saol Fódlach cá seasann sé maidir le neamhspleáchas na hÉireann agus géilleadh an pháirtí don Eoraip.

Agus má fhanann Sinn Féin i gceannas ar an bhfreasúra, agus gan a bheith i bhFianna Fáil ach stól taca an rialtais, tiocfaidh brú ar Mhartin filleadh ar radacachas Fhianna Fáil nuair a bunaíodh iad. Agus cé a sheasann leis an radacachas bunaidh sin? Cé eile ach Éamon Ó Cuív.

Sea, tá ceannairí na mórpháirtithe dallta ag aisling na hEorpa, ach an bhfuil an mhisneach againne iad a dhúiseacht!

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

Gnáth-chosmhuintir na Gearmáine mar eiseamláir againn

Páidí Ó Lionáird

RUGADH agus tógadh Gerhard agus Inge Popp in Breitbach na Gearmáine. Baile beag í Breitbach atá suite ar an dtaobh thoirtheas de Frankfurt agus siar ó thuaidh de Nuremberg.

Baineann siad beirt slí bheatha amach ar fheirm bheag ar a bhfásann siad éagsúlacht torthaí – caora fíniúna le fíon a dhéanamh, piorraí le schnapps a dhéanamh, sú craobh le licéar a dhéanamh agus más féidir in aon chor, dóthain achair chun glasraí teaghlaigh a fhás agus tréad beag muc a chothú, go horgánach ar ndoigh – muca a mharaíonn Gerhard ag deireadh na bliana le haghaidh a gcuid feola.

Taistealaíonn daoine ó Phoblacht na Seice, ón Bheilg, ón Ísiltír, ón Eilbhéis, Ón Pholainn, Ón Ostair agus ón Fhrainc lena gcuid fíona, schnapps agus licéir a cheannach. Tagann na daoine céanna gach bliain agus é sin fiú is nach gcaitheann muintir Popp oiread agus cent amháin ar mhargaíocht toisc barr maitheasa a dtáirgí.

Tá dearthair mo chéile, John, geallta le hiníon Gerhard agus Inge, Juliane, agus chaitheadar ar fad an deireadh seachtaine im' theachsa. Ba é seo a gcéad uair in Éirinn ach níos suntasaí ná sin, ba seo an chéad uair ag Gerhard agus Inge lasmuigh den Ghearmáin – saoire saoil, dar leo.

D'ainneoin nach bhfuil oiread agus focal Gearmáinise agamsa agus níos lú Béarla acu san dá réir, bhí cuairt ansuimiúil againn agus le cabhair Juliane agus John, bhí cúpla comhrá an-suimiúil againn faoi chúrsaí an domhain – an Eoraip agus an caidreamh atá idir ár dtíortha fá seach léi.

Angela Merkel, Seansailéir na Gearmáine

Is beag difríochta atá tagtha ar shaol na beirte tuismitheoir ó rugadh iad sna 1950daí. Déanann siad a gcuid oibre sa mhodh ceannann céanna a múineadh d'Inge nuair ba girseach ise. Maraíonn Gerhard a chuid muca sa tslí céanna a d'fhoghlaim sé nuair 'oileadh mar bhúistéir é sna 1970daí.

I measc na n-ábhar cainte a bhí againn, ar ndóigh, bhí geilleagar agus cúrsaí eacnamaíochta – na Gearmáine agus ar ndóigh na hÉireann. Níor ghá d'éinne a bheith gaolta d'Einstein le fios a bheith aige gur beag atá coitianta idir an dhá thír seo ach go bhfuil siad araon mar bhaill den togra Eorpach bíodh is gur ar dhá thaobh de sconsa na maoine atá muid. Labhair muid faoin nGréig, 'Merkozy' agus an CDU (Christian Democratic Union) ata i bponc i dtuaisceart RéinWestphalia

I ndiaidh dúinn na nithe ginearálta a chur trí chéile, bhí ciúnas tostalach eadrainn mar gur léir go raibh eilifint amháin mhór sa seomra – scéal na mbannaí, an pacáiste tarrthála agus staid an Aontais Airgeadais.

Tuigeann Gerhard agus Inge na deacrachtaí atá againne anseo a bheith ag íoc sealbhóirí na mbannaí banc sa Ghearmáin agus cibé tír eile. Tuigeann siad freisin ár bhfulaingt le déine na gciorruithe atá á ngearradh ag an rialtas orainn.

Ach é sin ar fad ráite, ní thuigeann sé cén fáth go bhfuil fearg ar dhaoine leis an nGearmáin mar nach bhfuil Angela Merkel agus Wolfgang Schaeuble sásta ár mbillí a íoc dúinn ar fad. Dar leis go bhfuil a bhfiacha íoctha ag muintir na Gearmáine.

Tá os cionn aon ponc a trí trilliún euro nó €1,300,000,000,000.00 caite ag an nGearmáin ar an aontas idir iarthar agus oirthear na tíre sin ó 1989 i leith. Ní áiríonn sé sin na fiacha a gearradh ar an tír tar éis an Dara Cogadh Domhanda.

Insíonn John taobh eile den scéal céanna, áfach. Oibríonn seisean i monarcha i gceannas lóistíochta. Ann, bíonn a chomhghleacaithe (Gearmánaigh ar fad) ag magadh faoi toisc gur Éireannach 'umhal' é. "Nach sibhse atá bog?" nó "Nach deas a bheith ar an bpáiste is fearr sa rang?" a deir siad leis mar mhagadh faoi mar a ghlacann Éireannaigh le déine an tsaoil.

Níl ardú pá faighte ag oibrithe na monarchan sa Ghearmáin le cúig bliana déag anuas. Tá siad ag saothrú an phá céanna agus a bhí siad sa mhílaois seo chaite.

Tá cruatan fulaingthe ag mhuintir Popp agus ag gach éinne mar iad le dul i ngleic lena bhfiachais féin agus tá siad ag súil go déanfaimidne amhlaidh.

Agus mé sa Bhruiséal an tseachtain seo chaite leis an clár 7Lá, bhí sé soiléir go raibh buairt ina measc siúd atá ag obair i bhfoirgneamh na Páirliminte. Bhí atmaisféar teann ann agus go leor cogarnaigh ar siúl i gcúinní gach urlár agus i ngach caifé ar Phlás Lucsamburg.

Bhí seacht leoraí de chuid chraoltóir náisiúnta na Gearmáine Thiar (WDR) páirceáilte ar imeall an Phláis, iad ag coimeád bigile os comhair na Páirliminte – ag faire na bpinginí.

Bíodh is go bhfuil muintir na hEorpa cráite ag an nGréig, an oiread sin iarrachta déanta len iad a stiúradh trí na farraigí fiáine airgeadais ina bhfuil sí. Ach níl siad sásta na maidí rámha a chur san uisce.

Is fada ón nGréig muide anseo – go fóill agus fiú muintir Popp, ach is géire mo thuiscint ar chúrsaí eacnamaíochta anois i ndiaidh dom bualadh le Gerhard agus Inge. Má táimíd le theacht as an fhásach seo ina bhfuilimid, caithfimid aithris a dhéanamh ar a bhfuil déanta sa Ghearmáin acu.

Geallaim daoibh nach mbeidh sé éasca.

Uathmheaisín bainc briste, tá tú briste, tá muid

Conall Ó Móráin

TÁ sé ag cur báistí, tá sé deacair páirceáil d'fháil, tá tú faoi bhrú ama – tá a fhios agat an sórt sin lá agus ansin tá easpa airgid ort agus caithfidh tú dul go dtí an t-uathmheaisín bainc.

Tá sé briste. Tá tú briste. Tá muid briste. Tá na Gréagaigh gar le bheith briste.

Seo ceann de na hailt a d'fhéadfadh a bheith an-chruinn, nó ar an drochscéal, go hiomlán míchruinn, mar go bhféadfadh cúrsaí eacnamaíochta na Gréige a bheith tagtha chun críoch de shórt éigin, iad fanta laistigh den euro nó, mar atá an chuma ar an scéal agus mé ag scríobh, lasmuigh den Euro.

Más ar RTÉ atá sibh ag braith dá gcuid eolais faoin mhéid atá ag tarlú, agus cosúil liomsa go gcuireann tú i bhfad an iomarca spéise sa cheist agus an iomarca ama ag léamh faoi céard a d'fhéadfadh a theacht as, caithfidh mé rá go bhfuil RTE go minic lá iomlán taobh thiar don scéal.

Má úsáideann tú Twitter is fiú súil ghéar a choimeád ar scéalta Linda Yueh @lindayueh, comhfhreagraí eacnamaíochta le Bloomberg.

I gcomparáid le foinsí eile, feictear dom go bhfuil Linda lá chun tosaigh ar a bhfuil ag tarlú.

Faoi láthair, níl faic ag tarlú dár léi. Drochscéal.

D'fhoghlaim an domhain faoin daonlathas ó na Gréagaigh míle nó dhó bliain ó shin. Rud eile a d'fhoghlaim muid, is léir, conas gur chóir do pholaiteoirí iad féin a iompar.

Tabhair faoi deara nach bhfuil fonn ar cibé acu taobh nó páirtí (tá ar a laghad tríocha páirtí beaga polaitíochta, chomh maith leis na chinn móra, le cur isteach in aon chothromóid réitithe) go bhfeicfí iad ag moladh ciorruithe.

Má tá an tír seo againne bancbhriste bheadh orm focal nua a chruthú chun cás easpa airgid na Gréige a mhíniú. Is é Gaineamhlach Atacama an áit is tirime ar domhan, gan ach orlach báistí ag titim ann in aghaidh na bliana agus roinnt blianta gan faic in aon chur as an spéir. Sin an mhéid airgid atá ag Rialtas na Gréige. Faic.

Mar a dúirt polaiteoir Gearmánach fúthu, agus is féidir leis na Gearmánaigh a bheith ciníoch faoi na Gréagaigh, ní hé an geilleagar an trioblóid atá ag na Gréagaigh ach nach féidir lena gcuid riarthóirí comhaireamh.

Bhí orm focal nua d'fhoghlaim don alt seo – ostrais. Sin an t-éan a ndeirtear faoi go gcuireann sé a chloigeann faoin bhfód chun a chur i géill dó féin nach bhfuil sé i mbaol.

Níl aon fhocal eile le tabhairt orthu siúd sa Ghréig a chreideann go bhfuil an domhan, an AE agus Banc Ceannais na hEorpa ar fad ag déanamh faillí ina gcoinne.

Cibé rud atá san *ouzo* agus sa *hums* acu tá meon teidlíochta forleathan ina measc. Caithfidh duine éigin eile díol as. Ní cóir go mbeadh orainn ár slí bheatha a athrú, slí beatha a ligean do dhaoine éirí as a gcuid oibre ag thart ar chaoga bliain d'aois, ar phinsin iomlán, fad atá Gearmánaigh agus saoránaigh tíortha eile san AE ag sclábhaíocht go mbíonn siad seasca seacht bliain d'aois (agus a bheidh go maith isteach sna seachtóidí i gceann glúin eile), ag díol cánach a choimeádann an Seó Gréagach ar an mbóthar.

Lá éigin bhí ar stopadh agus tá an spriocdháta sin sroichte.

Níl aon bhuntáiste d'aon duine go

Comhghairdeas le Dervish as gan dul go hIosrael

Eoghan Ó Néill

NÍL a fhios agam go cruinn cad chuige a shocraigh siad gan dul ann (agus ní hionann agus tráchtairí eile, ní rachaidh mise i muinín leagan Alan Shatter den scéal) ach tá mé sásta gur chinn siad gan seó a chur ar fáil i bpobal a chleachtaíonn modhanna na sceimhle ar bhonn rialta.

Tír í Iosrael atá ag briseadh rúin na Náisiúin Aontaithe ar bhonn laethúil.

Tír í ar cuma léi sa tsioc faoi éilimh an Aontais Eorpaigh, ná cúirteanna idirnáisiúnta, ná eagrais chearta daonna.

Tír atá, le cuimhne na gcat, ag forghabháil críocha a comharsan.

Agus tír a chleachtaíonn sceimhle sa bhaile agus i gcéin de réir mar is mian leo.

'*Cultural fascism*' a chuir Alan Shatter i leith lucht tacaíochta na bPalaistíneach in Éirinn.

Ní '*cultural fascism*' atá ar bun ag Iosrael, ach sceimhle gan stad gan staonadh i gcoinne pobail, cultúir, eacnamaíocht aguss sochaí na bPalaistíneach.

Agus sceimhle i gcoinne muidne, Éireannaigh,

Nuair a ghoid an Mossad pasanna ó Éireannaigh chun go dtiocfadh leo feallmharfóirí a chur go Dubai le fear a chéasadh agus a dhúnmharú, b'shin gníomh an stáit sceimhle.

Imríodh sceimhle ar leithéidí Mairead Corrigan Maguire agus Éireannaigh eile a fuadaíodh i bhfarraigí idirnáisiúnta nuair a d'fhéach siad le hearraí leighis a thabhairt a fhad le Gaza.

Agus cuir ceist ar John Ging, iarcheannasaí ar UNRWA, faoin dóigh ar chaith Iosrael le hÉireannaigh agus le sibhialtaigh Gaza nuair a d'ionraigh siad an Stráice Gaza um Nollag trí bliana ó shin.

Is maith an rud go bhfuil Éireannaigh, agus go leor againn, páirteach san fheachtas i gcoinne forghabháil Iosrael ar na críocha Palaistíneacha.

Nó is ionann ceist na bPalaistíneach do ghlúin an lae inniu agus ceist na cinedheighilte san Afraic Theas don ghlúin a chuaigh rompu.

Rinne stailc na n-oibrithe ag Dunnes Stores sna 1980í, nó agóidí na mac léinn i gcoinne na Springbok sna 1960í, dochar siombalach d'Afraic Theas na cinedheighilte agus spreag siad Éireannaigh chun cur lena n-iarrachtaí ar son na cosmhuintire.

Sa chás seo, cuirimís lenár n-iarrachtaí ar son na mban Palaistíneach sin a chaitheann an lá, ó mhoch go mall, ag fanacht i scuainí ag ionaid seiceála na nIosraelach ar mhaithe le bia agus earraí leighis a fháil dá gclann.

Ar son na bpáistí sin a sléachtadh ina scórtha cionn is iad a bheith 'san áit mhícheart ag an am mícheart' nuair a thug píolótaí cróga Iosrael ruathar ó 15,000 troigh in airde san aer.

Agus ar son phobal Gaza, ar ifreann ar thalamh é an gnáthlá acu.

An 'arm is daonna ar domhan' a thugann Iosrael agus a lucht tacaíochta ar an IDF.

Ógánaigh Phalaistíneacha á ngabháil ag Arm Iosrael - meastar go ngabhann Iosrael idir 500 agus 700 páiste Palaistíneach sa bhliain.

Arm a líon reiligí fud fad an Mheánoirthir agus a shíleann gur cnuasbhuamaí agus buamaí fosfaracha i gceantair atá lán le sibhialtaigh an bealach is cheart d'arm cogadh a chur.

Agus ná déantar dearmad ar na glúnta sin, sea glúnta, d'ógánaigh Phalaistíneacha a fhásann aníos agus saighdiúirí Iosraelacha ag imirt cos ar bholg orthu.

Ní féidir le lucht leithscéala Iosrael an dubh a chur ina bhán ar Éireannaigh, mar ní amadáin muid.

Seachas a bheith ar aon taobh leo sin a mhíníonn an léirscrios, an fhorghabháil agus an goid talún le 'tá dá thaobh an scéala ann' seasaim le Gideon Levy agus le Alexy Sale agus le go leor Giúdcgh eile a dhiúltaíonn glacadh leis an chacamas sin.

Seasaim leis na Giúdaigh, mar iad, a maíonn gur gá d'Iosrael caitheamh le Palaistínigh ní mar neamhdhaoine nó mar dhaoine atá faoi chos acu, ach mar dhaoine atá ar aon stádas leo féin.

Ní bheidh comhréiteach ann gan Iosrael a thuiscint nach dtig leo leanúint ar aghaidh mar stát sceimhle.

Agus ní bheidh comhréiteach ann gan glacadh a bheith ag na Palaistínigh go mbeidh stát Iosraelach ansin lena dtaobh, cibé cruth a bheidh air.

Tá lochtanna ar na Palaistínigh gan dabht.

Ach ná cuir i gcomparáid cás phobal atá gan stát, pobal a rinneadh a dhíshealbhú, a imeallú, a choinneáil faoi chos agus a chéasadh, ná cuir a gcás úd i gcomparáid le pobal a rinne iad a díshealbhú, a imeallú, a choinneáil faoi chos agus a chéasadh.

Ná síltear gur ionann cás na bPalaistíneach gan stát ná dóchas, agus Iosrael, a bhfuil stát mór acu, a bhfuil buamaí núicléacha acu, atá ar an chumhacht is mó sa Mheánoirthear, ar an tír is fearr atá armtha agus a bhfuil an Sárchumhacht is mó ar an domhan, Meiriceá, ina crann taca acu.

'*Permission to Narrate*' a bhaist Edward Said ar leabhar dá chuid.

Díreach cionn is nach raibh spás riamh sna meáin Iartharacha do leagan na bPalaistíneach den méid a tharla sa Mheánoirthear sna 1940í ná ó shin.

Go dtí an lá atá inniu ann is é leagan Iosrael den scéal, seachas an leagan Palaistíneach, a chuirtear fáilte roimhe i seomraí nuachta fud Mheiriceá, fud na hEorpa agus sea, ina lán seomraí boird i nuachtáin in Éirinn chomh maith.

Ní hé nach bhfuil scéal Iosrael cloiste agus athchloiste againn, is díreach nach amadáin muid.

briste, tá na Gréagaigh gar le bheith briste

bhfuil an méid seo ag tarlú ach amháin i gcás na nGearmánach a bhfuil na hacmhainní acu agus fonn orthu teach saoire a fháil ar bheagan airgid, mar tarlóidh sladmhargadh ar chostais acmhainní na Gréige mar go ndéanfar díluacháil mhór ar chóras airgid na tíre sin má bhíonn orthu córas an euro a fhágáil.

Lasmuigh de sin, beidh muid ar fad thíos leis. Cinnte tá siad siúd ann a cheapann go mbeadh an domhain níos fearr as dá gcuirfí an ruaig ar an Ghréig ach caithfidh siad sin a thuiscint go ndéanfadh sé sin dochar tubaisteach gearrthéarmach agus fadtéarmach ar gheilleagar uile na hEorpa, mar chomh cinnte agus a éireoidh an ghrian amárach sa Ghréig (ní féidir a bheith chomh cinnte sa tír seo!), beidh géarchéim airgeadais eile againn i gceann fiche bliain, mar a tharlaíonn go rialta.

Nuair a tharlaíonn a leithéid, breathnóidh eacnamaithe, iriseoirí, riarthóirí agus polaiteoirí siar ar céard a tharla roimhe chun tuiscint a fháil, más féidir riamh, ar céard a bheidh amach romhainn.

Má fhágann, nó má chaitear amach, na Gréagaigh as córas an euro sin a bheidh sna ceannlínte arís i gcionn fiche bliain. Tír X leis an euro a fhágáil. Más sin an meas agus an meon a bheidh ag daoine ar chóras an euro ní bheidh aon iontaobh acu as.

Tá roinnt don easpa iontaoibhe sin le feiscint cheana féin agus infheisteoirí móra ag teitheadh ón euro agus ag ceannach dollair Meiriceá.

Níl aon bhuntáiste d'aon duine go bhfuil an méid seo ag tarlú ach amháin i gcás na nGearmánach a bhfuil na hacmhainní acu agus fonn orthu teach saoire a fháil ar bheagan airgid, mar tarlóidh sladmhargadh ar chostais acmhainní na Gréige mar go ndéanfar díluacháil mhór ar chóras airgid na tíre sin má bhíonn orthu córas an euro a fhágáil.

Is chun cabhrú le trádáil ceann de na príomhaidhmeanna a bhí, agus atá, ag an euro.

Dóibh siúd atá á léamh seo ar scoil, tá sibh ró-óg chun fios a bheith agaibh dá mbeadh sibh ag dul ar thuras Interrail trasna na hEorpa, tar éis na hardteiste, go bhféadfá (sna 'sean' laethanta, roimh an euro) airgead d'aistriú ó Phunt Éireannach, go Sterling, go Francs, go Deutchmarks, go Pesetas, Drachmas agus i bhfad níos mó ná sin, i rith an turais fhada sin.

Gach uair a d'aistreofá do chuid airgead tirim (ní raibh cártaí againn an t-am sin) d'fhéadfá suas le 2% dá luach a chailliúint ar gach margadh.

Fágfaidh mé ag bhur n-oidí matamaitice é sampla €100 a ghlacadh agus 2% a bhaint den luach, abair, deich niuaire i ndiadh a chéile. Cuirfidh sé ionadh oraibh a laghad airgead a bheidh fágtha i ndiadh an cleachtais seo.

Seo airgead a bhíodh caillte ag gach gnó a rinne iarracht easpórtáil, rud a chur lena gcostais agus a chur bac mór ar thrádáil.

Níl fhios ag aon duine, fiú Linda Yueh, céard a d'fhéadfadh a bheith in ann don AE má 'thiteann' an Ghréig as an euro (scríobhaim 'titim' d'aon ghnó mar de bharr neamhghníomh a d'fhéadfadh sé tarlú, gach taobh ag méiseáil agus ag meilt ama). Drochscéal ar fad dúinne é má tharlaíonn a leithéid mar, taitníodh sé linn nó ná taitníodh, go bhféadfaí gur orainne a bheadh na margaí ag breathnú ina dhiaidh sin.

Coimeád súil ghéar ar @lindayueh.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Peileadóirí agus lucht bainistíochta foirne sóisir agus sinsir na Ceathrún Rua ag ceiliúradh a mbua ar Bhearna (Sinsear 14-9) agus Oileáin Arann (sóisear 1-9 in aghaidh 1-8) sa chomórtas cáiliochta Chomórtas Peile na Gaeltachta ar an Cheathrú Rua. Imreoidh na foirne thar ceann na Gaillimhe sa chraobh Uile Eireann i nGaoth Dobhair an Meitheamh seo chugainn. PIC: SEAN O MAINNIN

Tomás Ó Mearraí, Cathaoirleach Náisiúnta Chairde Rince Céilí na hÉireann le Patsy Marron ag an bhFíor-Chéilí i gCorr Dhubh, Co. Mhuineacháin an tseachtain seo caite, áit inár bhronn an Coiste Náisiúnta de Chairde Rince Céilí na hÉireann Gradam Saoil ar Phatsy in aitheantas don obair dheonach a rinne sé le blianta fada chun an rince céilí a chur chun cinn ina cheantar féin agus in áiteanna eile.

Foireann bhuachach Chomórtas Cócaireachta Pearsana Poiblí ag Féile Diúilicíní Chonamara i Rinn Mhaoile an tseachtain seo caite, Méara Co. na Gaillimhe, Micheal Maher, Máirtín Davy ó RTÉ Raidió na Gaeltachta agus an t-údar agus an cócaire, Máire Uí Chomáin.

Carmel Fox, duine do bunaitheoirí Nasc Tuaithe na hÉireann ag bronnadh Gradam Náisiúnta na heagraíochta ar Mháirtín Davy, O.C.P. Pastime Chonamara, a bhuaigh an Gradam i mbliana. Tá Peadar Ó Maoláin ó Údarás na Gaeltachta agus Morgan Ó Conchubhair, Bainisteoir Chomharchumann Sailearna, in éineacht leo sa phictiúr.

An tAire Sláinte James Reilly, ag bualadh le Barbara Hopkins, (98) Cinn Mhara, Camus, (ar chlé), an duine is sine san Ionad Tacaíochta Cónaithe Charna, agus Kitty Bates (93), as BÁC di ó dhúchas. Bhí an tAire ag oscailt an ionaid go hoifigiúil. PIC: SEAN O MAINNIN

Mary Collins ag glacadh le seic de €1,353.05 don Ospís Dún na nGall Homecare ó eagarthóirí an 'Honda Run' in éineacht le Catherine Boyle, Mary Logue, Conor Boyd, Dick Boyd, Pearse Mc Devitt agus Bridie Boyd le déanaí. PIC: EOIN MC GARVEY

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Cnoc na Cathrach

Paráid mhór Ghaelscoil Mhic Amhlaigh

Katie McGreal

MHÁIRSEÁIL os cionn 300 duine ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh trí shráideanna na Gaillimhe an Satharn seo caite. Bhí idir dhaltaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus foireann scoile i láthair ag iarraidh na scoile nua nach bhfuil faighte ag an scoil a choinneal i mbéal an phobail.

Thosaigh siad ag an bhFaiche Mhór agus mháirseáil siad síos Sráid na Siopaí. Bhí campaí beaga do ghasúir ag cuid de na daltaí mar shiombail de na hocht bhfoirgneamh réamhdhéanta atá in úsáid acu faoi láthair. Tá breis agus 200 dalta ag an scoil agus tá siad uilig sna foirgnimh réamhdhéanta sin.

Scaoileadh dhá bhalún déag in airde sa spéir ag meán lae, ceann do gach bliain a bhfuiltear ag fanacht leis an síneadh nua scoile.

"Ócáid dhearfach a bhí ann ag an deireadh," a deir Dairíona Nic Con Iomaire, príomhoide na scoile.

Tá Gaelscoil Mhic Amhlaigh lonnaithe i gCnoc na Cathrach agus tá siad ag fanacht 12 bhliain do scoil nua. Bhíodar ag siúl go rachadh an Roinn Oideachais ar aghaidh leis an tionscnamh i mbliana ach chuireadar deireadh leis an bplean i mí an Mhárta 2012.

Daltaí agus tuismitheoirí ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh ag réiteach ar an bhFaiche Mhór le máirseáil síos Sráid na Siopaí i gCathair na Gaillimhe ar an Satharn seo caite.

Maigh Eo

Ciste Tacaíochta d'Imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta

Katie McGreal

TÁ Comhairle Contae Mhaigh Eo ag lorg iarratas ó ghrúpaí pobail, daoine aonair nó grúpaí oidhreachta ar mhian leo imeachtaí a eagrú do Sheachtain Oidhreachta 2012. Beidh an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta ar siúl ón Satharn, 18 Lúnasa go dtí an Domhnach, 26 Lúnasa i mbliana.

Is deis é seo do phobail agus do ghrúpaí oidhreachta ócáid a reáchtáil ina gceantar féin a chuirfidh oidhreacht áitiúil an cheantair os comhair an phobail chun cuairteoirí a mhealladh go dtí an ceantar agus ar mhaithe leis an bpobal áitiúil féin. D'fhéadfaí siúlóidí fiadhúlra, léachtaí, siúlóidí seandálaíochta agus staire, seisiúin agus ceardlanna ceoil thraidisiúnta, léachtaí agus ceardlanna i scileanna traidisiúnta a eagrú agus a reáchtáil mar chuid den tseachtain.

Táthar ag iarraidh grúpaí a spreagadh chun imeachtaí a eagrú leis an maoiniú seo; imeachtaí a nglacfaidh daoine páirt iontu, a léireoidh an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le cosaint a thabhairt dár n-oidhreacht nádúrtha agus fhoirgnithe, a mheallfaidh daoine óga isteach agus a chuirfidh feasacht ar ár n-oidhreacht chun cinn, agus a spreagfaidh teaghlaigh agus páistí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí amuigh faoin aer.

Is féidir foirm iarratais a fháil ó shuíomh Chomhairle Contae Mhaigh Eo, www.mayococo.ie., caithfidh an fhoirm a bheith istigh roimh 30 Bealtaine agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó heritage@mayococo.ie.

Anthony Ó Conghaile, An Cheathrú Rua, ag fáil a chic isteach in ainneoin iarrachtaí Chiaráin Barret, Naomh Anna, Leitirmóir, sa chraobh Gaillimh de Chomórtas Peile na Gaeltachta ar Pháirc Uí Chatháin, An Cheathrú Rua. Bhuaigh An Cheathrú Rua an cluiche 10-9 pointe agus cháiligh siad don chomórtas Uile Éireann i nGaoth Dobhair an Meitheamh seo chugainn nuair a bhain siad an comórtas áitiúil amach. D'éirigh le foireann soisir na Ceathrún Rua cáiliú don chomórtas i nGaoth Dobhair chomh maith. PIC: SEAN O MAINNIN

Coiste Cúram Leanaí
Chontae & Chathair na Gaillimhe
Galway City & County
Childcare Committee

Fáilte roimh Thuismitheoirí
chuig
Cruinniú

Dé Céadaoin, 23 Bealtaine
Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, Teo
Indreabhán ar 7.30 i.n.

- Cur i láthair maidir le páistí atá ag dul ón réamhscoil chuig an scoil náisiúnta
- Eolas maidir le maoiniú atá ar fáil – ECCE, CCS, CETS
- Sonraí ag baint le maoiniú do Ghrúpaí Tuismitheoirí agus Leanaí

Téigh i dteagmháil le:
mail@galwaychildcare.com nó 091 752039
chun áit a chur in áirithe

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

pobal
government supporting communities

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

Suíomh Nua do mhuintir Chonamara

Katie McGreal

THOSAIGH Peigín Nic an Rí an suíomh nua, www.aonsceal.ie i mí na Samhna seo caite chun eolas faoi imeachtaí i gConamara a scaipeadh. Tá ionad ar an suíomh do ghnólachtaí freisin.

"Cheap mé gur theastaigh tuilleadh eolais ó muintir Chonamara faoi imeachtaí áitiúla ina mbaile fhéin agus ar fud Chonamara," a deir Peigín. "Ní raibh a fhios agam fhéin ná ag leath na daoine faoi na himeachtaí áitiúla agus bhí mé ag iarradh é sin a athrú."

Tá sí ag lorg eolais faoi imeachtaí agus ócáidí a tharlóidh sa cheantar faoi láthair, chomh maith le heolas ó chomhlachtaí, gnólachtaí agus daoine aonar atá i mbun oibre i gConamara, ó phluiméirí, siopaí agus naíonraí go péintéirí agus ceoltóirí.

Tá sé saor in aisce ainm an chomhlachta, an seoladh agus uimhir fóin a chur ar an suíomh ach má tá tú ag iarraidh tuilleadh eolais a chur air, ar nós suíomh Idirlín, pictiúr agus mar sin de, beidh costas ag baint leis sin. Is féidir le comhlachtaí a shonraí féin a chur ar an suíomh nó is féidir leo dul i dteagmháil le Peigín ar aonsceal2011@gmail.com.

Má tá suim ag éinne scríobh don suíomh ar bhonn deonach, is féidir leo dul i dteagmháil léi freisin. Ba mhaith léi daoine a fhostú amach anseo ach faoi láthair, níl an t-airgead ann.

Daltaí ó Rang a 4, Gaelscoil Mhic Amhlaigh, ag déanamh an cheoldráma 'Oliver' ag Féile Náisiúnta Scoildrámaíochta sa Mhuileann gCearr le déanaí. Bhuaigh siad an chéad duais don cheoldráma ab fhearr ina rannóg ag an bhféile.

Gaillimh

Gaelscoil Mhic Amhlaigh ag ceiliúradh a mbua

Katie McGreal

BHUAIGH rang a 4 ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh i gCathair na Gaillimhe an chéad duais don cheoldráma ab fhearr ina rannóg ag Féile Náisiúnta Scoildrámaíochta sa Muileann gCearr le déanaí. Chuir siad an ceoldráma, 'Oliver', ar stáitse le cabhair ón múinteoir, Fergal Ó Mainnín. Seo an chéad dráma a rinne Fergal le haon rang riamh.

"Bhí an-ádh orthu," a deir Síle Ní Fhloinn, máthair dhuine de na daltaí. "Bhí sé curtha le chéile an-mhaith agus rinneadar léiriú den scoth ag an deireadh."

Ghabh an rang buíochas leis na daltaí agus le múinteoir eile sa scoil a thug tacaíocht dóibh. Rachaidh grúpa de sheisear daltaí ón rang, in éineacht leis an múinteoir, go Baile Átha Cliath ar an traein do bhronnadh na duaise i bPáirc an Chrócaigh amárach.

Bhí rang a 4 eile ón scoil sa chomórtas freisin leis an gceoldráma, 'Matilda', agus chuadar ar aghaidh go dtí babhta ceannais Connachta.

Is í Deirdre Uí Chuillin an stiúrthóir ceoil atá sa scoil.

Tuilleadh dreamanna ag úsáid Fundit

Katie McGreal

TÁ dá dhream éagsúla i nGaillimh ag lorg tacaíochta tríd an suíomh idirlín www.fundit.ie chun imeachtaí nó ócáidí éagsúla a dhéanamh.

Tá an comhlacht amharclannaíochta, Moonfish ag lorg tacaíochta ionas gur féidir leo a ndráma, 'Tromluí Phinocchio' a chur ar an stáitse in Amharclann Smock Alley ag an ABSOLUT Fringe 2012 i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair.

Insíonn an dráma an taobh dorcha den seanscéal 'Pinocchio' don lucht féachana i mBéarla agus i nGaeilge agus le neart ceoil agus fuaime. Tá tuilleadh eolais fúthu ar fáil ar an leathanach Facebook 'Pinocchio by Moonfish'.

Tá an t-ealaíontóir agus n grianghrafadóir, Clare Cashman, ag lorg tacaíochta ionas gur féidir léi 365 grianghraf a léiríonn athrú aimsire agus solais i gConamara a phriontáil. Thóg Clare grianghraf amháin chuile lá ar feadh bliana in áiteanna áirithe i gConamara agus anois tá sí ag iarraidh go mbeadh gach duine in ann sult a bhaint as an éifeacht atá ann.

"Léiríonn siad athrú solais thar thréimhse bliana," a deir Clare. "Aidhm an fheachtais ná taispeántas a chur le chéile."

Thóg Clare na grianghraif in 2009. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi Clare ar a suíomh, www.clarecashman.com.

Tá lucht Moonfish ag lorg €12,000 agus tá Clare ag lorg €18,500 agus tiocfaidh deireadh leis an dá fheachtas ar an 12 Meitheamh. Íocfar ar líne le cárta creidmheasa ach mura mbaineann na grúpaí a spriocanna amach, ní gheobhaidh siad aon airgead.

Is féidir a theacht ar an dá fheachtas tríd an mbosca cuardach ar an leathanach baile de www.fundit.ie. Chuir 'Moonfish' isteach i gcomhair 'Tromluí Phinocchio' agus 'Clare Cashman' isteach don fheachtas ealaíne.

Lá Náisiúnta Líníochta

BEIDH Músaem Cathrach na Gaillimhe ag ceiliúradh Lá Náisiúnta Líníochta ar an Satharn seo, 19 Bealtaine.

Is féidir le gasúir dul isteach sa Mhúsaem agus iarracht a dhéanamh pictiúr a tharraingt d'aon rud atá ann. Cabhróidh an bhileog oibre, 'An Rud is Fearr Liom' leo agus beidh sé ar fáil ón bhfáilteoir. Beidh an ócáid oiriúnach do ghasúir os cionn 6 bliana d'aois.

Iarrtar ar dhaoine óga agus ar dhaoine fásta breathnú ar an taispeántas sealadach atá sa Mhúsaem faoi láthair, 'Banealaíontóirí an 20ú hAois'. Tá sé ar iasacht ón Modern Gallery i Sligeach. Tá lucht an Mhúsaeim ag súil le go mbeadh neart inspioráide le fáil ón taispeántas.

Beidh pinn luaidhe agus bileoga ar fáil ón bhfáilteoir d'éinne a bheidh á n-iarraidh don lá. Beidh saor chead isteach sa Mhúsaem agus ní gá d'éinne áit a chur in áirithe.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Músaem ar 091 532460 agus beidh an áit ar oscailt ó 10rn go dtí 5in ar an Satharn.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Bhaile Átha Cliath

Cúrsa mata trí Ghaeilge i gColáiste Griffith

Colm Ó Broin

TÁ Coláiste Griffith i mBaile Átha Cliath ag cur cúrsa mata Ardteistiméireachta ar fáil trí Ghaeilge, saor in aisce, Dé Domhnaigh seo chugainn.

Beidh an cúrsa seo ag díriú ar an scrúdú gnáthleibhéil. Tá sé mar chuid de thionscnamh '*Free Education*' a bhunaigh Tomás Mac Eochagáin, Stiúrthóir na Clár Acadúil i gColáiste Griffith.

Beidh sé ar siúl ó 8.45rn-5.30in agus pléifear ábhair ar nós uimhreacha choimpléascacha, feidhmeanna, graif, triantánacht, dóchúlacht agus staitisticí.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó www.gcd.ie/mathsrevision.

Imram i gClub an Chonartha

BEIDH oíche Imram ar siúl i gClub an Chonartha i mBaile Átha Cliath Dé hAoine beag seo.

I measc na n-aíonna a bheas ann beidh Dairena Ní Chinnéide ó Chorca Dhuibhne, údar an leabhair *'Máthair an Fhiaigh/The Raven's Mother'* agus *'Bleachtaire na Seirce'*.

Beidh fear na nDéise, Stiofán Ó Cadhla, i láthair chomh maith. Údar an leabhair An Creidmheach Déanach is ea é siúd agus bhuaigh sé Gradam Mhichíl Uí Airtnéide i mbliana.

Mar aon leo siúd, beidh Séamas Barra Ó Súilleabháin, Tony Mac Mahon agus Steve Cooney i láthair freisin. Tosóidh an ócáid ag 8.30in agus beidh saorchead isteach ann.

Intéirneacht le Comhar Teo

TÁ an iris Comhar ag tairiscint intéirneachta do dhuine le Gaeilge faoi láthair. Beidh an té a ceapfar i mbun oibre lena bhforannóg foilsitheoireachta, LeabhairCOMHAR.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí an chomhlachta ar Rae Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, ar feadh ceithre mhí.

Ní bheidh tuarastal leis an bpost ach deir Comhar go n-íocfaidh siad as costais áirithe.

Bainfidh an obair a bheas ar bun ag an intéirneach le margaíocht, eagarthóireacht, riaradh oifige, ríomhfhoilsitheoireacht agus eile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó leabhaircomhar@gmail.com nó ó www.iriscomhar.com.

Beidh an file Dairena Ní Chinnéide i láthair ag IMRAM i gClub an Chonartha Dé hAoine beag seo.

Beidh cúrsa mata trí mhéan na Gaeilge i gColáiste Uí Ghríofa Dé Domhnaigh seo chugainn. Grianghraf: Shantanu Bhar via Flickr/Creative Commons.

Ceatharlach

Campaí Samhraidh do pháistí i gCeatharlach

BEIDH campaí samhraidh trí mheán na Gaeilge ar bun ag Glór Cheatharlach i mí Iúil i mbliana. Beidh Campa na nÓg ar siúl i Naíonra Ghráig Chuilinn ón 2-6 agus ón 9-13 Iúil ó 10rn-1in, Luan go hAoine. Eagrófar meascán d'imeachtaí do pháistí idir 5-7 mbliana d'aois le hobair ealaíne agus ceardaíochta, cluichí agus turais áitiúla ina measc. Tá costas €40 in aghaidh na seachtaine ar an gcampa seo. Beidh Campa Samhraidh do pháistí níos óige, ó 7-10 mbliana d'aois, ar siúl i nGaelscoil Cheatharlach ó 10rn - 2in ar 16-20 Iúil. Tá 50 áit ar fáil agus beidh costas €40 air sin chomh maith. I measc na ngníomhaíochtaí beidh snámh, cluichí, ealaín, amhránaíocht, ceardaíocht, rince céilí agus roinnt turas i rith na seachtaine. Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais ar fáil ó oifig Ghlór Cheatharlach ar 059 9158105.

Páistí a d'fhreastal ar Champa Samhraidh Ghlór Cheatharlach anuraidh.

Rath Cairn

Comharchumann ag teacht slán ó chruóga airgid

Máirtín Ó Catháin

"BA cheart go mbeadh Comharchumann Ráth Chairn in ann a theacht slán as cruóga airgid a bhí orthu le gairid," a deir Pádraig Mac Donnchadha atá ag feidhmiú mar bhainisteoir ansin.

Ag labhairt linn an tseachtain seo dúirt sé go raibh lámh chúnta a thug daoine aonair dóibh ina thaca mór acu.

Chuir daoine éagsúla iasachtaí, ar fiú €12,000 in iomláine iad, ar fáil dóibh le scaitheamh.

Thug sin as sáinn iad i dtaobh aisíocaíochtaí.

Bhíodar ar feadh scaitheamh gan aon chóras rótharraingthe sa mbanc agus bhí an saol ag dul go snaidhm an rópa leo. Dúirt Pádraig Mac Donnchadha go bhfuil airgead le n-íoc ar ais acu sa mbanc i gcónaí ach go bhfuil eagar curtha air sin anois.

"Tá an laghdú atá déanta ar an deontas riaracháin a d'fhaigheadh muid ó Údarás na Gaeltachta ag goilliúint orainn freisin," a deir Pádraig. "€58,000 sa mbliain atá muid a fháil anois - sin i gcomórtas le €85,000 roinnt blianta ó shin. Sin athrú mór."

Dúirt Pádraig Mac Donnchadha go bhfuil gearradh siar déanta acu ar roinnt bealaí anois. Tá an fhoireann laghdaithe go dtí 3; bhíodh seisear acu. "Ní raibh muid ag iarraidh aon ghearradh mar sin a dhéanamh nó gurbh éigean dúinn géilleadh sa deireadh thiar thall," a deir Pádraig.

Dhíol an Comharchumann roinnt talún freisin a bhí ceannaithe acu le haghaidh tithe cónaithe leathscór bliain ó shin. Ní raibh praghsanna talún lasta uilig an uair sin, a dúirt Pádraig Mac Donnchadha, agus d'éirigh leo a gcuid féin a fháil ar ais orthu.

Tá dhá oifig ligthe amach ar cíos acu in ionad an Chomharchumainn anois freisin agus tugann sin isteach roinnt mílte euro sa mbliain.

Tá cáil le fada ar an Ionad Pobail atá lonnaithe le taobh oifigí an Chomharchumainn ach dúirt Pádraig Mac Donnchadha nach bhfuil ag éirí chomh maith leis anois agus a bhíodh.

"Tá an t-athrú atá ag teacht tar thithe ósta agus ar nósanna óil ar fud na tíre anseo freisin," a dúirt sé.

Iomaíocht Shasanach do Bhaile Síneach Átha Luain

Colm Ó Broin

TÁ beag is fiú déanta ag forbróirí i Learpholl Shasana de phlean chun mol trádála Síneach a thógáil i mBaile Átha Luain.

Fuair Athlone Business Park Ltd. cead pleanála ó Chomhairle Contae na hIarmhí agus ón mBord Pleanála chun 'Baile Síneach' 100,000 méadar cearnach a thógáil ar an gCreagán, dhá chiliméadar ón mbaile lártíre.

Cosnóidh an togra €174 milliún agus cruthóidh sé 1,200 post tógála agus 1,530 post san ionad féin ina dhiaidh sin, dar leis an gcomhlacht. D'fhéadfaí suas le 9,000 duine a bheith fostaithe ann i gceann deich mbliana de réir an chomhlachta.

Fuair forbróirí i gceantar an Wirral in aice le Learpholl ceadúnas do mhol trádála Síneach i mí Meán Fómhair seo caite, áfach, agus dar leo beidh togra s'acu i bhfad níos láidre ná an ceann atá beartaithe do Bhaile Átha Luain.

In agallamh leis an Liverpool Echo, dúirt príomhfheidhmeannach Peel Developments, Lindsey Ashworth, nach raibh imní ar bith orthu faoin togra Éireannach toisc go mbeadh sé lonnaithe i "lár an chriathraigh."

"Ní thaistealóidh daoine i bhfad ó aerfort le dul chuig áit mar sin. Tá an togra seo againne i bhfoisceacht uair an chloig ó dhá aerfort idirnáisiúnta.

"Ní rachaidh daoine ann mura mbeidh sé lonnaithe in áit fhoirfe, agus tá an t-ionad atá againne foirfe."

Tá sé mar aidhm ag an togra Éireannach déantúsóirí Síneacha a mhealladh go dtí an t-ionad ionas gur féidir leo earraí a dhíol le ceannaitheoirí Eorpacha. De réir na bpleananna osclóidh sé in 2015.

Deir an grúpa in Wirral go mbeidh ionad s'acu réidh le hoscailt in Earrach 2014.

Dar leo, gheobhaidh siad an ceann is fearr orthu má osclaíonn siad an t-ionad roimh thogra Bhaile Átha Luain agus má bhíonn na háiseanna acu ar ardchaighdeán.

"Pléascfaidh muid as an uisce iad," arsa Aynsley. De réir Peel Developments tá infheistíocht agus ábhar déantúsóirí meallta acu ón tSín cheana féin.

Níl Athlone Business Park Ltd ag eisiúint aon ráiteas maidir leis an agallamh.

Tá cáineadh déanta ag An Taisce ar an bplean. Luaigh siad an t-ionad in Wirral mar aon le mol trádála eile atá beartaithe san Ísiltír agus ceann atá ar oscailt in Antwerp cheana féin agus iad ag déanamh gearáin leis an mBord Pleanála faoin togra i mBaile Átha Luain. Dar leo bheadh sé níos easca ag chomhlachtaí Síneacha earraí a dhíol le ceannaitheoirí as áiteanna eile san Eoraip seachas Baile Átha Luain.

Tá cead pleanála faighte ag an Euro Chinese Trading Hub i mBaile Átha Luain.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Leabhar Nua Blascaodach ar a mbealach

BHUAIL 'Rí' Springfield Mass. SAM, an Dr Mícheál Ó Cearna, iarBhlascaodach, le Uachtarán na hÉireann nuair a bhí sé i Meiriceá le déanaí. Tuigtear go bhfuil Mícheál, atá 92 bliain d'aois, i mbun scéal a bheatha a bhreacadh. Tá a chliamhain, Liam Mac Aodha, ag cabhrú leis an iarracht. Ba choir go mbeadh an leabhar againn don Nollaig, nó go luath an bhliain seo chugainn.

Carol Cronin, ó Chill Mhantáin go Corca Dhuibhne

AR ais go Corca Dhuibhne agus ag réiteach do thaispeántas dá cuid oibre thar lear tá Carol Cronin, ealaíontóir atá buailte fúithi i gCorca Dhuibhne le tamall de bhlianta. Is i gCill Mhantáin a rugadh Carol. Ghnóthaigh na cáilíochtaí caoi dá ceard. Tar éis di a theacht go Corca Dhuibhne an chéad uair thit sí i ngrá leis an gceantar. "Áit iontach don ealaíontóir," ar sí, "mar tá an éagsúlacht timpeallachta, na dathanna, an fiántas agus an tsibhialtacht mhealltach dosháraithe. Mar atá 'fhios agat," ar sí, "tugaim geábhanna thar lear, ach nuair a tagaim ar ais éiríonn mo chroí agus tagann fonn oibre diamhair dearfach orm." Deineadh taispeántais dá cuid, ó Nua-Eabhrac go hAmstardam.

Chaith sí tréimhse maith sa Spáinn. Bhí an bia agus na daoine go deas. Beagán don sean éirí in airde fós imeasc na n-uasal, dar léi. Is i gceantar Ghranada a bhí sí, ach ní raibh aon ábhar gur fiú trácht é ann don ealaíontóir. "Bhí gach rud rua, nó donn dhóite". Le déanaí bhí sí i gCúba agus cé go raibh an timpeallacht pas beag dóite bhuail sí le grúpa d'ealaíontóirí agus bhíodar ag malartú tuairimí fén gceantar, na daoine agus an saol ansúd, trí shúile an ealaíontóra. "Thaithin mo thréimhse liom, ach bhí Iarthar Dhuibhneach ag glaoch," a dúirt sí.

Chuala cúpla duine ag caint fé shaothar dá chuid ina raibh fear áitiúil ag crú bó. Chonac é. Cheannaigh fear é seo ach bhí oiread dúil ag Carol ann, gur cheannaigh sí ar ais é, ar €200. Ach cén fáth nár dhein sí ceann eile mar é?. "Ní mar sin a bhíonn, is baolach," ar sí. "Ní fhéadfainn, dar liom, a mhacasamhail a dhéanamh arís. Tá sé cosúil, le dán maith."

Tá Carol ag súil go mbeidh cuid dá saothar ó Chúba agus ón Spáinn sa taispeántas atá á bheartú aici sa Daingean ar an Satharn an dara lá de Mheitheamh.

"Scrúdú coinsiasa" ar CLG na Gaeltachta

Breandán Mac Gearailt

AR an Aoine seo caite bhí, mar a chuir fear amháin cliste é, 'scrúdú coinsiasa' ag CLG na Gaeltachta.

Tugadh cuireadh do thuismitheoirí, agus lucht tacaíochta a theacht go dtí an tionól le cúrsaí a phlé agus a dtuairim a thabhairt ar conas is fearr a fhéadfadh an cumann feabhsú agus má bhí aon lochtaí, cad ba cheart a chaitheamh i dtraipisí.

Bhí beirt shaineolaithe i láthair a chuir ceisteanna faoi gach gné den chumann agus d'iarradar freagraí. Roinneadh a raibh i láthair ina ngrúpaí agus tugadh ceannteidil i leith gach gné a bhaineann leis an gcumann. Is cuid é seo de phlean cúig bliana atá á réiteacht ag an gcumann. Cé go bhfuil beagnach ceithre chéad ball ag an gcumann is thart ar tríocha duine a bhí i láthair. Más fíor do chuid acu siúd a labhair liom, ní raibh an dream a bhíonn coitianta ag gearán i láthair in aon chor ach bhíodar sásta go raibh meascán d'óg agus meánaosta ar an bhfód. Is dócha go bhfuil an cumann ag iarraidh an ré órga a bhí acu deich mbliana ó shin a ath-adhaint nó a athshealbhú.

Seo cuid de na moltaí a bhí ag na grúpaí, béim níos mó ar an oiliúint, páirt ghníomhach a ghlacadh in 'Scór'; cuireadh agus sólaistí a chur ar fáil do thuismitheoirí go mór mhór iad siúd a mbeadh baill dá gclann ag imirt don chumann le ceangal níos treise a nascadh. Moladh comórtas caide idir na paróistí a eagrú nó 'blitz' deireadh seachtaine a eagrú. Measadh go mba cheart oifigeach Gaolainne agus cultúir a bheith ag an gcumann agus a theacht ar fhoirmle a mhúsclódh misneach agus muinín níos fearr. Ar an taobh diúltach, bhí an cheist conas a rachfaí i ngleic leo siúd ar le Béarla a tógadh iad, le himreoirí nach dtagann ach nuair a oireann dóibh agus le laghdú ar chostais agus méadú ar theacht isteach gan aon ardú a chur ar chostas ballraíochta. Measadh go mba chiallmhaire ar uairibh cúig na sé ghluaisteán a bheith ag taisteal go dtí cluichí i bhfad ó bhaile seachas an costas mór atá anois ar bhus. Bhí an tuairim le clos nár cheart aon imreoir a bheadh as láthair gan chúis a dhíbirt go dtí an dtaobhlíne nó a fhágaint ar lár ar fad. Cúpla duine a bhí don tuairim sin ach mheas go leor gur mealladh agus comhthuiscint níos fearr a leigheasfadh an leisce. Má bhí imreoirí go minic gafa ag ócáidí sóisialta go mba cheart go mbeadh comhairle chliste a chuirfeadh ar an gconair cheart iad.

Cinnte mheasfá ná fuil aon easpa féinmhuiníne i measc oifigigh an chumainn, a bhformhór réasúnta óg.

Le déanaí bhí baill 'anbhailithe' mar nár éirigh le foireann na sinsear an lá a bhreith ar an Dromaid mar go raibh 'formhór na himeartha acu, 'ach gan an faobhar agus an fuadar a bhí ag a gcomharsain in Uíbh Ráthach acu'. Ar an nDomhnach bhuaigh Abhainn an Scáil orthu i gcluiche sraithe, 0-19 V 1-10. Arís bhí lucht tacaíochta ag gearán ná raibh na himreoirí sinsir contae, beirt, ná an triúr atá ar fhoireann mionúr an chontae ar fáil; go raibh cúpla duine as láthair de thoradh fadhbanna dosháraithe ach go raibh imreoirí as láthair gan aon leithscéal, más fíor. Chuir an meon seo más fíor, olc ar chuid do lucht tacaíochta an chumainn. San idirlinn, más aon chabhair é nó faoiseamh aigne, bhí an lá leis na buachaillí fé 16 bliana in aghaidh na Stacach ar an Aoine sa chraobhchluiche réigiúin, 5- 17 v O-3. Tá ag éirí go geal leis na foirne fé aois, ach is léir ná fuil na Sinsir chomh hámharach. Mheas ball coiste go mbítear róchrua ar imreoirí agus gur iad siúd ar an gclaí is mó torainn. Feicfear cén toradh a bheidh ar an obair seo. Cinnte ní bhíonn rith maith ag an each i gcónaí.

Is dócha gur fuirist a bheith ag canrán ach gur deacra go mór fadhbanna a leigheas. Guímid gach rath ar phlean cúig bliana chumann na Gaeltachta.

Con Houlihan, an píobaire, Eleanor Prestage, paróiste Naomh Séamas, an Canónach George Salter agus Eric Prestage, Bardach na hEaglaise, taobh amuigh de Theampall Naomh Séamas (Eaglais na hÉireann) tar éis seirbhíse i nGaeilge i rith Fhéile na Bealtaine.

Deis do dhuine le Gaeilge nádurtha líofa naíonra a bhunú agus a stiúradh i gcomhphairt le Gael-Choláiste Phort Láirge

Tá Gael Choláiste Phort Láirge ag lorg duine a bheadh sásta naíonra a bhunú agus a stiúradh faoi scáth an Ghael-Choláiste. Tá suíomh aimsithe, agus beidh deontaisi ar fáil. Ní mór don duine a bheith láncháillithe agus in inmhe a ghnó fein a reáchtáil agus a chur chun cinn. Duine neamhspleách dícheallach féinthreoirithe le tuiscint mhaith acu ar an tumoideachas ata ag teastáil.

Gach eolas ó Stiofán 087-9091673

Duine ag teastáil le naíonra a stiúradh

Katie McGreal

TÁ Gaelcholáiste Phort Láirge ag lorg duine a bheadh in ann naíonra a bhunú agus a stiúradh faoi scáth an Ghaelcholáiste ach a bheidh go hiomlán neamhspleách ón scoil. Tá suíomh aimsithe acu don naíonra agus tá deontais ar fáil dó freisin. Cuirfidh bord bainistíochta na scoile tacaíocht ar fáil don té a cheapfar, ach ní bheidh mórán baint acu leis an naíonra.

Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag an duine a cheapfar agus an meon ceart a bheith aige/aici.

"Táimid an-dáiríre faoin nGaeilge sa naíonra," a dúirt Stiofán Beatty atá ar bhord bainistíochta na scoile. "Táimid ag iarraidh timpeallacht lánGhaeilge a chruthú."

Tá suíomh buan ag an scoil faoi láthair agus beidh an naíonra lonnaithe san áit chéanna. Táthar ag siúl le go mbeadh siad in ann an scoil a mhéadú agus a fhorbairt leis an naíonra seo. Beidh lánchead ag an té a cheapfar daoine eile a fhostú. Tá súil ag bord bainistíochta na scoile go n-osclóidh an naíonra i Meán Fómhair seo chugainn, mar sin tá práinn orthu an duine ceart a aimsiú.

D'oscail Gaelcholáiste Phort Láirge 6 bliana ó shin agus tá 150 dalta acu faoi láthair. An aidhm a bheidh ag an mbord bainistíochta don naíonra ná go mbeadh 100 dalta ann amach anseo cé nach bhfuil aon liosta acu de dhaoine a bhfuil suim acu ann go fóill.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Stiofán ag 087 9091673.

'Dul Gaedhealuinne na nDéise' - Comhdháil na nDéise

Katie McGreal

BEIDH an chéad Chomhdháil na nDéise ar siúl in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL) ar an Déardaoin, 7 Meitheamh.

Comhdháil lae atá i gceist leis agus clúdófar gach gné de Ghaeilge na nDéise ann, litríocht, canúint, amhránaíocht, ceol agus stair san áireamh.

Osclóidh an tAire Stáit, Donncha Mac Fhionnlaoich an Chomhdháil go hoifigiúil é agus tabharfaidh an tOllamh Pádraig Ó Macháin ó Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath léacht ar 'An Saol Mór agus Litríocht na nDéise' agus beidh léacht eile ó Nioclás Mac Craith ar 'Dul Gaedhealuinne na nDéise'.

Is í aidhm na comhdhála ná na daoine atá ag déanamh taighde ar ábhair a bhaineann le Gaeilge agus le Gaeltacht na nDéise a thabhairt le chéile agus an taighde sin a chur ar fáil do mhuintir na nDéise, do thaighdeoirí eile, agus do gach éinne a mbeadh spéis acu inti. Táthar ag iarraidh aird a dhíriú ar thábhacht Ghaeltacht na nDéise agus ar shaibhreas Ghaeilge na nDéise agus a léiriú do mhuintir na Gaeilge agus na Gaeltachta go bhfuil ITPL ag déanamh gach iarracht Gaeilge na nDéise a chur chun cinn.

Seolfaidh an tAire Stáit Mac Fhionnlaoich Cartlann Chultúr na hÉireann ITPL an lá céanna. Beidh bailiúcháin Bobby Clancy, Gaeldhealuinn na nDéise, bailiúcháin de thionscadail agus d'obair pháirce ar Éirinn agus Talamh an Éisc, taifeadtaí d'amhráin, de cheol agus de logainmneacha a bhailigh mic léinn ITPL agus neart eile sa Chartlann.

Beidh fáilte roimh chách ar an lá agus cuirfear aistriúchán comhuaineach ar fáil do dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu. Beidh táille €10 ar an lá agus cuirfear lón ar fáil do gach duine. Caithfear clárú roimh ré agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó deise@wit.ie.

Nótaí Uíbh Ráthaigh

Scioból na bhFear

Ag cur tús le tionscnamh nua sna ceantracha Gaeltachta! Tugann SKDP cuireadh d'fheara a bhfuil roinnt ama saor acu breis eolais a fháil mar gheall ar thionscnamh Scioból na bhFear a bhunú. Is láthair é seo dfheara, áit shóisialta inar féidir leo casadh lena chéile, a gcuid tionscnamh féin a dhéanamh agus imeachtaí a eagrú dóibh féin. Tá a leithéid tosaithe cheana i gCill Áirne agus sa Neidín agus beidh daoine ó na háiteanna sin ar fáil chun eolas a roinnt mar gheall ar an dtionscnamh. Má theastaíonn uait breis eolais a fháil téigh go hOifig an Chomhchoiste i gCeann Eich ar an gCéadaoin 23 Bealtaine ag 2.30 in. Beidh fáilte ann romhat agus cupán tae freisin!

Tíleadóireacht

Beidh cúrsa FETAC 4 i dtíleadóireacht ag tosú sa Dromaid an chéad mhí eile. Mairfidh an cúrsa seo ceithre lá agus beidh sé saor in aisce do dhaoine ar liúntais áirithe - uaschostas do dhaoine eile, €120. Eolas breise ón gComhchoiste ag 9474888.

Mála lán de Choirn ag an bPobalscoil

BEIDH lá bronnta na mbonn ar imreoirí caide Phobalscoil Chorca Dhuibhne ar an 23 Bealtaine. Bhí ard bhliain ag na peileadóirí óga ón scoil a dhein gaisce thar ghaiscí i mbliana. Bhí an Príomhoide, Pádraig Feirtéar lán de mhórtas nuair a labhras leis. "Ní cás iad a mholadh," ar sé, "mar bhuadar lán mála de choirn i leibhéal Choláistí Chiarraí agus na Mumhan, Corn Ruiséal, Corn Dunloe, Corn Uí Shúilleabháin, Corn Uí Mhóráin, Corn Frewen agus Corn Uí Mhuirí. 'Is mó scoil a bheadh lán d'áthas dá mbeadh ceann acu seo buaite acu," arsa ball den Bhord Bainistíochta. Beidh sóláistí á chur ar fáil don ócáid ag Muintir Ghairbhí agus Óstán na Seilge.

Lá Oscailte

BEIDH Fáilte roimh chách go dtí, ' Lá Oscailte' atá á eagrú ag Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. sa Mhúsaem ar an mBuailtín ar an 17ú lá. Beidh sé ar siúl óna 3 i.n. go dtí a 7 i.n.

Nóirín B. Ní Bheaglaoich ó Bhaile Breac, Daingean Uí Chúise lena hathair, Mícheál nuair a bronnadh céim dochtúra sa stair uirthi i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, le déanaí.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Tír Chonaill

Ceiliúradh Cholm Cille

Katie McGreal

TÁ lucht Oideas Gael ag Ceiliúradh Cholm Cille ón Aoine, 1 Meitheamh go dtí an Luan, 4 Meitheamh i nGleann Cholm Cille i nDún na nGall.

Seolfaidh an tAire Stáit, Dinny McGinley, an ócáid ag 8in ar an Aoine agus ina dhiaidh sin, ag 8.30in, tabharfaidh stiúrthóir Iontaobhas Ultach, Aodán Mac Póilín, léacht. Beidh ceol Gaelach ar siúl i dTeach Tábhairne Cionn Ghlinne ó 10in ar aghaidh.

Tosóidh ranganna agus cúrsaí an deireadh seachtaine ar an Satharn. Beidh rang i nGaeilge na hAlban, grianghrafadóireachta, rang ar an mbodhrán agus rang i ndamhsaí Thír Chonaill ar siúl ón Satharn go dtí an Luan. Tá costas €90 orthu uilig, seachas an rang i nGaeilge na hAlban. Tá costas €100 air sin. Is féidir leis na rannpháirtithe na ranganna a fhágáil le linn an lae chun imeachtaí eile a dhéanamh agus dul ar ais go dtí an rang ina ndiaidh. Caithfear áit a chur in áirithe do na ranganna trí ghlaoch a chur ar Shiobhán ar 074 9730248.

Beidh siúlóidí ar shléibhte Thír Chonaill ar siúl ar an Satharn ó 10rn go dtí 5in.

Beidh ócáid Gàidhlig-Gaeilge ar siúl ó 12in ar an Domhnach agus beidh céilí mór ar siúl an oíche sin. Cuirfear neart ceoil ar siúl Tigh Roarty an oíche sin freisin.

Níl costas ag baint le haon imeachtaí, seachas na ranganna, agus is féidir le hOideas Gael lóistín a shocrú duit. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Shiobhán ar 074 97301248 nó oideasgael@eircom.net.

An Dún

Scoil Samhraidh Shéamuis Uí Néill

Treasa Bhreathnach

AR an 8 agus 9 Meitheamh beidh móruaisle scríbhneoireacht na Gaeilge ag cruinniú i gCaisleán an Muilinn i gContae an Dúin i gcomhar an chéad 'Scoil Samhraidh Shéamus Uí Néill'.

Tá sé i gceist ag an Scoil Samhraidh seo scríbhneoireacht na Gaeilge a chur chun cinn trí shrutháin cheardlainne; ag scríobh i gcomhar na teilifíse / scannán, iriseoireacht agus scríbhneoireacht chruthaitheach. I measc na n-imeachtaí eile a bheas ar súil le linn na deireadh seachtaine beidh; siúlóid threoraithe sa bPáirc Foraoise le hAodhán Crilly (O' Raghallaigh), drámaíocht le páistí bunscoile; an Dr. Nicholas Mac Cathmhaoil ó Ollscoil Uladh ag labhairt faoi thraidisiún lámhscríbhinní an Dúin, ceol ó Chór Loch Lao (Béal Feirste), Cór Thaobh an Leithid (Gaoth Dobhair) agus Cór Chaisleán an Mhuilinn agus iad ag canadh le chéile faoi stiúir, Dhoimnic mac Giolla Bhríde.

Rugadh Séamus Ó Néill i gClárchoill, taobh amuigh de Chaisleán an Muilinn, in 1910. I measc a shaothar, scríobh sé úrscéalta, dánta, gearrscéalta agus eile. Scríbhneoir króga a bhí ann agus é ag plé ní hamháin le gnáthábhar mar dhrámaí stairiúla, dánta do pháistí agus úrscéalta ach é ag plé chomh maith le hábhar neamhchoitianta don am in Éirinn sna 1950idí, mar shampla foréigean teaghlaigh agus cliseadh pósta. Fuair sé bás in 1986.

Tá súil go mbeidh an Scoil Samhraidh seo mar scoil samhraidh bhliantúil agus iad ag iarraidh teagmháil a dhéanamh le clann Shéamuis Uí Néill chun eolas a thabhairt dóibh faoin bhféile. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi chlár ama na féile, is féidir dul i dteagmháil leis an lucht eagraithe, Glór Uachtar Tíre. Is féidir ríomhphost a sheoladh chucu ag gloruachtartire@hotmail.co.uk, nó glaoch ar 028 437 70331. Is féidir teagmháil a dhéanamh ag na sonraí chéanna más féidir leat cabhrú le hiarrachtaí an lucht eagraithe teagmháil a dhéanamh le clann Uí Néill.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Connie agus Grace Mc Kelvey ón Chlochán Liath i nDún na nGall lena mic, Patrick agus Eamon agus a n-iníon, Lisa ag comóradh 50 bliain a bpósta le déanaí. PIC: EOIN MC GARVEY

Oíche Eolais Pheil na Gaeltachta

Katie McGreal

BEIDH oíche eolais ar siúl i gclubtheach Chumann Lúthchleas Gael (CLG) Ghaoth Dobhair, Machaire Gathlán ar an Luan, 21 Bealtaine ag 8in chun deireadh seachtaine náisiúnta, Chomórtas Peile na Gaeltachta a phlé.

Labhrófar faoi leagan amach an deireadh seachtaine, na foirne a nglacfaidh páirt ann agus struchtúr an chomórtais. Beidh costas €10 in aghaidh an duine i gceist d'éinne atá ag iarraidh páirt a ghlacadh ann. Má tá foireann iomlán le páirt a ghlacadh, gheobhaidh siad lascaine. Pléifear na himeachtaí sóisialta a bheidh ar siúl idir céilithe, ceol agus damhsa le linn an na hócáide ag an gcruinniú freisin. Is ea an deireadh seachtaine fada, 1 Meitheamh go dtí 4 Mheitheamh atá i gceist.

Tá sé 10 mbliain ó gur d'eagraigh muintir Ghaoth Dobhair an Comórtas Peile seo go deiridh.

"Beidh cabhair ag teastáil ón phobal," a deir Kelly Uí Dhomhnaill, rúnaí Coistí CLG Ghaoth Dobhair mar gheall ar na himeachtaí sóisialta, ar nós an cheoil agus mar sin.

Beidh fáilte roimh chách ag an gcruinniú.

Cúrsaí Scileanna Raidió ar siúl ag Raidió Fáilte

Katie McGreal

CUIRFIDH Dónall Chaoimhín Mac Murchaidh ó Raidió Fáilte cúrsa traenála i scileanna raidió ar siúl do ghrúpaí pobail atá ag iarraidh iarratais do cheadúnas raidió pobail a chur isteach d'Ofcom.

Tá lucht Raidió Fáilte ag iarraidh cabhair a thabhairt do dhaoine chun stáisiún raidió pobail a bhunú agus iad a mhealladh chun stáisiún Gaeilge a dhéanamh as.

"Beidh taithí (raidió) ag roinnt daoine atá ag teacht," a deir Dónall, "agus ní bheidh taithí ag roinnt eile."

Le linn an chúrsa, díreofar ar an dóigh le cláir raidió a chur le chéile, scileanna taighde agus agallaimh agus le scileanna eagarthóireachta. Beidh Dónall ag súil le go ndéanfaidh gach duine a ghlacfaidh páirt sa chúrsa clár raidió amháin ar a laghad agus beidh siad in ann an clár sin a úsáid mar chreatlach do na cláir a bheidh ar a stáisiún féin.

Dhá bhás brónacha i mBéal Feirste

Pól Ó Gréacháin

Fuair Pól Ó Gréacháin bás go tobann uair an chloig tar éis gur cuireadh a máthair Dé Sathairn seo caite.

Bhí sé luath sna caogaidí.

Bhí clú air mar dhlíodóir agus mar dhuine a throid ar son chearta teanga na nGael i gcónaí.

Bhí Raidió Fáilte, an Chultúrlann agus Coláiste Feirste i measc a chuid cliantaí.

Bríd Maloney

Ní raibh Bríd Maloney ach 30 bhliain d'aois nuair a fuarthas marbh ina teach féin í, tráthnóna Dé hAoine seo caite.

Bhí cónaí uirthi i mBéal Feirste le fada ach b'as Tigh Beannáin, Contae Lú, ó dhúchais í.

Bhí sí ina léiritheoir teilifíse le Clean Slate TV i mBéal Feirste.

Bhí scannán dá cuid 'The Bothy Boy' ainmnithe ar an ghearrliosta sa rannóg ealaíona ag an Celtic Media Festival.

Chaith sí tamall ag obair le hAonad na Gaeilge de chuid an BBC i mBéal Feirste chomh maith.

Bhí aithne uirthi go forleathan i measc phobal na Gaeilge agus i measc cheoltóir traidisiúnta na tíre.

Bhí pearsantacht mhór aici, bhí sí gealgháireach i gcónaí agus ba dhuine flaithiúil cineálta í.

Cronófar í.

Cuirfear í inniu ag a 1:00 i.n. i dTigh Beannáin, Co. Lú.

Bríd Maloney, RIP.

Tá Glór na Móna
Ar lorg
Oifigeach Forbartha Gaeilge

Post lánaimseartha: Go deireadh 2013
Meitheamh 2012 – Nollaig 2013

Critéir Riachtanacha:
- Gaeilge líofa idir labhairt agus scríobh.
- Taithí ar bhainistiú cláir imeachtaí agus forbairt plean oibre pobail.
- Taithí ar theagasc agus ar stiúradh cúrsaí oideachais
- Taithí ar obair óige is forbairt tionscadail óige
- Duine fuinniúil gníomhach féinmhuiníneach a dtig leis/léi obair a dhéanamh as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus riaracháin.

Tuarastal Túsphointe Scála £24,089 ag brath ar thaithí agus cháilíochtaí.

Seolfar CV chuig Cathaoirleach Glór na Móna @ feargal@forbairtfeirste.com nó chuig an seoladh thíos:
Feargal Mac Ionnrachtaigh, Cathaoirleach
Glór na Móna, 199 Bóthar na bhFál, Béal Feirste, BT12 6FB

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le Feargal ar feargal@forbairtfeirste.com nó cuir scairt air 07841101630

Spriocdháta iarratais:
Luain 21ú Bealtaine 2012 5pm, Agallaimh ar an Aoine 25ú Bealtaine 2012.

Tá an post seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.
Is fostóir comhdheiseanna é Glór na Móna

Foras na Gaeilge

glór na móna
Guth Gaelach an Uachtair Chluanaí

Gaelscoil Aodha Rua

97, Bóthar Dhomhnach Mór
Dún Geanainn
Co. Thír Eoghain
BT70 1HD
Guthán: 07540 283 863

97, Donaghmore Road
Dungannon
Co. Tyrone
BT70 1HD
Phone: 07540 283 863

Gaelscoil Aodha Rua
Dún Geanainn

Múinteoir
de dhíth
le tosú 1 Meán Fómhair 2012

Post bliana agus féidearthacht ann go sínfí an conradh nó go ndéanfaí buan é.

Critéir Riachtanacha: Cáilithe mar mhúinteoir. Taithí bliana i nGaelscoil. Ardchaighdeán Gaeilge idir labhairt agus scríobh.

Critéir Inmhianaithe: Taithí teagaisc sa Bhonnchéim. Cumas/taithí ar cheol, spórt, ealaín nó drámaíocht a sholáthar.

Is féidir go mbainfí úsáid as critéir bhreisithe leis an phróiseas gearrliostaithe a éascú.

Is féidir tuilleadh eolais agus foirm iarratais a fháil ach ríomhphost a sheoladh chuig an scoil ag:

gaelscoilaodharua@yahoo.ie

Dáta deiridh d'iarratais:
4.00pm Déardaoin 24 Bealtaine 2012

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

2012 Páipéar 2 - Ceist 2: Prós Ainmnithe

An Gnáthrud le Déirdre Ní Ghrianna

Déan cur síos **gairid** ar an léargas a fhaighimid ar Bhéal Feirste le linn na dTrioblóidí sa ghearrscéal *An Gnáthrud*.

Faighimid léargas cuimsitheach, scanrúil, éifeachtach ar Bhéal Feirste le linn na dTrioblóidí sa ghearrscéal seo, dar liom. Éiríonn leis an údar é seo a dhéanamh dúinn go sciliúil agus go healaíonta. Osclaíonn an gearrscéal i dteach tábhairne atá lán go doras le fir oibre os rud é gur tráthnóna Dé hAoine atá ann agus tá deireadh na seachtaine oibre á cheiliúradh acu. Is cuid den slua seo é Jimmy ach is i gcoinne a thola atá sé ann. Duine ciúin, coinsiasach, stuama é agus b'fhearr go mór leis a bheith sa bhaile i dteannta a mhná agus a gcuid páistí. Tá sé ann ar mhaithe lena bhean chéile, Sarah, a shásamh. Níor mhaith léi siúd go gceapfadh a chairde go raibh Jimmy faoi bhois chait aici agus nach ligfeadh sí dó buaileadh leo uair sa tseachtain.

I ngan fhios dúinn, nach mór, tá an t-údar ag cothú an teannais sa scéal. Seasann Jimmy amach ón slua fear sa bheár. Ní fear óil é. Ní suim leis a bheith ann. B'fhearr leis a bheith sa bhaile lena chlann. Tá sé go mór i ngrá le Sarah. Adhrann sé *(he adores)* na páistí. Feictear dúinn go bhfuil codarsnacht idir saol an tí tábhairne agus saol socair, compordach tí Jimmy. Feictear dúinn freisin go mothaíonn Jimmy ciontach nach bhfuil sé sa bhaile.

A luaithe agus a fhágann sé an teach tábhairne athraíonn atmaisféar an scéil. Lasmuigh ar an tsráid tá sé fuar, ceomhar agus dorcha. Bhí cuma sceirdiúil, dhainséarach le brath. Istigh sa bhialann Shíneach, an *Jasmine Palace*, bhí nithe níos measa fós. Bhí grúpa déagóirí ann agus iad ar meisce. Tá an cailín freastail, Liz, den tuairim gur duine iontach é Jimmy agus é i bhfad chun tosaigh ar na fir eile. Cuireann na déagóirí uafás ar Jimmy mar go bhfuil siad glórmhar, garbh agus drochbhéasach.

Nuair a fhágann Jimmy an bhialann tugann sé faoi deara go bhfuil sé níos fuaire fós. Cuireann sé an mála bia laistigh dá chasóg chun an bia a choinneáil te. Bíonn sé ag tnúth go mór lena bhean agus a pháistí a fheiceáil. Bíonn sé chomh tógtha suas lena smaointí nach bhfeiceann sé an carr gan solas ag teacht ina threo, ina raibh fir óga istigh ann agus caint ghraosta, ghránna ar siúl acu. Maraítear é gan chúis gan mhíniú in ionsaí randamach seicteach *(in a random sectarian attack)* agus é i bhfoisceacht cúpla slat dá theach cónaithe.

Arbh é duine éigin sa teach tábhairne nó duine de na déagóirí sa *Jasmine Palace* a chuir na dúnmharfóirí ar an eolas faoi Jimmy a bheith ag dul abhaile ag an am sin? Arbh é go raibh eolas acu cheana féin ar an bpátrún rialta a bhí aige gach oíche Aoine – ó theach tábhairne an Bhacais go dtí an *Jasmine Palace* go dtí a theach cónaithe? Pé ar bith, éiríonn leis an údar an teannas, an choimhlint agus an bhrúidiúlacht a ghabh leis na Trioblóidí i mBéal Feirste a léiriú go héifeachtach dúinn sa ghearrscéal seo.

Páipéar 2 - Ceist 3: Filíocht Ainmnithe

An Spailpín Fánach - *ní fios cé chum*

1. Déan cur síos gairid ar phríomhthéama an dáin seo agus ar an gcaoi a gcuirtear os ár gcomhair é. Is é saol crua an spailpín ag deireadh an 18ú haois in Éirinn agus a chuid fadhbanna pearsanta féin is téama don dán seo. Tá an spailpín fánach atá faoi chaibidil sa dán tinn tuirseach dá shaol crua:

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe

Ba mhaith leis malairt saoil a bheith aige. Tugann sé le tuiscint dúinn nach bhfaigheann sé ach pá suarach don obair chrua a dhéanann sé. Caitheann sé saol tuirsiúil ag dul ó háit go háit ar thóir oibre. Ní bhíonn i gceist ina chuid oibre ach obair shéasúrach. Chomh maith le sin níl aon chinnteacht ann go bhfaighidh sé obair ar bith mar go bhfuil ag teip ar a shláinte. Sin ceann de na fáthanna gur mhaith leis dul ag saighdiúracht leis na croppies:

ach glacfad fees ó rí na gcroppies,
cleith is píc chun sáite

Cuireann an síorthaisteal de shiúl na gcos as dó chomh maith:

Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataoibh sráide

Anuas ar seo ní bhíonn meas mhadra ag daoine air:

's nuair a théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
'Sin chú'ibh an spailpín fánach!'

2. Cad iad na mothúcháin is láidre sa dán, dar leat?

Is iad an tuirse chroí agus an náire an dá mhothúchán is láidre sa dán, dar liom. Tá tuirse chroí ar an bhfile ó bheith ag obair ó dhubh go dubh ar phá suarach agus a shláinte ag teip air. Braitheann sé go bhfuil sé ag éirí ró-shean don obair chrua:

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go mocha r maidin
's ag bailiú galair ráithe

Tá náire air mar go mbíonn daoine ag magadh faoi agus ag caitheamh anuas air. Is ceap magaidh (laughing stock) os comhair an tsaoil é faoin am seo, dar leis:

's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
'Sin chú'ibh an spailpín fánach!'

Chomh maith le sin tá sé éirithe bréan de bheith caite ar thaobh na sráide ag fanacht ar na feirmeoirí móra chun obair a thabhairt dó. Tuigeann sé nach bhfuil meas mhadra acu air agus nach fada eile a bheidh sé in ann cur suas leis an sclábhaíocht seo. Tá náire an domhain air:

'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
siúd siúl ar an spailpín fánach.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Treoracha don Scrúdú 2012

Tá an Bhéaltriail déanta anois. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil fágtha de na marcanna faoin am seo ach **360** marc. Ar an ábhar sin tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaidh tú chuile iarracht do dhícheall a dhéanamh an méid is féidir leat de na marcanna sin a ghnóthú.

Páipéar 1: **160 marc** **2uair 20 nóiméad**
Ceist 1 Triail Chluastuisceana 60 marc

Tá **trí chuid** sa scrúdú seo:
Cuid A: **Dhá cheann** d'fhógraí raidió (cloistear iad ***faoi dhó***)
Cuid B: **Dhá cheann** de chomhráite (cloistear iad f***aoi dhó***)
Cuid C: **Dhá cheann** de phíosaí nuachta (cloistear iad ***faoi dhó***)

Ní mó duit d'aire a dhíriú go huile is go hiomlán ar ábhar na trialach agus na freagraí a bhreacadh síos go cúramach agus go beacht. Ba chóir duit roinnt trialacha samplacha a dhéanamh ar bhonn rialta roimhré agus cleachtadh a bheith faighte agat ar na canúintí éagsúla. Beidh dlúthbhaint ag na hábhair a bheidh faoi chaibidil ar an dlúthdhiosca le himeachtaí sóisialta, cultúrtha, eacnamaíochta, ceoil, spóirt a bhí chun tosaigh sna meáin chumarsáide le linn na scoilbhliana seo.

Ceist 2: Ceapadóireacht **100 marc** **1uair 50 nóiméad**

Beidh ort **ceann amháin** a dhéanamh as:
A: Aiste
B: Scéal
C: Alt Nuachtáin/Irise
D: Díospóireacht/Óráid

- Is leor 500 - 600 focal nó breis agus **dhá** leathanach leathphraitinne.
- Tá 80 marc ag dul do chumas na Gaeilge agus 20 marc d'ionramháil an ábhair.
- Is fearr **fiúntas** ná **fad**. Ní mór **cloí leis an ábhar** atá faoi chaibidil sa teideal i gcónaí.
- Ba cheart go mbeadh **struchtúr** ceart sa rud a scríobhann tú agus is fiú go mór **plean** a bheith déanta agat sula dtosaíonn tú ag scríobh.
- Topaicí reatha a bhfuil ceangal acu le himeachtaí na scoilbhliana (féach **Ceist 1** (thuas)) a bheidh faoi chaibidil in ábhar na ceapadóireachta.

Páipéar 2 **200 marc** **3uair 05nóiméad**
Ceist 1 Léamhthuiscint 100 marc c.1uair 20nóiméad

Beidh ort ceisteanna a fhreagairt ar **dhá shliocht**:

Sliocht A: 6 ceist le freagairt 50 marc
Sliocht B: 6 ceist le freagairt 50 marc

- Beidh an dá shliocht bunaithe ar phíosaí iriseoireachta liteartha, sóisialta nó cultúrtha a bhí i mbéal an phobail sna meáin chumarsáide le linn na scoilbhliana.
- Ach amháin i gcás Ceist 6 (b) i Sliocht A agus i Sliocht B, **ní gá go mbeadh na freagraí i d'fhocail féin.**
- Freagraí gonta, cruinne a theastaíonn a bhfreagraíonn an cheist go cruinn is go beacht.
- Caillfear marcanna má bhíonn **eolas nach bhfuil ag teastáil** scrípfa síos agat.
- I gcás Ceist 6(a) i ngach cás iarrfar ort **mír ghramadaí** (An Tuiseal Ginideach, An Modh Coinníollach, an tAinm Briathartha, an Aidiacht Shealbhach etc) as alt faoi leith sa sliocht a **ainmniú agus a bhreacadh** síos.
- I gcás Ceist 6(b) i ngach cás iarrfar ort scríobh faoin gcineál (genre) litríochta atá faoi chaibidil sa sliocht agus **dhá thréith** a bhaineann leis an genre seo a bhreacadh síos **nó** cur síos **gairid** a dhéanamh ar an bpríomhcharachtar atá faoi chaibidil sa sliocht agus scríobh faoi na tréithe atá aige/aici. (Is leor 30 - 50 focal sa chur síos seo i ngach cás.)

Ceist 2 Prós Ainmnithe (nó Roghnach) 30 marc c.30 nóiméad

Beidh ort **ceist amháin** a fhreagairt anseo ar **cheann amháin** de na téacsanna próis seo a leanas:
1. Oisín i dTír na nÓg
2. Seal i Neipeal nó An Gnáthrud
3. Hurlamaboc
4. Cáca Milis nó An Lasair Choille
5. Dís

- Tá 25 marc ag dul d'eolas agus 05 marc do chumas Gaeilge.
- Ní mór duit d'aire a dhíriú ar ábhar na ceiste agus an cheist a fhreagairt go beacht is go cru inn. Muna gcloíonn tú le hábhar na ceiste caillfidh tú marcanna.
- Arís is fearr **fiúntas** ná **fad** i gcónaí. Is leor leathanach go leith nó dhá leathanach ar a mhéad sa fhreagairt.
- Tá tábhacht faoi leith leis an gcaidreamh idir na carachtair, tréithe na gcarachtar, na himeachtaí atá léirithe sa ghiota próis agus an téama atá faoi chaibidil ann.

Ceist 3 Filíocht Ainmnithe (nó Roghnach) 30 marc c.30 nóiméad

Beidh ort **ceist amháin** a fhreagairt anseo ar **cheann amháin** de na dánta seo a leanas:

1. An Spailpín Fánach
2. Géibheann
3. Mo Ghrása (idir lúibíní)
4. Colscaradh
5. An tEarrach Thiar

- Tá 25 marc ag dul d'eolas agus 05 marc do chumas Gaeilge.
- Ní mór duit cloí go beacht le hábhar na ceiste nó caillfidh tú marcanna.
- Arís is fearr fiúntas ná fad i gcónaí. Is leor leathanach go leith nó dhá leathanach ar a mhéad sa fhreagairt.
- Beidh téacs an dáin ar an bpáipéar scrúdaithe. Ní mór duit tagairt a dhéanamh don dán agus línte ón dán a bhreacadh síos chun tacú le do fhreagra i gcónaí.
- Tá tábhacht faoi leith ag baint le téama an dáin, na mothúcháin, na híomhánna, an suíomh, an cúlra, an file, meadaracht, codarsnacht, atmaisféar, teicníochtaí fileata, mar a chuaigh an dán bhfeidhm ort etc

Ceist 4 Litríocht Bhreise 40 marc c. 40 nóiméad

Beidh ort **ceist amháin** a fhreagairt anseo ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:
4A: An Triail 4B: A Thig Ná Tit Orm 4C: Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne
4D: Gafa 4E: Canary Wharf 4F: Dánta Breise - A Chlann; Caoineadh Airt Uí Laoghaire; Colmáin; Éiceolaí; Fill Arís.

- Tá 35 marc ag dul d'eolas agus 05 marc do chumas Gaeilge.
- Ní mór duit cloí go beacht le hábhar na ceiste i gcónaí.
- Arís is fearr **fiúntas** ná **fad** i gcónaí. Is leor leathanach go leith nó dhá leathanach ar a mhéad sa fhreagairt.
- I gcás an phróis tá tábhacht faoi leith leis an gcaidreamh idir na carachtair, tréithe na gcarachtar, na himeachtaí atá léirithe sa ghiota próis agus an téama atá faoi chaibidil ann.
- I gcás na filíochta tá tábhacht faoi leith ag baint le téama an dáin, na mothúcháin, na híomhánna, an suíomh, an cúlra, an file, meadaracht, codarsnacht, atmaisféar, teicníochtaí fileata, mar a chuaigh an dán bhfeidhm ort etc

Ádh mór oraibh go léir sa scrúdú, a dhaltaí!

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Ullmhú don Scrúdú - Treoracha agus leideanna

Páipéar 1

150 marc
2 uair a chloig

Roinn 1

	Cluastuiscint	**40 marc**	**c.20 nóiméad**
Cuid A:	**dhá** ghiota cainte		
Cuid B:	fógra **agus** píosa nuachta		
Cuid C:	**dhá** chomhrá		

Comhairle
- Cloisfidh tú gach mír chainte ***faoi dhó***.
- Scríobh na freagraí ar fad i nGaeilge.
- Is leor freagraí gearra.
- Freagair gach ceist.
- Coinnigh suas leis an dlúthdhiosca.
- Ábhair choitianta: scoil; ábhair scoile; caitheamh aimsire; ceol; slite beatha; laethanta saoire; cúrsaí reatha; spórt; an aimsir; imeachtaí; féilte; fleánna; na meáin chumarsáide; an t-idirlíon; saol an duine óig; comórtais; áit chónaithe; cairde.

Roinn 11

	Léamhthuiscint	**40 marc**	**c.40 nóiméad**
Ceist 1 A:	**Sliocht**	**20 marc**	
Ceist 1 B:	**Sliocht**	**20 marc**	

Comhairle
- Beidh ort ceisteanna ar **dhá shliocht** a fhreagairt.
- Beidh na giotaí bunaithe ar ailt iriseoireachta a bhí sna nuachtáin agus sna hirisí (irisí idirlín san áireamh) le linn na scoilbhliana.
- Ailt thopaiciúla a bheidh iontu (ie. cúrsaí reatha; an timpeallacht; spórt; ceol; an teilifís; scannáin; saol an duine óig etc).
- Ceisteanna eolais a bheidh iontu (cé is móite de cheisteanna (iv) agus (v) i Sliocht B) agus caithfidh tú iad a fhreagairt **i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.**
- Léigh gach sliocht **go cúramach** ar dtús sula bhfreagraíonn tú aon cheist.

Roinn 111

	Trialacha Teanga Comhthéacsúla	**20 marc**	**c.20 nóiméad**
Ceist 2 A:	**Tástáil ar na briathra**	**10 marc**	
Ceist 2 B:	**Tástáil ar mhíreanna gramadaí éagsúla**	**10 marc**	

Comhairle
- **Caithfidh tú na briathra (go háirithe na briathra neamhrialta a bheith ar eolas agat sna haimsire seo a leanas):**
  - An Aimsir Chaite - rinne mé/ní dhearna mé; chonaic sí/ní fhaca sí; chuaigh tú/ní dheachaigh tú; bhíomar/ní rabhamar; d'ith sé/níor ith sé etc
  - An Aimsir Láithreach - téimid/ní théimid; déanaim/ní dhéanaim; ithimid/ní ithimid; feiceann siad/ní fheiceann siad; deir sé/ní deir sé etc
  - An Aimsir Fháistineach - déanfaidh sibh/ní dhéanfaidh sibh; gheobhaidh siad/ní bhfaighidh siad; íosfaidh mé/ní íosfaidh mé; rachaidh sí/ní rachaidh sí etc
  - An Modh Coinníollach - déarfainn/ní déarfainn; d'fheicfeá/ní fheicfeá; Gheobhfadh sé/ní bhfaighfeadh sé; dá dtiocfá/mura dtiocfá etc
- **Caithfidh tú na míreanna gramadaí seo a leanas a bheith ar bharr do ghoib agat:**
  - Na huimhreacha; na réamhfhocail shimplí; an aidiacht shealbhach; an forainm réamhfhoclach; dátaí; an séimhiú; an t-urú; céimeanna comparáide na haidiachta; uatha agus iolra; an tuiseal ginideach etc

Roinn 1V: Ceapadóireacht

50 marc **c.35 nóiméad**

Ceist 3

Freagair CEANN AMHÁIN as:

A. Aiste
B. Scéal/Eachtra
C. Díospóireacht/Óráid
D. Alt/Blag (do nuachtán nó d'iris)

Comhairle
- Is leor leathanach go leith (350 - 400 focal).
- Roghnaigh teideal a thuigeann agus a bhfuil tú in ann scríobh faoi.
- **Cloígh leis an ábhar** - má théann tú ar strae **caillfidh tú neart marcanna**.
- **Gaeilge chruinn** a theastaíonn - abairtí gearra, foclóir cuí, stór focal oiriúnach.
- Roghnaigh **an aimsir cheart** - bain úsáid as nathanna cainte, frásaí, seanfhocail.

Páipéar 11

		90 marc	**1uair 30 nóiméad**
Roinn 1	**Prós Liteartha**	**30 marc**	**c.30 nóiméad**
Ceist 1		**15 marc**	
Ceist 2		**15 marc**	

Comhairle
- Léigh an sliocht próis **go cúramach** ar dtús sula bhfreagraíonn tú aon cheist. Roghnaigh na ceisteanna a thuigeann tú agus a bhfuil ar do chumas a fhreagairt.
- Caithfidh tú **tagairt a dhéanamh don ngiota próis** i do chuid freagraí.
- Caithfidh tú a bheith in ann do mhothúcháin, do thuairimí agus do smaointe i dtaobh an ghiota phróis a léiriú go héifeachtach sna freagraí.
- Bíodh na freagraí **i d'fhocail féin, a oiread agus is féidir leat.**
- **I gCeist 2 (A,B)** caithfidh tú a bheith in ann **teideal an tsaothair agus ainm an údair** a bhreacadh síos go soiléir.
- Caithfidh tú a bheith in ann an saothar sin **a cheangal go héifeachtach** leis an saothar atá ar an bpáipéar scrúdaithe.
- Caithfidh tú a bheith in ann scríobh faoi na hábhair, **na téamaí, na carachtair, tréithe na gcarachtar etc** sa saothar atá roghnaithe agat.
- Má iarrtar ort **dhá chúis** a thabhairt caithfidh tú dhá chúis (ní cúis amháin nó trí chúis) a thabhairt!

Roinn 11

	Filíocht	**30 marc**	**c.30 nóiméad**
Ceist 3		**15 marc**	
Ceist 4		**15 marc**	

Comhairle
- Léigh an dá dhán **go cúramach** ar dtús sula bhfreagraíonn tú aon cheist. Roghnaigh na ceisteanna a thuigeann tú agus a bhfuil ar do chumas a fhreagairt.
- Caithfidh tú **tagairt a dhéanamh do na dánta** i do chuid freagraí.
- Caithfidh tú a bheith in ann scríobh faoi na téamaí, na mothúcháin, na híomhánna etc atá sna dánta
- Caithfidh tú a bheith in ann **comparáid** a dhéanamh idir an dá dhán ó thaobh ábhair, téama agus mothúcháin de.
- **I gCeist 2 (A,B)** caithfidh tú a bheith in ann **teideal an dáin agus ainm an fhile** a bhreacadh síos go soiléir.
- Caithfidh tú a bheith in ann an dán/na dánta sin **a cheangal go héifeachtach** leis na dánta atá ar an bpáipéar scrúdaithe.
- Caithfidh tú a bheith in ann scríobh faoin **ábhar, na téamaí, na mothúcháin, na híomhán na etc** sa dán/dánta atá roghnaithe agat.
- Má iarrtar ort **dhá chúis** a thabhairt caithfidh tú dhá chúis (ní cúis amháin nó trí chúis) a thabhairt!

Roinn 111

	Litir	**30 marc**	**c.30 nóiméad**
Ceist 5	**Freagair CEANN AMHÁIN as: A, B, C.**		

Comhairle
- Roghnaigh teideal na litreach is fearr a thuigeann tú agus is mó a oireann duit.
- Ní gá dul thar **leathanach amháin** i do fhreagra.
- Bíodh leagan amach cuí agat ar do litir: **seoladh; data; beannú; críoch oiriúnach.**
- Caithfidh tú scríobh faoi **GACH CEANN de na pointí tagartha (5 cinn)** atá ag dul leis an gceist.

Ádh mór oraibh sa scrúdú, a dhaltaí! Beidh GaelScéal ar Scoil ag súil go mór le freastal a dhéanamh oraibh arís nuair a fhillfidh sibh tar éis an tsamhraidh.

Gaelscéal AR SCOIL
www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSSP – Cén chaoi a n-oibríonn an tAontas Eorpach ?

Tá trí institiúid thábhachtacha ag an Aontas Eorpach a dhéanann cinnte go bhfuil an próiséas daonlathais cothrom agus éifeachtach. Is iad sin : Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach.



Comhairle an Aontais Eorpaigh
Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh ionadaíocht ar na rialtais éagsúla i dtíortha an AE. Seo an comhlacht a dhéanann cinntí don Aontas Eorpach ar fad. Tá sé roinnte ina dhá ghrúpa : An Chomhairle Eorpach agus Comhairle na nAirí. Tá méid áirithe vótaí ag gach tír a dhéanann áth fhéach ar méid an daonra, m.s. tá seacht vóta ag Éireann ar an gComhairle agus tá 29 ag an Fhrainc.



1. An Chomhairle Eorpach seo an cruinniú a bhíonn ag ceannairí stáit an Aontas Eorpach m.s déanann an Taoiseach ionadaíocht ar Éireann. Tagann an Chomhairle Eorpach le chéile chun conarthaí agus polasaithe a phlé.
2. Comhairle na nAirí seo an cruinniú a bhoinn ag Airí gach stáit san Aontas Eorpach. Tagann na Airí ar fad le chéile atá bainteach leis an ábhar atá á phlé, m.s. comhshaol.

Parlaimint na hEorpa
Tá 736 suíochán i bParlaimint na hEorpa atá líonta ag ionadaithe ón 27 stáit. Feisire de Parlaimint na hEorpa an t-ainm a thugtar ar na hionadaithe sin. Déantar Feisirí Pharlaimint na hEorpa a thoghadh gach 5 bliana. Déantar baill Pharlaimint na hEorpa a phiocadh go díreach. Tagann Parlaimint na hEorpa le chéile sa Bhruiséal agus i Strasbourg chun feitheoireacht a dhéanamh ar gníomhaíochtaí an AE, díospóireacht a dhéanamh ar dhlíthe nua , dlíthe a cheadú, a athrú nó a dhiúltiú, buiséid a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas.

An Coimisiúin Eorpach
Tá an Coimisiúin Eorpach déanta suas de 27 coimisinéir, gach duine acu ó bhallstát. Tar éis na baill a bheith ceaptha tugtar freagracht dóibh i leith réimse áirithe, m.s. oideachas nó sláinte. Caithfidh coimisinéirí beart a dhéanamh ar son an Aontais Eorpaigh amháin agus ní ar son a dtíre féin.

Institiúidí Eorpacha eile
Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa
Tá an chúirt seo lonnaithe i Lucsamburg agus bíonn breitheamh amháin ag an gcúirt ó gach ballstát san AE. Is sé an dualgas atá orthu a chinntiú nach mbristear aon dlí san AE agus go mbaintear an tuiscint cheart as na dlíthe. Is féidir le Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa finéal a ghearradh ar ballstáit nach leanann dlí na hEorpa.

Banc Ceannais na hEorpa
Déanann Banc Ceannais na hEorpa bainistiú ar an euro. Is iad a dhéanann cinntí faoin rátaí úis le haghaidh gnóthaí trachtála chun airgead a fháil ar iasacht.

Ná déan dearmad go bhfuil neart ábhair agus físeáin don rang OSSP agus OSPS le fáil ar www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Comhairle Gairmthreorach

Siamsaíocht, Gairmeacha Stáitse agus Ceoil

Patricia Uí Fhlaithearta,
Comhairleoir Gairmtreorach

TÁ go leor cineálacha gairmeacha stáitse, siamsaíochta agus ceoil san earnáil seo, mar shampla Rinceoirí, Aisteoirí, Fuirseoirí, Cumadóirí, Scríbhneoirí, Amhránaithe agus Léiritheoirí.

Chun a bheith go maith agus a bheith cinnte go n-éireoidh leat san earnáil seo, ní mór a bheith díograiseach, dea-araíonachta, cruthaitheach, féinmhuiníneach, agus a bheith an-chinnte faoin chumas atá agat. Is dóigh gur fís an mhealltacht a bhíonn sna gairmeacha seo i dtosach do roinnt mhaith daoine óga. Do gach amhránaí, damhsóir, aistreoir, scríbhneoir, cumadóir a n-éiríonn leo tá na céadta eile atá ag streachailt leo ag fanacht go bhfaighidh siad an nóiméad sin a thabharfaidh an phoiblíocht dóibh chun lú agus cáil a a bhaint amach dóibh féin. Má tá tú cumasach, agus má theastaíonn uait dul leis an gcineál seo gairme, tá níos mó sásaimh le baint as ná mar a bhaintear as 'gnáthphost'. Éiríonn go han-mhaith le muintir na hÉireann taibheoirí den chéad scoth a chur ar fáil.

Is féidir an earnáil seo a roinnt ina dhá cuid, gairmeacha ar stáitse agus gairmeacha taobh thiar den stáitse.

Gairmeacha ar Stáitse

Bíonn go leor aird ar ghairmeacha stáitse mar go mbíonn siad chomh feiceálach, na réalta rac-cheoil idirnáisiúnta, na haisteoirí cáiliúla sna sobalchláir, ar fud an domhain. Cuireann na haisteoirí agus na hamhránaithe go leor dianoibre isteach chun a gclú agus a gcáil a bhaint amach. Do gach banna ceoil a n-éiríonn leo, tá na céadta eile atá chomh maith céanna leo, ach nach mbaineann clú ná cáil amach riamh.

Áit a fháil san earnáil

Tá an earnáil siamsaíochta ag fás in Éirínn agus tá roinnt cúrsaí ann chun tacaíocht agus oiliúint a thabhairt do dhaoine atá díograiseach i leith na hoibre seo. Bíonn gá ag ealaíontóirí le cumas i bhfad níos mó ná an gnáthdhuine chun go n-éireodh leo. Go minic bíonn post páirtaimseartha ag na daoine sin chun na billí a íoc, ach fiú na taibheoirí a bhfuil rath éigin orthu, bíonn siad chomh sásta leis an spreagadh agus na sceitimíní go bhfuil siad den tuairim gur fearr go mór an saol sin ná aon phost óna naoi go dtí an cúig.

Ceol

Faigheann daoine a dhéanann staidéar ar cheol poist sna réimsí seo a leanas: múinteoireacht, dara leibhéal agus triú leibhéal. Chomh maith leis sin bhíonn a ngnó féin ag go leor acu ag múineadh ceoil do gasúr agus do dhaoine fásta.

Bíonn siad i gceolfhoirne, ag dul le hiriseoireacht cheoil, ina stiúrthóirí cór, ina n-orgánaithe eaglaise/stiúrthóirí ceoil, i mbun léiriúcháin agus taibhithe raidió, i dtionscal an cheoil, ilmheáin, poiblíocht an cheoil agus taifeadadh, riarachán ealaíne, leabharlannaí ceoil agus seirbhísí faisnéise.

Drámaíocht

Le roinnt blianta anuas is mór atá bainte amach ag Éirinn i saol na drámaíochta. Tá níos mó cuideachtaí gairmiúla amharclainne agus drámadóirí sa tír seo anois ná mar a bhí riamh cheana. Tá drámaíocht agus téatair anois ina ngnéithe tábhachtacha inár gcóras oideachais agus tá deiseanna nua ann sa chraoltóireacht, i scannáin agus ar an teilifís do chéimithe sa tír seo.

Na hEalaíona Taibhiúcháin

B'fhéidir toisc go bhfuil fáil chomh héasca agus chomh gasta ar chomhaid físe agus fuaime ón idirlíon gur dearnadh athbheochan ar na healaíona taibhiúcháin in Éirinn agus ar fud an domhain. Tá deiseanna ann do thaibheoirí beo, seachas taifeadta.

Is sampla maith an tionchar idirnáisiúnta a bhí ag "River Dance" ar na deiseanna millteacha atá ann do thaibheoirí Éireannacha. Chomh maith le hamhránaithe, rinceoirí agus ceoltóirí, tá raon ról speisialtachta agus bainistíochta anois sa réimse seo, mar shampla, bainisteoir amharclainne, bainisteoir cúnta stáitse, roghnú ais teoirí, léiriúchán, oifig dhíolacháin, caidreamh poiblí agus margaíocht.

De ghnáth, bheadh céim sna daonnachtaí ag daoine san earnáil seo, mar shampla Béarla, ceol, Gaeilge nó oiliúint sa drámaíocht, rince, staidéir téatair nó bainistíocht ealaíon. Bíonn an-iomaíocht ann chun áit a fháil ar chúrsa sna healaíona taibhiúcháin. Cé go bhfuil an-sásamh le baint as an obair, is obair pháirtaimseartha a bhíonn i gceist léi go minic.

Gairmeacha san earnáil seo:
Aisteoirí, Cúntóirí Grúpaí Ceoil ar thuras, damhsóirí, múinteoirí damhsa, bainisteoirí siamsaíochta, léiritheoirí scannáin, grianghrafadóirí, láithreoirí raidio/teilifís.
Samplaí do chuid de na cúrsaí 3ú leibhéal:-

Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo	
Scannánaíocht agus Teilifís	- GA271
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	
BA i Staidéar Scannán	- GY112
BA san Amharclannaíocht agus Taibhiú	- GY115
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad	
Ceol	- MH103
An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach	
Ealaíona Stáitse	- SG241
Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath	
Scannánaíocht agus Craoltóireacht	- DT504
Institiúid Ealaíona, Dearadh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	
Grianghrafadóireacht	- DL042
Dearthóireacht do Stáitse agus Scannán (Dearthóireacht Léiriúcháin)	- DL047
Dearthóireacht do Stáitse agus Scannán (Dearthóireacht Culaithirte)	- DL048
Dearthóireacht do Stáitse agus Scannán (Dearthóireacht Smididh)	- DL049

Tuilleadh eolais ó:
www.cao.ie
www.qualifax.ie

Tairiscintí ar shíntiúis Gaelscéal ar Scoil

Tá síntiúis do Gaelscéal ar Scoil le fáil ar phraghas speisialta íseal do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Chomh maith le praghas speisialta faigheann múinteoirí a ghlacann síntiúis :

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht saor in aisce don mhúinteoir!
Tá Gaelscéal ar Scoil i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht ag tabhairt deise do mhúinteoirí dearbhán luach €20 saor in aisce a bhuachan má chuireann siad isteach ordú de thrí síntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

agus: Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó www.oideachas.gaelsceal.ie .

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag scoil@gaelsceal.ie nó 091-897766.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Sraith pictiúr – brionglóid

Tá an múinteoir ina chodladh arís. Déan cuir síos ar an mbrionglóid aisteach atá aige agus ar an mbia agus an deoch atá ag an gcóisir

Ag Casadh na Taoide

Scott De Buitléir

I NORTH Carolina Mheiriceá, d'fhógair formhór an phobail le déanaí gur aontas idir fear agus bean atá sa phósadh agus sin amháin. Chuir an cinneadh sin go leor díomá ar an bpobal leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach (nó LADT mar ab fhearr liom a úsáid) timpeall an domhain.

Mar sin féin, bhí North Carolina ar an tríochadú stát i Meiriceá leis an sainmhíniú seo a thabhairt ar phósadh agus é sin a chur ina dhlí. Leis sin, níor mhórán iontais é cinneadh an stáit, ach cúis díomá a bhí ann cibé scéal é.

Ar an lá dár gcionn, socraíodh go dtabharfadh Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama, agallamh eisiach don chlár bricfeasta, Good Morning America, ar an gcraoltóir náisiúnta, ABC.

Ní raibh ábhar an agallaimh ar eolas ag na léiritheoirí ná ag an agallóir mar níor mhínigh an Teach Bán cúis an agallaimh, ach bhí roinnt daoine in ann tomhas a dhéanamh.

Agus é ag caint go hoscailte agus go hionraic, ba léir nach raibh script de ghlanmheabhair aige. Ar shlí, bhí an chuma air go raibh sé cineáilín neirbhíseach faoin méid a bheadh á rá aige ar theilifís (idir)náisiúnta. Léirigh sé do mhuintir Mheiriceá gur cheap sé gur chóir do lánúin aonghnéis a bheith in ann pósadh.

Tá sé fógartha ag Uachtarán Mhéiriceá, Barack Obama, go bhfuil sé ar son phosadh aerach.

Ábhar ceiliúrtha a bhí i ráiteas an Uachtaráin don bpobal LADT; bhí an fear is cumhachtaí ar an domhan (mar a thugtar air) ag tacú le feachtas mionlaigh faoi leith, cé nach raibh aon impleachtaí dlíthiúla lena raibh ráite aige. Laistigh de nócha nóiméad i ndiaidh don agallamh a chraoladh ar ABC agus ar líne ar fud an domhain, tugadh thart ar mhilliún dollar d'fheachtas Obama ar son na huachtaránachta ón bpobal aerach.

Ba láidir an freagra uathu é sin; bhí siad - Meiriceánaigh agus saoránaigh eile - buíoch as an méid a bhí ráite, níos lú ná 24 uair an chloig tar éis chinneadh North Carolina ar son Leasú a hAon i gcoinne pósadh aerach.

Cé gurbh iontach é ráiteas Obama do mhuintir LADT na Stát, bhí roinnt fós ciniciúil faoina raibh déanta aige. Ag tús a Uachtaránachta, dúirt Obama go raibh sé ar son níos mó cearta comhionannais do dhaoine aeracha agus leispiacha, ach go mb'fhéidir go raibh an pósadh aerach ina chéim 'thar fóir'.

Beagán ar bheagán, ba chosúil go raibh sé ag smaoineamh faoi níos mó, go dtí an lá sin i mí Bealtaine a bheidh ar taifead go deo mar an lá ar thacaigh an chéad Uachtarán Meiriceánach le cearta 'lánphósta'. Níorbh fhéidir 'gníomh toghchána' a thabhairt ar an ráiteas, go háirithe agus tríocha stát ina choinne, mar sin tá seans go gcaillfidh sé gnáthphobal Mheiriceá mar gheall air. Is cumhachtaí an tionchar a bheidh ar a bhfuil déanta aige, mar sin.

Níos goire don bhaile, tá go leor cainte ar siúl in Éirinn faoin ábhar, agus 73% de mhuintir na Poblachta ar a shon. Ag sionad de chuid Eaglais na hÉireann i mBaile Átha Cliath, bhíothas ag súil le díospóireacht faoi phósadh aerach agus faoin hómaighnéasachas san Eaglais Anglacánach.

Agus é seo á scríobh agam, tá Eaglais na hÉireann scoilte ar an ábhar, le beirt easpag ag vótáil go poiblí ar son phósadh aerach. Cé go raibh an moladh ar a shon diúltaithe, táthar buartha faoin méid teannais atá san Eaglais toisc mhéadú na liobrálach atá inti a thacaíonn le pósadh aerach.

Anois agus François Hollande ina Uachtarán ar an bhFrainc, tá pobal aerach na hEorpa ag súil go mbeadh an Fhrainc ar an gcéad thír eile san Eoraip a ghlacfaidh le pósadh aerach, rud nach raibh Nicolas Sarkozy sásta leis riamh. Is trua, ar shlí, go bhfuil EuroPride (an fhéile aerach is mó san Eoraip) i Londain i mbliana seachas a bheith i bPáras, mar bheadh aidhm pholaitiúil faoi leith leis an bhféile dá mbeadh. Mar sin féin, níl féile de dhíth le taispeáint don domhan go bhfuil rudaí ag athrú.

Roimh agus i ndiaidh chinneadh North Carolina, bhí íomhánna á scaipeadh timpeall na meán sóisialta faoi hagóidí i Meiriceá i gcoinne phósadh measctha nó idirchiníoch, agus iad á gcur i gcomparáid leis na hagóidí i gcoinne phósadh aonghnéis inniu. An teachtaireacht leis na híomhánna ná gur ionann an t-aineolas a bhí ann daichead bliain ó shin agus an t-aineolas atá ann inniu; is féidir le daoine áirithe seasamh in aghaidh an tsrutha, ach taispeánfaidh an stair go mbeadh náire orthu ar ball.

Twitter: @scottdebuitleir

TEICNEOLAÍOCHT

Google – is gá cúpla iarracht chun an téarma cuardaigh is deise a aimsiú

Diarmuid Ó Muirgheasa

SAMHLAIGH go bhfuil óstán á lorg agat. Ceann deas i gcathair éigin san Eoraip b'fhéidir. Nó b'fhéidir fiú go bhfuil óstán i ndáiríre á lorg agat?

Cá dtéimid, na laethanta seo, agus cuardach dá leithead ar bun againn? Ag glacadh leis nach mbaineann tú úsáid go fóill as gníomhairí taistil, is dócha go dtosóidh tú do chuardach ar Google, nó Yahoo, nó Bing, nó b'fhéidir fiú TripAdvisor nó eBookers, má tá tú rud beag níos sofaisticiúla.

Tá na modhanna sin go breá, cinnte. Déan cuardach ar Google do "city centre hotels london", mar shampla, agus tá torthaí an chuardaigh iontach leathan agus iontach úsáideach. Tá léarscáil ann fiú, agus rogha fhairsing air d'áiteanna a bhféadfá oíche a chaitheamh. Más mian leat óstán a aimsiú gar do Westminster? Iontach éasca é sin a dhéanamh, le huirlisí an lae inniu.

Ach cad má tá liosta riachtanas níos faide agus níos casta agat? Cad má tá tú ag taisteal le clann, agus rudaí éagsúla á lorg ag chuile dhuine?

Clann mhór, b'fhéidir, le páistí agus tuistí agus seantuistí, agus cúpla uncail agus aintín b'fhéidir chomh maith?

Is mian leis na tuistí a bheith cóngarach do bhialann a bhfuil réalt nó dhó Michelin aici. Fadhb ar bith, breathnaigh ar Google agus tá arís léarscáil ar fáil. Ach tá uncail amháin ag iarraidh a bheith cóngarach do pháirc, an t-uncail eile agus an iníon ag iarraidh a bheith cóngarach don zú, agus an mac ag iarraidh a bheith i bhfoisceacht cúpla nóiméad d'ionad scátála éigin. Agus na seantuistí ag iarraidh go mbeadh an t-ionad scátála sin cóngarach d'ospidéal, b'fhéidir.

Déan iarracht é sin ar fad a shásamh ó chuardaigh Google! Is dócha go bhféadfá é a dhéanamh, dá mbeadh léarscáil mhór agat, agus leathdhosaen peann agat ar dhathanna éagsúla, agus cúpla lá saor ó chúrsaí oibre.

Ach i ndáiríre ba chóir go mbeadh slí níos éasca ann, nár chóir? Clár ríomhaireachta éigin - "app", mar a ghlaoímid orthu inniu - a d'fhéadfadh na teastálacha éagsúla sin uilig a thógáil isteach agus freagra éigin a thabhairt ar ais. Ní amháin freagra éigin, ach an freagra "ceart".

Dá mbeadh an t-eolas ar fáil, ní bheadh sé sin chomh deacair sin. Duine ar bith a bhfuil cur amach acu ar chúrsaí clárúcháin, bheidís ábalta a leithead de chlár a scríobh, nó bheadh, dá mbeadh an buneolas ar fáil dóibh i mbunachar sonraí éigin.

Faraor, níl.

Tá Google iontach, ina shlí féin, agus más duine atá ag lorg eolais ar Google tá sé breá úsáideach, nach mór i gcónaí. Ach ní chuireann Google eolas ar fáil ar shlí a bhfuil sé éasca do ríomhaire ciall a dhéanamh as. Is minic gur gá cúpla iarracht a dhéanamh chun an téarma cuardaigh is deise a aimsiú, agus fiú ansin is minic gur gá cíoradh trí liosta fada torthaí sula n-aimsíonn tú an rud a bhí uait ag an tús.

Ach tá freagra air seo ar fad, nó tá ceann ag teacht, ar aon chaoi, i bhfoirm an "líonra séimeantach". Tá branda níos fearr ag teastáil uaidh, is cinnte, ach beidh torthaí na teicneolaíochta seo le feiscint ar fud na háite laistigh de chúpla bliain, agus an fhadhb chasta thuasluaite réitithe aige.

An rud atá ann, go bunúsach, ná slí le heolas a eagrú. Níos tábhachtaí ná sin, is slí é le heolas a eagrú ar bhealach gur féidir le clár ríomhaireachta ciall a dhéanamh as, agus na naisc idir rudaí éagsúla a thuiscint.

Abair, mar shampla, go bhfuil tú ag lorg liosta de na heolaithe cáiliúla Éireannacha uilig ón 17ú haois. D'fhéadfá cuardach Google a dhéanamh air sin anois, ach bheifeá ag braith ar dhuine eile a bheith i ndiaidh liosta a chur le chéile. Murar chur duine eile an liosta díreach sin le chéile, is beag seans a bheidh agat na freagraí a bhí uait a aimsiú gan an-chuid oibre. I gcás an líonra shéimeantaigh, tá tuiscint éigin ag an inneall cuardaigh ar na coincheapa atá sa téarma cuardaigh a chuir tú isteach.

Samhlaigh go bhfuil sé ag breathnú trí Wikipedia, ag déanamh iarrachta eolaithe a aimsiú a rugadh in Éirinn idir 1600 agus 1699. Seachas téacs iomlán chuile alt ar Wikipedia a chuardach (mar a dhéanann Google anois, rud a thabharfadh ar ais liosta fada de thorthaí iomlán neamhúsáideacha), bhreathnódh sé go ciallmhar ar an "áit bhreithe", "proifisiún" agus "dáta breithe" a ghabhann le chuile dhuine sa bhunachar sonraí, agus thabharfadh sé liosta cruinn agus iomlán ar ais duit.

Is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar an teicneolaíocht mar atá sé anois ag dbpedia.org. Tá sé bunaithe ar eolas ó Wikipedia, agus tá na figiúirí a ghabhann leis do-chreidte do theicneolaíocht atá fós chomh hóg: tá cur síos in dbpedia ar os cionn 3.5 milliún rud éagsúil, agus os cionn billiún fíric ann faoi na rudaí sin go léir.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Ráflaí Ros na Rún

TÁ deireadh ag teacht go sraith 16 de Ros na Rún agus tá rudaí ag dul go maith do Chathal agus Berni, go dtí go bhfaigheann Evan amach fúthu. Tá náire an domhain ar Bherni faoin mbealach a bhfuair sé amach agus déanann sí iarracht labhairt leis faoi.

Ag an am céanna, tá Evan anchairdiúil leis an gcailín nua ar an mbaile, Megan, ach níl Berni puinn sásta leis. Cuireann Berni an milleán ar Mhegan nuair a imíonn airgead ón gCaifé.

Caitear amach an cás dúnorgain a bhí curtha i leith Thaidhg agus Frances agus tá Tadhg ag súil le go rachaidh gach rud ar ais mar a bhí idir é féin agus Frances, ach níl rudaí chomh simplí sin. Tá Barry fós thart agus tá sé ag déanamh sáriarrachta Frances a mhealladh ar ais. Fágann Tadhg Frances ina haonar taobh thiar den bheár nuair a théann sé chuig cóisir Tigh Ghaudi. Iarrann Frances ar Bharry, cabhair a thabhairt di agus bíonn anchraic acu. Gabhann Frances buíochas le Barry i bhfoirm cúpla deoch nuair atá an pub dúnta.

Tá Bríd ag spochadh as Frances de bharr na mhéid airde a fhaigheann sí ó Barry, ach tá rudaí eile ar intinn Barry faoin am seo agus ní Frances amháin. Chuala sé rudaí faoi Tina agus tá sé ag iarraidh tuilleadh a fháil amach fúithi agus faoina hiar-fhear céile O'Dowd.

Frances agus Barry ag baint suilt as deoch le chéile.

Éiríonn rudaí níos measa do Chaitríona nuair bhíonn an leanbh aici. Tosaíonn daoine ag cur ceisteanna orthu féin faoi cé chomh luath is atá an leanbh. Smaoiníonn Gráinne faoi nuair a fhaigheann sí amach gur le gearradh Caesarach atá sé i gceist ag Caitríona an leanbh a thabhairt ar an saol. Tuigeann sí láithreach nach féidir gur le Dara an leanbh mar go dtiocfaidh sé ar an saol róluath. Tosaíonn Cathal ag smaoineamh an rud céanna nuair a thugann Caitríona agus Dara an páiste abhaile ón ospidéal.

Bíonn ar Jason tuilleadh ama a chaitheamh sa ngiom chun fáil réidh lena fhrustrachas nuair a thugann Guy cuairt ar Mholly.

Bíonn Ros na Rún le feiceáil ar TG4 gach Máirt agus Déardaoin ag 8.30in agus bíonn an ollchlár ar siúl gach Domhnach ag 10.30in.

Cuir ort do bhróga damhsa – seo chugainn sraith 4 den 'Jig Gig'

TÁ Jig Gig le bheith ar ais ar an scáileán san fhómhar seo agus faoi láthair tá lucht na sraithe ag iarraidh ar dhamhsóirí traidisiúnta na tíre iarratais a sheoladh isteach chucu. Seo an ceathrú sraith den chlár a bheidh á reáchtáil agus é mar aidhm na rinceoirí is fearr in Éirinn a aimsiú. Is comórtas a chuireann fáilte roimh chách atá i gceist leis. Táthar ag iarraidh ceiliúradh a dhéanamh ar rincí Gaelacha na tíre.

Táthar ag lorg grúpaí de dhamhsóirí nó rinceoirí aonaracha agus is féidir gach stíl de dhamhsa traidisiúnta a chur isteach air, ó rince céime, rince scuaibe, rince ar an sean-nós go rince seite.

"Tá caighdeán na damhsóirí i ndiaidh ardú, bliain i ndiaidh bliana," a deir Tom Evans, léiritheoir na sraithe.

Le cur isteach ar an gcomórtas, is féidir iarratas a líonadh isteach ar suíomh 'An Jig Gig' ar www.tg4.ie/ie/programmes/an-jig-gig.html nó is féidir glaoch a chur ar Adare Productions i mBaile Átha Cliath ar 01 2843877 agus déanfaidh siad é ar do shon. Rachaidh siad i dteagmháil le gach duine a sheolann iarratas isteach chun am agus áit éisteachta / féachana a shocrú. Cuirfear éisteachtaí ar siúl in áiteannna áirithe timpeall na tíre agus beidh siad ar siúl ag tús an Mheithimh.



Róisín Ní Thiomáin, láithreoir An Jig Gig, ag damhsa leis an iomaitheoir, Gerard Hickey le linn na sraithe deireanaigh.

"Is bealach iontach é le d'ainm agus d'aghaidh a chur amach ansin mar dhamhsóir," a deir Tom.

Beidh Róisín Ní Thomáin ar ais mar láithreoir ar an gceathrú sraith seo in éineacht leis na moltóirí, Breandán de Gallaí, Dearbhla Lennon agus Labhrás Sonaí Choilm Learraí, atá ina saineolaithe i réimsí éagsúla de rincí Gaelacha.

Féach ar

TG4: Fíorscéal: Cruachás an Chlúidín
Fiosróidh an clár seo an dochar a dhéanann clúidíní don timpeallacht. Tógann sé 400 bliain ar chlúidín lobhadh sa líonadh talún agus is léir go ndéanann siad dochar mór don timpeallacht. Dé Máirt @ 10.30in.

RTÉ a haon: Franc's DIY Brides
Tá buiséad €10,000 ag an lánúin, Katrina Griffin agus Joe Moore dá mbainis in Eochaill i gCorcaigh ach tá cabhair uathu le fanacht taobh istigh de sin. Iarrann siad ar an eagarthóir bainise, Franc, cabhair a thabhairt dóibh. Dé Luain @ 8.30in.

Darragh Maloney i mBéal Feirste

RTÉ a dó: Green is the Colour
Breathnóidh Darragh Maloney ar stair na peile in Éirinn, ón 19ú haois go dtí Euro 2012 sa Pholainn, le linn na sraithe seo. An tseachtain seo, clúdófar na blianta ar thug na Sasanaigh an pheil go hÉirinn go dtí gur chuir siad rialacha i bhfeidhm sa chluiche. Anocht @ 10.25in.

Éist le

RTÉ Raidió a haon: Eurovision Semi-Final Special
Craolfaidh Shay Byrne beo ó chomórtas leathcheannais Eoraifís san Asarbaiseáin le linn an chláir seo. Cloisimid ón saineolaí Eoraifíse, Zbyszek Zalinski, freisin. Labhrófar faoi amhráin an Eoraifís ó na blianta atá thart chomh maith. Dé Máirt @ 7.30in.

Shay Byrne

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Ardán na nEalaíon
Labhróidh an file, Louis de Paor faoina shaol agus a shaothar atá foilsithe le tamall, chomh maith lena shaothar atá foilsithe ag Coiscéim le déanaí sa chlár seo. Labhróidh sé faoin rogha nua dánta atá sa leabhar nua freisin. Dé Sathairn @ 6.30in.

Raidió Fáilte: Scéalta ó Nuacht24 le Milene Fegan
Pléifidh Milene Fegan na scéalta is déanaí atá ar an tairseach nuálach nuachta, www.nuacht24.com le linn an chláir seo. Inniu @ 11rn.

NUACHT Litríochta

Le Colm Ó Broin

'Thógamar le Gaeilge Iad'

Coiscéim
€10
Le Brian Ó Broin
(eagarthóir)

LEABHAR thar a bheith spéisiúil is ea 'Thógamar le Gaeilge Iad', a d'fhoilsigh Coiscéim i gcomhar le Comhluadar le déanaí.

Baineann an leabhar le daoine lasmuigh de na Gaeltachtaí láidre atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge.

Tá meascán d'ailt sa leabhar, idir chinn a scríobh tuismitheoirí faoina dtaithí phraiticiúil agus cinn a bhaineann le cúrsaí teanga níos leithne.

Is iad na caibidil faoi na tuismitheoirí na cinn is suimiúla, áfach, óir pléadh neart den ábhar sna cinn eile ar ardáin eile go minic.

Baineann formhór na n-alt le tógáil páistí lasmuigh den Ghaeltacht, ach léiríonn alt Pheadair Mhic Fhlannchadha na dúshláin a bhíonn ann, go háirithe leis an státchóras, do theaghlaigh Ghaelacha fiú i gceantair le roinnt mhaith cainteoirí dúchais ar nós Mhaigh Cuilinn.

Tá easaontas i measc na n-údar faoi na háiseanna atá ar fail do pháistí óga, ar nós leabhair agus cláir theilifíse; tá Aonghus Ó hAlmhain den tuairim go bhfuil go leor acu ann ach níl Concubhar Ó Liatháin ar aon fhocal faoi seo, go háirithe i dtaobh áiseanna ar líne.

Déanann Muireann Ní Mhóráin gearán go n-íslíonn caighdeán Gaeilge na bpáistí a thógtar leis an teanga nuair a théann siad chuig Gaelscoileanna toisc go mbíonn siad i measc páistí nach bhfuil an teanga acu.

Dar léi gur cheart freastal ar leith a bheith ann sa chóras oideachais do pháistí a shealbhaíonn an Ghaeilge sa bhaile.

Ceann de na caibidil is spéisiúla ná an ceann a scríobh eagarthóir an leabhair, Brian Ó Broin, atá ag obair in Ollscoil William Peterson i New Jersey, SAM.

Fiú má labhraíonn tú Gaeilge le páiste níl aon gheallúint go labhróidh siad Gaeilge ar ais leat. Cleas amháin le fáil thart ar an dúshlán a luann Ó Broin ná insint do na páistí nach dtuigeann tú Béarla.

Beidh iontas ar léitheoirí faoin gcur chuige seo, ach de réir Uí Bhroin oibríonn sé le páistí óga faoi ceithre bhliain d'aois nó mar sin, toisc go nglacann siad leis an méid a deir a dtuistí ag an aois sin. Nuair a éiríonn siad níos sine is féidir ugach a thabhairt dóibh Gaeilge a labhairt trí mhilseán nó breis ama teilifíse a thabhairt dóibh má labhraíonn siad an teanga. Gan amhras ní gach teaghlach a rachaidh i muinín na nósanna seo.

Téama eile a thagann chun cinn ná an imní a bhíonn ar thuismitheoirí faoina gcuid Gaeilge fhéin.

Má tá an teanga le fás amach anseo beidh ar níos mó tuismitheoirí a bpáistí a thógáil le Gaeilge.

Beart deacair atá ann gan aon agó, ach má scaiptear eolas faoi na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis, mar atá déanta ag an leabhar seo, tá gach seans go méadóidh líon na dteaghlach Gaelach amach anseo.

[Nóta sa bhreis : Leabhar iontach é seo agus ceann an-úsáideach. Táthar ag súil go bhfoilseofar níos mó leabhar den chineál seo go luath, tá an teanga ag saothrú a báis ar an ábhar go bhfuil Gaeil ag tógáil a gcuid páistí mar Ghaill, caithfidh muid dul i ngleic leis seo. Cuidíonn leabhair den chineál seo leis an phróiseas sin, Eag.]

'A' Cleachdadh na Gàidhlig: slatan-tomhais ann an dìon cànain sa choimhearsnachd'

Ag déanamh meastóireachta ionraice seachas fírinne an scéil a shéanadh: Moltaí pragmatacha do chás na Gàidhlig

Richard A.V. Cox, Timothy Currie Armstrong (eag.), , Clò Ostaig: An t-Eilean Sgitheanach 2011

Alison Ní Dhorchaidhe

SEO cnuasach de pháipéir a cuireadh i láthair ag comhdháil leis an teideal céanna ("Ag cleachtadh na Gàidhlig: caighdeáin ag teangacha cosanta sa phobal") ag Sabhal Mòr Ostaig, coláiste Ghaeilge na hAlban (Gàidhlig na h-Alba) ar an Oileán Scitheanach i mí an Mheithimh 2009. D'eascair an chomhdháil as an riachtanas a léirigh Fo-chomataidh Brosnachaidh na Gàidhlig (Coiste chur chun cinn na Gàidhlig) ó thaobh eolais nó taithí ar úsáid phraiticiúil na mionteanga sa phobal, sa teaghlach, sa scoil agus in áiteacha oibre. Chonacthas dóibh nach raibh mórán taighde ar bheartais theanga sa chomhthéacs seo le fáil sa litríocht léannta ag an am ach an oiread. Cuireadh an chomhdháil ar siúl, le cuidiú ó heagraíochtaí Gàidhlig a leithéid de Bhòrd na Gàidhlig, chun an bearna seo a líonadh, ag tarraingt daoine de chúlraí éagsúla i saol na Gàidhlig le chéile ionas gurbh fhéidir leo riocht na teanga a fhiosrú i gceart agus féidearthachtaí lena caomhnú agus a cur chun cinn a phlé.

Cuireadh 40 páipéar i láthair le linn na comhdhála (a mhair thart ar thrí lá), le cainteoirí as Albain féin, as Éirinn, an Bhreatain Bheag, Ceanada agus an Ghearmáin. Mar thoradh, foilsíodh 26 acu sa chnuasach seo, atá an-suntasach sa mhéid is go bhfuil an chuid is mó de na haistí as Gàidhlig. Seans go gcuirfeadh sé iontas ar léitheoirí Gaeilge go bhfuil mé ag díriú air seo go háirithe, ach tuigtear do lucht na Gàidhlig gur shroicheadh clochmhíle le A' Cleachdadh na Gàidhlig, ós rud é nach minic a dtagtar ar scríbhneoireacht acadúil ar ábhair Ghàidhlig scríofa sa teanga féin! I dteannta le haistí teoiriciúla agus taighde bunaithe ar shonraí agus staitisticí i leith riocht na teanga, tá aistí pearsanta a thugann léargas ar thionscnaimh Ghàidhlig ar leibhéil an phobail. Mar sin, déanann an leabhar seo ionadaíocht do dhaoine i mbun achan cineál oibre ar son na Gàidhlig.

Ábhar spéise ar leith ná an plé a dhéantar ar chás na Breatnaise agus na Gaeilge sna Sé Chontae, ag cur na mbeartas teanga agus iarrachtaí chun na mionteangacha a chur chun cinn i gcomparáid le cás na Gàidhig. Feictear do Cox agus Armstrong go bhfuil sé oiriúnach a bheith ag foghlaim ó chásanna na teanga áirithe seo, ós rud é go bhfuil na trí theanga fá reacht Briotanach agus fá bhagairt idé-eolaíocht aonteangach an Bhéarla. Tuigtear dóibh ag an am céanna, áfach, go bhfuil an chomparáid seo contúirteach go leor - sampla amháin de seo ná go bhfuil stair éagsúil ag an Bhreatnais seachas mar atá ag an Ghàidhlig, agus tá impleachtaí ag baint leis sin ó thaobh pleanáil teanga de.

I measc na n-ábhar leathan eile, tá iniúchadh déanta ag Donald Gillies ar theacht chun cinn phobail nua Ghàidhlig mar thoradh ar na meáin chumarsáide agus na meáin shóisialta ar líne; aithníonn sé nach bhfuil greim againn ar na figiúirí go fóill, ach is léir go bhfuil na meáin ag cur le húsáid na Gàidhlig. Luann sé "blag na mblaganna", Tìr nam Blog, a bhailíonn achan blag as Gàidhlig in aon áit amháin, agus AbairThusa, "gréasán sóisialta na nGael", a chruthaigh Crìstean MacMhìcheil (mac léinn SMO) sa bhliain 2007. Insíonn Mairead Dhòmhnallach dúinn faoin tionscadal idirlín eile, Tobar an Dualchais ("Tobar an Dúchais"), a chuir na taifeadtaí d'ábhair bhéaloidis (a bhailíodh ó na 1930í ar aghaidh) i gCartlann Staidéar na hAlban in Ollscoil Dhùn Èideann ar fáil ar líne. Cuidíonn seo go mór le canúintí agus eolas áitiúil a chaomhnú, agus meallann sé daoine óga chun na teanga fosta. Tugann Mòrag Stiùbhart léargas ar thuairimí déagóirí i leith na Gàidhlig, a nochtann nach síleann siad go bhfuil feidhm leis an teanga lasmuigh de na scoileanna agus de phoist áirithe.

Deir Cox agus Armstrong go bhfuil siad ag súil le go mbeidh an leabhar seo áisiúil chun pleanáil agus beartas teanga a theagasc ag leibhéil na hollscoile, ach is cinnteach go mbeadh sé luachmhar fosta d'aoinne a bhfuil spéis acu sa Ghàidhlig agus sna teangacha Ceilteacha go ginearálta agus sa tsochtheangeolaíocht. Rud amháin, áfach: cé gur díríodh an chomhdháil agus an leabhar ar dhaoine de chúlraí éagsúla, níl aon ghluais ar fáil chun téarmaí an dlí agus na teangeolaíochta sa Ghàidhlig a mhíniú do dhaoine gan taithí ar na hábhair seo. Mholfainn gur chóir gluais a chur isteach ionas go mbeadh teacht ag léitheoirí ar an ábhar agus go gcuirfí na téarmaí i mbéal an phobail, seachas iad a choinneáil i scríbhneoireacht acadúil amháin.

Is saothar ceannródaíoch (agus stairiúil, i mo thuairimse) é seo a théann i ngleic leis na dearcthaí diúltacha agus na dearcthaí neamhréadúla araon; cuirfidh torthaí thaighde an leabhair seo idir mhisneach agus éadóchas ar an léitheoir faoi chás na Gàidhlig. Ach, mar a thugann cur chuige an leabhair le fios, is mithid dúinn a bheith réalaíoch faoi chás na mionteangacha se'againne agus páirt ghníomhach a ghlacadh ar leibhéil an bhaile agus an phobail chun difríocht cheart a dhéanamh.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tá suíomh idirlín na comhdhála le fáil ag an nasc seo a leanas: http://www.smo.uhi.ac.uk/Cleachdadh-na-Gaidhlig/

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

Crosfhocal 16.05.2012



NODANNA

TRASNA

2 Scríobhann tú ar an gclár dubh leis seo (5)
5 Cuir isteach, nó fadhb a dhéanamh do dhuine (3)
7 Toradh as an mheánoirthear a dhéantar ola as (4)
8 Mar a bheadh fear ann (7)
10 Foirgneamh, caol, cosanta (3)
11 Bris as ghéibheann nó sáinn (4)
12 Gluais tríd an aer (5)
14 Éan den teaghlach préacháin (3)
16 Bláithín beag a fheictear go minic le linn an tsamhraidh (6)
17 Ábhar tine - ach céad í a thochailt (4)
19 Faraor, ar an lámh eile (5)
21 Mór, i bhfad ón talamh (3)
22 Bia don iora rua? (3)
23 Ábhar lena mbíonn páistí ag déanamh cruthanna agus figiúir lena lámha (5)
25 Ó seo amach (6)
26 Lofa (5)
27 Éan a d'iompródh teachtaireacht duit, b'fhéidir (5)

SÍOS

1 Seirbhís chaitliceach (8)
2 Fíor, do-bhréagnaithe (5)
3 --- Ceathrar... mac nó iníon d'aintín nó uncail (3)
4 Mar a shocraítear rudaí sa tsochaí de ghnáth (5)
6 'Teach' ar rotha do na laethanta saoire? (7)
9 Toradh lenar cathaíodh Adamh sa bhíobla (3)
10 Is ionann ceann maith agus leath na hoibre (3)
13 Comhbhrón, mothúchán (2)
14 Píosa crua faoin chraiceann sa chorp (5)
15 Bia nach bhfuil ullamh le hithe fós (3)
18 Rud nach mbeifeá ag súil leis (6)
20 Ainmhí a thiocfadh '6 síos' a tharraing b'fhéidir (6)
21 Deir, inis (5)
24 Ceann amháin, an chéad uimhir (3)

Crosfhocal 09.05.2012



Buaiteoir na Seachtaine seo:

Seán Ó Mathúna, Cill Chainnigh

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 21.05.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

An Luan - Ceann de na laethanta sin!

BHÍ mé ceaptha a bheith saor an Luain airithe sin ach tharla go raibh orm a dhul ag obair. Anois is breá liomsa mo phost agus ní bhuaileann gormacha an Luain mé (mórán), ach cíbe rud a bhí san aer an lá úd, ón nóiméad a d'éirigh mé, chuaigh gach rud i m'aghaidh.

An chéad rud, bhuel bhí orm a dhul ag obair. Ansin, agus mé ag réiteach mo bhricfeasta, dhoirt mé siúcra chuile áit ar an mbord agus ar an urlár, ar ndóigh shiúil mé air agus mé ag iarraidh an scuab a fháil agus is ansin ar thuig mé cé chomh deacair is atá sé siúcra a ghlanadh den urlár! Gan dabht, chuir an rud sin ar fad moill orm agus bhí orm deifir a dhéanamh.

Céard a tharlaíonn nuair a bhíonn deifir ar dhuine?

Déanann muid dearmad ar rudaí! Sea, siar liom ag an obair gan mó chuid smididh. Soir arís agus thug mé faoi dearadh nach raibh aon pheitril agam, mar sin lean mé orm ag an siopa chun an carr a líonadh ach ní raibh mó chárta bainc agam le n-íoc ar an bpeitreal. Ar a laghad bhí scór euro i mo phóca agam, ach chiallaigh sé sin nach mbeadh aon airgead agam do mo lón.

Togha! Shocraigh mé lón a réiteach sa mbaile an fhad is a bhí mé ag piocadh suas mo chuid smididh. An diabhal de shiúcra sin, bhí gráinní fós scaipthe ar an urlár agus amach leis an scuab arís.

Siar liom lasta faoi dheireadh ag an obair. Buíochas le Dia nach bhfuilim i mo chónaí i bhfad ó TG4 agus ní thógann an turas ach timpeall seacht nóiméad orm. Sin mura mbeidh tarracóir amach romham agus an lá seo bhí ceann ar an mbóthar agus thóg an turas i bhfad níos faide. Ach nuair a shroich mé an ceannáras chuaigh mé i mbun mo chuid oibre. Bhí mé leathbhealaigh trí mo chuid scripteanna a scríobh nuair a shocraigh an ríomhaire sos beag a ghlacach dhó féin. B'shin an méid a bhí déanta agam caillte agam aríst. No, ní raibh sé sábháilte agam. Ceacht foghlamtha!



An chéad rud, bhuel bhí orm a dhul ag obair. Ansin, agus mé ag réiteach mo bhricfeasta, dhoirt mé siúcra chuile áit ar an mbord agus ar an urlár, ar ndóigh shiúil mé air agus mé ag iarraidh an scuab a fháil agus is ansin ar thuig mé cé chomh deacair is atá sé siúcra a ghlanadh den urlár! Gan dabht, chuir an rud sin ar fad moill orm agus bhí orm deifir a dhéanamh.

Tar éis mo lón a ithe, amach liom go dtí an seomra feistis chun mé fhéin a réiteach agus cá rá mo chuid smididh? Thoir sa mbaile! Idir an lón agus an siúcra, rinne mé dearmad air arís!

Mar sin soir liom an dara huair. Cheap mé riamh gurbh doirteadh salainn ba chúis le mí-ádh! Anois is é an siúcra atá curtha go cúl an chófra i mo theachsa.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas Agat ar do Chearta: Pá do shaoirí poiblí

Ceist:

Oibrím go páirtaimseartha ón gCéadaoin go dtí an Aoine gach seachtain. Bhí mé tinn agus as láthair ón obair thar thréimhse na Cásca. Ní íocann m'fhostóir aon phá breoiteachta d'fostaithe atá breoite. Íocadh mé, de réir mo phacáiste pá, áfach, do Luan na Cásca ach níor íocadh mé d'Aoine an Chéasta. Ní oibrím riamh ar an Luan, mar sin, ní thuigim cén fáth a bhfuair mé an pá breise seo. An bhfuil sé seo i gceart?

Freagra:

Saoire phoiblí a bhíonn i gceist le Luan na Cásca i gcónaí ach ní saoire phoiblí Aoine an Chéasta. Tá gach oibrí i dteideal am saor as a n-íoctar thú nó pá do shaoire phoiblí a fháil. (Ní mór gur oibrigh oibrithe páirtaimseartha don fhostóir ar feadh 40 uair ar a laghad sa tréimhse chúig seachtaine roimhe sin chun bheith i dteideal pá do shaoire phoiblí).

Go ginearálta, tá tú i dteideal ceann amháin den mhéid mar a leanas a fháil:

- **Lá saor as a n-íoctar thú ar an tsaoire phoiblí**
- **Lá breise de shaoire bhliantúil a fháil**
- **Pá breise lae**
- **Lá saor as a n-íoctar thú laistigh de mhí tar éis na saoire poiblí**

Is féidir le d'fhostóir an cinneadh a dhéanamh faoi cén ceann de na roghanna seo a thabharfar duit. Mar oibrí páirtaimseartha, mura n-oibríonn tú de ghnáth ar an lá áirithe sin, ba cheart duit an cúigiú cuid de do ghnáthphá seachtainiúil a fháil.

I do chás, cé go raibh tú ar shaoire bhreoiteachta thar an gCáisc, bhí tú fós i dteideal am saor a thógáil ón obair as a n-íoctar thú nó pá don tsaoire phoiblí a fháil. Ar an ábhar sin, d'íoc d'fhostóir thú do Luan na Cásca. Ós rud é nach saoire phoiblí Aoine an Chéasta, áfach, agus nach raibh tú ag oibriú an lá sin (de bharr do bhreoiteachta) ní bhfuair tú pá don lá sin.

Tá breis faisnéise ar fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir an tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' lé chéile a chuireann seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis ar fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Tionchar na Laochra Railí ar Jab Bhríd Deery

Gráinne McElwain

"NÍ raibh suim dá laghad agam i gcursaí teilifíse agus fiú nuair a cuireadh ceist orm an mbeadh dúil agam sa láithriú thug mé an bóthar don duine sin," a deir Bríd Deery, spéirbhean ó Thig Damhnata i gCo. Mhuineacháin agus atá ag láithriú an chláir iomráitigh On the Limit Sports ar TG4.

Seo an deichiú bliain a bhfuil 'On the Limit Sports' á chraoladh agus d'oibrigh Bríd ar an chlár ón tús. "Thosaigh mé féin ag dul chuig na railithe nuair a bhí mé timpeall fiche bliain d'aois agus bhí mé tar éis mo thríú railí a fheiceáil nuair a chuir léiritheoir an chláir ceist orm triail scannáin a dhéanamh. Ní raibh suim agam ann, ach diaidh ar ndiaidh idir é féin ag cur brú orm agus mé féin ag smaoineamh nach mbeadh dochar ar bith ann, rinne mé triail scannáin ag Mondello agus thosaigh mé ag láithriú ar an bhabhta deireanach de chomórtas náisiúnta railí Dunlop. Táim ag láithriú mótarspóirt ó shin. "

"Ag fás aníos i Muineachán, bhí suim ag mo dheartháir, Michéal, sna railithe agus bhí an t-ádh linn go raibh laochra móra an spóirt ina gcónaí in aice linn, daoine ar nós Niall Maguire, Enda Keenan agus Dessie Keenan. Bhí sé thar a bheith deacair gan spéis a bheith agat iontu agus d'fhás an cion mór atá agam ar na railithe ó shin ar aghaidh."

Bríd Deery

"Bhí taithí agam as a bheith ag dul chuig na railithe i Muineachán ach ba é an railí 'Cork 20' an chéad railí ar thug mé cuairt air taobh amuigh de Mhuineachán. Is cuimhin liom a bheith ag seasamh ar thaobh an bhóthair in aice le claí agus ag féachaint ar na tiománaithe ag dul tharam agus meangadh gáire ar aghaidheanna chuid acu. Is aoibhinn leo an spórt agus feiceann tú é sin san atmaisféar agus sa slua a bhíonn ag na railithe, " a deir Bríd.

Mar gheall ar an luas a bhíonn ag na gluaisteáin, is iomaí uair a dtagann cúrsa sábhailteachta aníos faoi na railithe seo. "Bíonn daoine ag caint faoi ach tá córas sábhailteachta agus slándála an-ard ag na railithe. Déantar go leor leor scrúdaithe ar na gluaisteáin, ar na héadaí a chaitheann na hiomaitheoirí, le béim mhór ar éadaí agus fo-éadaí dódhíonacha. Is fíorannamh a bhíonn aon ghortuithe ann agus tá na hudaráis an-dáiríre faoin gcóras sábháilteachta."

Tá neart tiománaithe feicthe ag Bríd ach ní dóigh léi gur féidir léi an tiománaí is fearr a roghnú mar bíonn sí ag casadh leo gach deireadh seachtaine.

"Sílim go gcaithfidh na tréithe seo a leanas a bheith ag na tiománaithe is fearr...a bheith suaimhneach i gcónaí agus a bheith i gcónaí dírithe ar an rás. Is cuma cé chomh fada is atá tú chun cinn, is féidir leat an rás a chailleadh ag an chéim dheireanach. Ní chailleann na tiománaithe maithe an fócas seo."

"Gan dabht is iad na railithe i nDún na nGall agus i gCiarraí na railithe is fearr liom mar tá na háiteacha go hálainn, suite ar chósta na tíre agus bíonn na radharcanna dochreidte. Tá na daoine thar a bheith cairdiúil chomh maith agus casann tú i gcónaí le daoine nua."

"Is iad na daoine agus na háiteanna difriúla na rudaí is mó a mbainim sult as le mo jab ach ar ndóigh cailleann tú amach ar rudaí sóisialta le do chairde agus do chlann mar gheall ar an phost seo ach is aoibhinn liom é."

Is féidir leat Bríd a fheiceáil gach Céadaoin ar TG4 ag 11 san oíche nó ar an athchraoladh maidin Dé Sathairn ag 10.25. Go n-éirí an bóthar léi!

'Race The Rás' Dé Domhnaigh

Gráinne McElwain

"THÁINIG an smaoineamh chugam chun tús a chur le 'Race the Rás' mar gheall ar chara darbh ainm Clodagh Quinn a d'oibrigh liom mar fhisiteiripeoir ar feadh ocht mbliana agus a fuair bás cúig seachtainí ó shin," a deir Eamonn Ó Muircheartaigh.

"Fuair sí amach bliain go leith ó shin go raibh ailse craicinn uirthi agus bhí sé ródhéanach chun aon rud a dhéanamh di. Shocraigh mé an rás seo a bhunú chun airgead a bhailiú di agus eolas faoi ailse craicinn a chun cinn," a deir.

Anuraidh, d'éirigh le 'Race the Rás', rás rothaíochta carthanachta, €150,000 a bhailiú, an chéad bhliain a raibh an rás ar siúl. Is ar son ailse brollaigh agus Aware a bheas an t-airgead ar fad ag dul i mbliana agus tosóidh an rás ar an Domhnach 20 Bealtaine leis an chéad staid ó Dhún Búinne go Cill Chainnigh. Beidh an rás ar siúl ar feadh seachtaine ag dul trí 13 bhaile le linn an ama sin.

"Beidh fiche is a cúig duine ag rothaíocht ocht staid san iomlán, mé féin ina measc, agus beidh daoine eile ag teacht isteach agus amach chun staid amháin a dhéanamh. Thosaigh muid ag traenáil roimh an Nollaig ag ranganna Turbo, ar rothair nach mbíonn ag bogadh ach go bhfuil friotaíocht i gceist. Le dhá mhí anuas, tá muid amuigh ag rothaíocht gach Déardaoin, Satharn agus Domhnach, ag déanamh timpeall 120km gach lá."

" Bhí daoine iontach anuraidh ag bailiú agus ag tabhairt airgid dúinn agus cé go bhfuil muid i lár géarchéim eacnamaíochta agus nach bhfuil an t-airgead céanna ag daoine agus a bhí, táim ag súil gur féidir linn €150,000 a bhailiú arís i mbliana. Mar shampla, chuir fear amháin atá ag déanamh na staideanna Tráth na gCeist ar siúl i nDún Garbhán le déanaí agus tháinig trí chéad duine isteach agus d'éirigh leis €8,000 a bhailiú idir sin agus ceant. Bhí sé sin go hiontach," a deir Éamonn.

I measc na réaltaí CLG a bheas ag glacadh páirte ann tá Eddie Brennan, Derek Lyng agus James McGarry ó Chill Chainnigh, Kevin Cassidy, Martin McHugh, Tony Boyle ó Dhún na nGall, Ollie Canning agus Seán Ó Domhnaill as Gaillimh chomh maith leis an laoch rugbaí, Mick Galwey.

Is iad Tesco, AIB, Elvery's agus Renault na príomhurraithe do 'Race the Rás' i mbliana. Ar an Satharn, thig leat bualadh le do laochra CLG in Tesco, mar beidh siad ansin chun an rás a sheoladh sna siopaí timpeall na tíre. Beidh dearbhán ar son na carthanachta thuasluaite le fáil ag gach cuntar agus tú ag íoc as do chuid siopadóireachta. Tá tuilleadh eolais faoin rás féin agus faoin mbealach is fearr chun airgead a thabhairt, le fáil ar an suíomh idirlín www.racetheras.com, www.facebook.com/RaceTheRas, www.mycharity.ie nó ag do shiopa áitiúil Tesco. Go n-éirí go geal leo.

'Race the Rás' á sheoladh i bPáirc an Chrócaigh i mí Feabhra. Táthar ag súil gur féidir leis an ócáid €250,000 a chruinniú do charthanacht i mbliana.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Bealtaine, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

An bhfuil Ciarraí ag sleamhnú ... Ní féidir ná baol air!

BHUEL tá na laethanta fada linn, faraor níl an aimsir atá ag teastáil uainn leis, ach ar pháirceanna na himeartha tá na craobhchluichí peile tosaithe cheana féin i gcúige Connacht agus é ag tosú an deireadh seachtaine seo sna cúigí eile.

I gcúige Connacht tá rudaí, mar is gnáth, cothrom go leor. Gan dabht seo an cúige is cothroime agus taobh amuigh de Liatroim, ceapaim go bhfuil seans réasúnta ag gach chontae eile an chraobh cúige a thabhairt leo.

Suite ar bharr, mar a luíonn cúrsaí faoi láthair, tá Muigh Eo. Caithfidh go bhfuil an bainisteoir, James Moran, sásta go leor leis an dul chun cinn atá déanta ó thosaigh sé agus cé nach rabhadar go hiontach i gcluiche ceannais an tsraithchomórtais, chonaiceamar rud éigin i ngach cluiche a thaispeáin go bhfuil siad ag gluaiseacht sa treo ceart.

Sa Ghaillimh, tá bainisteoir acu in Alan Mulholland a bhfuil an beart déanta aige le foirne faoi aois an chontae. Rinneadar maith go leor sna cluichí sraithe, ag críochnú sa tríú háit i roinn a dó agus tá se tugtha le fios aige le déanaí go bhfuil seans maith go mbeidh Pádraic Joyce, Sean Armstrong agus Michael Meehan ullamh don séasúr nua a thosaíonn dóibh ar an Domhnach i gcoinne Ros Comáin.

Chríochnaigh na *Rossies* i lár roinn a trí na sraithe agus tabharfaidh dea-thaispeántais na foirne faoi 21 i mbliana spreagadh dóibh ach ní dóthain sin i mo thuairim.

Tá sé deacair Sligeach a thomhas. Chríochnaíodar ar chomhtharrach le Ros Comáin i roinn a trí na sraithe ach níl a fhios agam an bhfuil siad chomh maith agus a bhí siad cúpla bliain shin.

Réalt Chiarraí, Paul Galvin ag imirt ní ba luaithe i mbliana i gCill Áirne
[PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]

Ó dheas bhí blianta ann le déanaí nuair a bhí seans réasúnta ag foirne taobh amuigh den "phéire móra" an chraobh a bhuachaint ach ní dóigh liom go bhfuil sé mar sin i mbliana.

Thaispeáin Corcaigh, le linn na gcluichí sraithe, go bhfuil painéal an-láidir acu. Thaispeáin siad arís sa chluiche ceannais sin go bhfuil mianach iontu agus má bhíonn Ciarán Sheehan agus Daniel Goulding ar ais sna tosaithe beidh sé an-deacair iad a bhualadh.

An bhfuil Ciarraí ag sleamhnú? Tá Tommy Griffin agus Tom O'Sullivan éirithe as agus beidh sé deacair a mbuataisí a líonadh ach an féidir an Ríocht a chaitheamh i leataobh riamh ? Ní féidir ná baol air.

Mura dtarlaíonn aon rud aisteach casfaidh Corcaigh agus iad féin ar a chéile sa leathchraobh cúige agus beidh Luimneach /An Clár nó Port Láirge ag feitheamh ar an mbuaiteoir. Tá mo chúpla euro féin ar Chorcaigh chun an corn a thabhairt leo ag tús mhí Iúil.

San iomáint, ní gá dul thar lámh amháin (nó b'fhéidir méar amháin) agus tú ag comhaireamh na bhfoirne a bhfuil seans réasúnta acu Corn Liam Mhic Cárthaigh a bhreith leo i mbliana.

Suite ar barr, tá na seaimpíní, Cill Chainnigh. Mar a sheasann rudaí faoi láthair b'fhéidir go bhfuil Tiobraid Árann sa dara háit. Beidh níos mó eolais againn faoi sin go luath.

Suite ar barr, tá na seaimpíní, Cill Chainnigh. Mar a sheasann rudaí faoi láthair b'fhéidir go bhfuil Tiobraid Árann sa dara háit. Beidh níos mó eolais againn faoi sin go luath. B'fhéidir go bhfuil Baile Átha Cliath agus Gaillimh ar chomhtharrach don tríú agus an ceathrú háit . Chuirfinn Corcaigh sa chúigiú háit. Tiocfaidh na seaimpíní as an grúpa sin.

B'fhéidir go bhfuil Baile Átha Cliath agus Gaillimh ar chomhtharrach don tríú agus an ceathrú háit . Chuirfinn Corcaigh sa chúigiú háit. Tiocfaidh na seaimpíní as an grúpa sin.

Cé a bhuafaidh na cúigí ? Bhuel sa Mhumhan beidh coimhlint ghéar sa chéad chluiche idir Tiobraid Árann agus Luimneach agus tá sé deacair féachaint thar sheaimpíní na bliana anuraidh don cheann seo. (tuilleadh faoi seo an tseachtain seo chugainn). Beidh Corcaigh ag feitheamh orthu sa leathchraobh agus gan dabht "form" acusan i mbliana. Ní bheidh faitíos orthu roimh na dTiobradach. Ar ndóigh beidh buntáiste beag ag na Tiobradaigh, (go háirithe má bhíonn Lar Corbett aclaí agus ullamh) mar beidh cluiche imeartha acu (sin má bhuann siad an cluiche sin agus níl bua i mo phleananna dóibh)

Ar na taobh eile, beidh cluiche suimiúil idir Port Láirge agus seaimpíní roinn a dó na sraithe, Co. an Cláir . Scríobhfaidh mé tuilleadh faoin gcluiche seo lá éigin eile ach is dócha go bhfuil meascán níos fearr ag Davy Fitz ag an bpointe seo.

I gcúige Laighean, tá sé deacair féachaint thar Cill Chainnigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh. Tá fhoireann na príomhchathrach agus na Cait sa taobh céanna, rud a chiallaíonn, measaim, go mbeidh na seaimpíní agus Gaillimh ag bualadh le chéile sa chraobhchluiche. Ach an féidir féachaint thar na Cait ? Ní dóigh liom é

Tríd is tríd, tá cúpla cluiche fíorspéisiúil amach romhainn sa chúige ach is dócha go bhfanfaidh na Cait mar sheaimpíní do bhliain amháin eile.

Tá súil agam go bhfuil séasúr bríomhar CLCG amach romhainn, go mbeidh an caighdeán ard agus go mbeidh cúpla bua gan choinne againn agus críoch mar a bhí i bPremiership Shasana an Domhnach seo caite agus seaimpíní nua sa dá chód.

'Ceacht foghlamtha' a deir O'Driscoll

TÉIGH siar 12 mhí agus feicfidh tú Laighin ag tabhairt aghaidh ar Northampton, i Staid na Mílaoise in Caerdydd. Bhí Laighean 22-6 chun deireadh.

Bhí Leo Cullen sa seomra feistis ag iarraidh leigheas a fháil ar chlibirt Laighean.

Dúirt Mike Ross go raibh an cosúlacht ann go raibh siad ag stánadh síos bairille gunna. Bhí am Jonathan Sexton tagtha. In ainneoin nach mbeidh a fhios ag mórán againn cad go díreach a dúirt Cullen, nó Sexton, d'athraigh an cluiche sa dara leath. Ghnóthaigh Sexton dhá úd, mar chuid dá 28 pointe an lá sin agus bhuaigh Laighean 32-22. Cé gur dhúirt sé nach bhfuil aon ghá an cluiche a imirt roimh ré, dar le Brian O'Driscoll, tá ceacht foghlamtha i cluiche na bliana seo caite.

"Rinneamar iarracht an cluiche a bhrú an bhliain seo caite agus rinneamar an-chuid botún. Nuair a choimeád muid seilbh na caide, bhíomar in ann dul chun cinn a dhéanamh.

"Sin an rud is gá duit a dhéanamh in aon cluiche, móiminteam a fháil agus an fhoireann eile a chur ar chúl agus an brú sin a thiontú isteach ina phointí," a dúirt O'Driscoll. Sin go díreach a rinneadar an bliain seo caite, agus murab ionainn agus Ulaidh, tá an taithí sin acu.

"Tuigeann muid cad is gá dúinn a dhéanamh ó bheith sa chraobh le roinnt blianta anuas. Tuigimid chomh maith, ón gcluiche leathchraoibhe cúpla bliain ó shin i gcoinne Toulouse, nár thug muid taispeántas ceart ar an lá, agus ní raibh sé sin maith go leor.

"Tá an t-ádh orainn cé gur imir muid cluichí crua le roinnt seachtainí anuas agus tá an fhoireann á bainistiú go maith ó Luan go Satharn. Tá na mílte curtha isteach againn faoin an tráth seo den séasúr. Caithfimid díriú ar an gcaighdeáin agus an mionchruinneas a fháil," dar le O'Driscoll agus miongháire ar a aghaidh.

Más ar an pháirc imeartha é, ar an pháirc traenála nó fiú amháin ag suí i gcathaoir ag preasócáid léirítear tionchar Brian O'Driscoll ar Laighin. Ag aois 33, tá taobh cosantach O'Driscoll tar éis an ceann is fearr a fháil ar an taobh ionsaitheach, ach is cinnte go mbeidh sé ag teastáil ó Chúige Laighean an Sathairn seo i Twickenham. Ní gá ach sracfhéachaint a chaitheamh ar an tseachtain seo caite agus tagann meon O'Driscoll chun cinn. "Chas mé mo glúin ar an Déardaoin seo caite. Ansin chuaigh mé chun leigheas a fháil ar an loingeán ar an Aoine. I mo cheann, ní raibh an rogha ann gan imirt an tseachtain seo. Bhí tréimhse mhaith athshlánaithe agam thar an deireadh seachtaine, ach chaithfeadh géag a bheith ag titim díot gan imirt i gcluiche ceannais Chorn Heineken."

Brian O'Driscoll

Leis na gortuithe atá tar éis cur as do O'Driscoll thar na blianta, deir sé go bhfuil sé ar a chumas a theacht ar ais níos luaithe dá mbarr. "Foghlaimíonn tú conas déileáil le buillí ag dul isteach i gcluichí agus cé nach bhfuil mé chun traenáil a dhéanamh go dtí an Déardaoin, beidh mé ar an ionsaí 100% nuair a thiocfaidh an Sathairn. Bíonn an-chuid den réamhullmhúchán déanta roimh sheachtain na craoibhe, ullmhúcháin lasmuigh den pháirc imeartha, ionas go mbeidh a fhios agat faoi do ról féin san imirt ar fad." Is cinnte go mbeidh ról le n-imirt ag O'Driscoll chun líne úd Laighean a chosaint ar an Satharn, agus dar le cóitseálaí Laighean, Jono Gibbs, beidh orthu bheith aireach faoi Ulaidh. "Tá ardán maith acu. Tá Johann Muller tar éis a síneadh amach a réiteach go maith agus tá obair déanta ag Alan Clarke leis an chlibirt. Tá sé ag feidhmiú go maith. Chomh maith leis sin, tá Chris Henry tar éis obair a dhéanamh nuair a briseann an imirt síos. Táimid ar an eolas fúthu. In aghaidh Leicester, ní raibh an deis ag Leicester a theacht chucu féin agus rinne Ulaidh scrios orthu. Dá bharr, is cluiche iontach a bhí i nGlaschú dúinn agus tá gnéithe is féidir linn a fheabhsú."

Imreoir a d'fhéadfadh a bheith ag imirt nó a bheith mar fear ionad ná Eoin Reddan agus dar leis is í an fhoireann atá tar éis an meon a chothú. "Tá scuad mór againn. Imríonn imreoirí seachtain amháin i cluichí móra, ní imríonn siad an chéad tseachtain eile. Tá scuad againn a déanann gáire agus a leanann ar aghaidh leis an obair. Is féidir le Joe (Schmidt) dul ar aghaidh leis an obair toisc go bhfuil gach duine ar fáil don foireann. Tagann an foireann ar dtús gach aon uair." Agus cad faoin tuairim gurb iad Laighin rogha na coitiantachta don chraobh agus deis acu an dara craobh as a chéile a bhuachan?

"Is féidir le daoine labhairt faoi cibé uimhir is mian leo," a deir Reddan, "ach níl ach corn amháin le buachan an tseachtain seo. Ní féidir leat a bheith buartha faoi bheith mar rogha na coitiantachta. Cuireann an Corn Heineken brú níos mó ort ná bheith mar rogha na coitiantachta. Tá sé mór ann féin. Ach, ní sroicheann aon foireann an chraobh gan é a bheith a tuillte acu."

Ach le mionghortú ag cur as do O'Driscoll, an féidir le Laighin an bua a fháil murar féidir leis imirt? Déanann Mike Ross miongháire. "Tá an doimhneacht san fhoireann chun feidhmiú dá uireasa. Is imreoir ar chaighdeáin domhanda é Brian O'Driscoll. Ghortódh sé aon fhoireann, gan é a bheith ar fáil, ach d'imir muid gan é go dtí an cluiche ceathrú ceannais. Leis na himreoirí atá againn, is féidir linn an cluiche a bhuachan gan é."

Cad air a bheas lucht rugbaí ag díriú faoi cheann coicíse?

Gráinne McElwain

NUAIR a thiocfas deireadh le Corn na hEorpa agus leis an Rabo Direct PRO12 díreofar ar thuras na hÉireann go dtí an Nua-Shéalainn agus na trí chluiche a bheas acu in aghaidh na All Blacks an mhí seo chugainn. Is ar an 9 Meitheamh a bheas an chéad chluiche in Eden Park, an áit ar bhuaigh buíon Graham Henry Corn an Domhain anuraidh agus an áit a raibh bua stairiúil ag fir na hÉireann in aghaidh na hAstráile.

Ach sula dtabharfaidh siad faoin turas amach ansin beidh ar Declan Kidney painéal a roghnú le aghaidh a thabhairt ar na Barbarians in Kingsholm, Gloucester ar an 29 Bealtaine. Ar ndóigh ní bheidh mórán as Cúige Laighean ar fáil don chluiche sin agus iad i gcluiche ceannais an PRO12 dhá lá roimhe sin. Fágann sin go mbeidh deis ag imreoirí imeallacha óna trí chúige eile a bheith ar an phainéal sin i measc an 28 nó 30 imreoir a roghnófar le dhul chun na Nua-Shéalainne. Ina measc siúd beidh Ronan Loughney, Brett Wilkinson (Connacht), Declan Fitzpatrick, Nevin Spence (Ulaidh), Simon Zebo, Mike Sherry (Mumha) agus roinnt eile. Cé go bhfuil gortú ag cur as dó faoi láthair, tá gach seans ann go mbeidh Paul O'Connell ar ais do na cluichí sin sa Nua-Shéalainn.

Beidh foireann Faoi-20 na hÉireann ag imirt i gCorn an Domhain san Afraic Theas an mhí seo chugainn chomh maith agus iad i nGrúpa B leis an fhoireann bhaile (4 Meitheamh), Sasana (8ú) agus an Iodáil (12ú). Is beag nár éirigh leis an fhoireann seo Comórtas na Sé Náisiún a bhuachan, ach theip orthu sa chluiche deireanach in aghaidh Shasana.

19.05.12 Laighin v Ulaidh: Cluiche Ceannais Chorn Heineken - Twickenham

27.05.12 Laighin v Ospreys: Cluiche Ceannais Rabo Direct Pro12 - RDS

29.05.12 Barbarians v Éire: Kingsholm, Gloucester

Teachtaireacht Láidir ó Mhuineachán

Gráinne McElwain

D'ÉIRIGH le Muineachán Cluiche Ceannais na Sraithe i Roinn a hAon de Pheil na mBan a bhuachan den chéad uair ó 1999 nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Sheaimpíní na Sraithe agus na hÉireann, Corcaigh, a bhí ag iarraidh a gcúigiú Comórtas Sraithe as a chéile a bhaint.

Chas an dá fhoireann seo ar a chéile i gCluiche Ceannais na hÉireann anuraidh nuair a bhí an lá ag Corcaigh tar éis do Mhuineachán an cluiche a fhágáil ina ndiaidh. Cluiche drámatúil a bhí againn ar an Satharn, go háirithe sa dara cuid den dara leath nuair a d'éirigh le Corcaigh a theacht ar ais agus iad 1-12 le 0-6 taobh thiar. Fuair Nollaig Cleary cúl do na reibiliúnaigh tar éis fiche nóiméad den dara leath agus nuair a chuir Valarie Mulcachy cic éirice san eangach, bhí an chuma ar an scéal go gcríochnódh Corcaigh níos láidre. Ach tá moladh mór tuillte ag Muineachán as an charachtar a thaispeáin siad le Cathríona McConneall ag aimsiú cúilín chun Muineachán a shuaimhniú agus bhuaigh siad leis an scór 1-13 le 2-7. Bhí an-cheiliúradh ina dhiaidh ag na himreoirí agus ag lucht tacaíochta Mhuineacháin agus tá teachtaireacht láidir tugtha ag mná an Tuaiscirt don chraobh i mbliana. Níor imir Corcaigh go maith le Angela Walsh, Amy O'Shea agus Mairéad Kelly imithe ó anuraidh, ach gortóidh an chailliúint seo Corcaigh go mór agus bí ag feitheamh ar fhreagra míthrócaireach uathu sa samhradh.

Captaen Mhuineacháin, Sharon Courtney, ag ceiliúradh leis an gcorn tar éis gur bhuaigh foireann s'aici cluiche ceannais na sraithe i bPeil na mBan i bPáirc Parnell, Baile Átha Cliath ag an deireadh seachtaine
[PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

Teachtaireacht láidir eile don chraobh ná taispeántas Mhaigh Eo in aghaidh na Gaillimhe i gCluiche Ceannais na Sraithe, Roinn a Dó. Ba é 4-17 le 2-7 an scór deiridh sa chluiche seo le laoch na himeartha Cora Staunton ar fheabhas agus 2-11 aimsithe aici. Bhí drochbhliain ag Maigh Eo anuraidh le go leor easaontais sa champa, ach luaigh Cora san agallamh i ndiaidh an chluiche go bhfuil na struchtúr ceart sa chontae anois faoi aois agus aníos agus go bhfuil bainistíocht iontach ag mná na sinsear i mbliana. "Dúradh go leor rudaí nach raibh cineálta sna meáin fúinn ach tá sé sin taobh thiar dúinn anois," a dúirt bean Mhaigh Eo.

Is in aghaidh na Gaillimhe a bheidh siad ag imirt i gCluiche Ceannais Chonnacht níos moille sa samhradh agus bheadh sé deacair a fheiceáil nach mbeidh an bua acu arís, go háirithe agus Gaillimh i mbun atógála faoi láthair.

I gCluiche Ceannais na Sraithe, Roinn a Trí, beidh ar an Iarmhí agus Liatroim casadh ar a chéile arís mar gur chríochnaigh an cluiche sin ar chomhscór, 2-8 le 1-11. Ní raibh mórán idir na foirne seo am ar bith sa chluiche ach bhí sé deacair féachaint air mar gheall ar an méid séidte a rinne an réiteoir agus na stadanna a bhí ann dá bharr. Bhí deis ag Áine Tighe, a bhí ar fheabhas do Liatroim agus a fuair 0-8 (6f), an cluiche a bhuachan do Liatroim le cic saor ag deireadh na himeartha ach níor éirigh léi. Mar sin, lá eile don dá fhoireann seo an Satharn beag seo i bPáirc Emmet, an Longfort, ag a seacht a chlog tráthnóna.

"Tá sé ar a gcumas peil idirchontae a imirt"

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le captaen an Chabháin, **Padraig O'Reilly**

MAR chuntasóir le Russell Brennan Keane i mBaile Átha Cliath, tá sé deacair ar chaptaen fhoireann peile an Chabháin, Padraig O'Reilly, imirt idirchontae a nascadh leis an obair dhian a bhíonn ar bun aige.

Cé go mbíonn roinnt daoine ag cáineadh na traenála luath ar maidin, gan é ní fhéadfadh leis peile idirchontae a imirt. Baineann sé úsáid as tús na maidine chun obair chrua a dhéanamh sa ghiom, agus an obair nirt agus aclaíochta a chur isteach sula dtéann sé isteach san oifig. Ar ann Domhnach seo, áfach, ní ar cúrsaí cuntasóireachta a bheidh sé ag díriú ach ar thús Chraobhchomórtas na hÉireann.

Dar leis, is deis é an díomá a bhain leis an tsraith a dhíbirt.

"Seo an cineál cluiche ar mian linn bheith páirteach ann. Beidh an díomá a bhain leis an tsraith i gcónaí ann go dtí go gcuireann muid taispeántas maith isteach chun torthaí na sraithe a ruaigeadh.

"Teastaíonn an eagla sin ionat i leith an chailliúint. Táimid ag tnúth le Dún na nGall. I dtaobh aois na nimreoirí, ní mórán acu atá tar éis cluiche baile a bhuachan sa Chraobhchomórtas nó cluiche a imirt ar Pháirc Bhréifne fiú, ach beidh súil againn gur féidir linn geit a bhaint as Dún na nGall."

Bhí feachtas sraithe an Chabháin loite fag an méid a tharla d'iarbhainisteoir an chontae, Val Andrews, agus faoi próiseas aistrithe Seanie Johnston.

Ach, dar le O'Reilly, níor chuir sin isteach ar an bhfoireann féin. "Bhí siad sin lasmuigh den ghrúpa agus ní cuireann sé isteach ar na himreoirí. Cuireann muid béim ar spriocanna a leagadh síos le linn traenála agus níor athraigh sé sin le linn na tréimhse seo." In ainneoin na ndrochthaispeántas sa tsraith tá siad ag súil gur féidir leis an rath a bain don contae faoi aois, a theacht chun cinn don fhoireann sinsear.

Agus dhá craobh Uladh faoi-21 buaite le trí bliain anuas, tá O'Reilly ag súil gur féidir leis an bhfoireann a theacht le chéile agus foireann a thógáil a bheidh in ann dul san iomaíocht amach anseo.

"Tá roinnt imreoirí tar éis theacht isteach ón bhfoireann faoi-21 agus tá taithí acu ar an mbua a fháil agus baineann an chailliúint geit astu. Tá súil agam gur féidir leis an meon sin dul isteach sa chuid eile den scuad agus gur féidir linn torthaí a fháil ar an bpáirc imeartha. Nuair a fhaigheann tú bua amháin, leanann an rath sin ar aghaidh.

"Táimid ag tús an chuair sin agus an sprioc atá againn ná roinnt buanna a fháil agus samhradh maith peile a bheith againn."

Ach tagann Dún na nGall go Páirc Bhréifne an Domhnach seo agus níl mórán daoine ag súil gur féidir leis an bhfoireann baile an lámh in uachtar a fháil orthu.

"Níl aon ionchas i gCabhán de bharr an taispeántais sraithe a bhí againn i gcomparáid le Dún na nGall. Ach, níl mórán rudaí sa saol ata in ann dul in iomaíocht le himirt sa Chraobhchomórtas agus tá muinín againn asainn féin, gur féidir linn taispeántas a chur isteach.

"Bhí siad (Dún na nGall) cic amháin ó bheith i gCraobh na hÉireann an bhliain seo caite agus tá roinnt de na himreoirí is fearr sa tír acu. Tá siad ag díriú ar an gcraobhchomórtas ó thús na bliana agus tá a fhios againn go bhfuil tasc mór ann dúinn chun dul in iomaíocht leo."

Ag tabhairt sracfhéachaint ar fhoireann an Chabháin, ní féidir a shamhlú go mbeidh siad in ann dul in iomaíocht le foireann Jim McGuinness. Ach, mol an óige agus tiocfaidh sí, a deir an seanfhocal.

Beidh bainisteoir nua an chontae, Terry Hyland, ag tnúth gur féidir leis an óige a mheascadh le roinnt taithí chun stair millteanach an Chabháin sa Chraobhchomórtas a ruaigeadh. Agus gan Craobh Uladh a bheith buaite acu ó 1997 agus gan Craobh na hÉireann buaite ó 1952, ní beag an dúshlán atá ag Hyland.

"Ag breathnú ar na himreoirí le linn traenála," a deir O'Reilly, "tá sé ar a gcumas peil idirchontae a imirt. Teastaíonn uathu an bua a fháil agus tá siad fíorchumasach.

"Táimid ag iarraidh na himreoirí óga a chur ar a suaimhneas chomh maith, ionas gur féidir leo dul amach agus taispeántas a thabhairt ar an páirc imeartha. Ní féidir neamhaird a dhéanamh ar an rath faoi aois a bhí acu ach oiread. Nuair a thosóidh siad ag bua roinnt cluichí tá súil agam go dtiocfaidh an meon buachana isteach sa bhfoireann."



Padraig O'Reilly, An Cabhán
[PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

"Níl a fhios agat cad a tharlóidh ar an lá - Sin áilleacht an Chraobhchomórtais"

Labhraíonn Cillian Ó Conchúir le peileadóir na Gaillimhe, **Finian Hanley**

LE triúr bainisteoirí laistigh de thrí bliana, is cinnte nach bhfuil peil na Gaillimhe tar éis tairbhe a bhaint as an leanúnachas céanna agus atá ag Corcaigh, Ciarraí nó Tír Eoghain.

Ach tá Alan Mulholland tagtha isteach agus cheana féin tá cúrsaí beagán níos fearr san iarthar. An Domhnach seo, déanfar dul chun cinn Mhulholland agus fhoireann na Gaillimhe a mheas nuair a chuirfidh siad tús le craobhchomórtas Chonnacht ar Pháirc de hÍde i Ros Comáin. Tar éis briseadh ceithre seachtainí, tar éis an chomhscór i gcoinne Chill Dara sa tsraith, tá Gaillimh agus captaen na foirne, Finian Hanley, réidh chun aghaidh a thabhairt ar a chéile comhraic. Gan aon Craobh Connacht buaite acu ó 2008, tá Gaillimh ag súil gur féidir leo sin a chur ina cheart i mbliana, ach is dúshlán mór a bhéas i Ros Camáin.

"Bhíodar sa dhá chluiche ceannais dheireanacha do Chraobh Connacht," a deir Hanley le Gaelscéal. "Tá imreoirí den scoth acu. Bhíomar i Páirc de hÍde cheana agus is áit dheacair í le dul chun cinn a dhéanamh. Déarfaidh an-chuid foirne é sin chomh maith. Cluiche fíordheacair atá ann chun tús a chur leis an gCraobhchomórtas ach cluiche gur fearr leat tosú leis chomh maith." Le bata agus bóthair faighte ag Tomás Ó Flatharta agus Joe Kernan roimhe, tar éis craobhchomórtas dona le dhá bhliain anuas, beidh Mulholland ag iarraidh a leithéid sin a sheachaint i mbliana agus dar le Hanley, is cluiche é seo a tabharfaidh le fios cén dul chun cinn atá déanta ag an bhfoireann. "Tugann sé le fios duit cén áit ina bhfuil tú nuair a bheidh tú ag imirt i gcoinne foireann an-mhaith. Ní bheidh sé éasca aon rud a fháil ón cluiche seo, ach má tugann muid taispeántas maith agus dúshlán a leagan síos, tá súil agam gur féidir linn a theacht as le bua agus le cluiche maith. Ach cluiche crua a bhéas ann agus mar a dúirt mé cheana, cá bhfios cén chaoi a bheidh muid faoin mbainistíocht nua."

Finian Hanley, Gaillimh

Cuireann Mulholland fáilte roimh Pádraic Joyce, Seán Armstrong agus Michael Meehan agus dar le Hanley, is mór an spreagadh é filleadh Meehan. "Tá Mickey (Michael Meehan) tar éis traenáil a dhéanamh le dhá bhliain anuas in ainneoin nach bhfuil mórán imeartha déanta aige. Bhí sé á choinneáil féin i gcruth maith agus ó tá sé ar ais ag imirt arís anois, neartaíonn sé an scuad go mór. Threiseodh sé scuad ar bith. An imreoidh sé an tseachtain seo? Feicfidh muid. Agus an imreoidh sé an samhradh seo, tá súil agam go nimreoidh. "Is iontach an rud é a bheith ar ais linn, ag déanamh roinnt mhaith traenála ar páirc na himeartha. Tá níos mó á dhéanamh aige ná mar a cheap sé agus is mór an spreagadh dúinne é a bheith ar ais ar an bhfoireann. Mhothaigh muid uainn é le dhá bhliain anuas agus bheadh sé iontach dá bhfaigheadh sé roinnt ama imeartha." Cé go raibh díomá orthu nár bhain siad amach Roinn a hAon sa tsraith is ar an gCraobhchomórtas atá siad dírithe anois. Tagann an traenáil uilig chun críche le linn na ceithre mhí atá amach romhainn, ach tá an brú le mothú cheana féin ag Hanley. "Bíonn an brú ann i gcónaí. Cé nach bhfuil an phoiblíocht chéanna ann do cluiche sa chéad babhta is atá sa Chraobh, tá an brú ann. Caithfidh na himreoirí dul amach agus taispeántas a thabhairt. Seo é an fócas atá agat i rith na bliana; dul amach sa Craobhchomórtas agus taispeántas maith a thabhairt." Beidh tús maith á lorg ag Mulholland agus tá a fhios ag Hanley gurb é nádúr an chomórtais gur féidir le haon foireann an lámh in uachtar a fháil ar aon fhoireann eile.

"Nuair a tháinig sé isteach, bhí tús úr arís ann. I mbliana, caithfidh sé a chosa a aimsiú, foireann a chur le chéile agus imreoirí óga a thabhairt isteach chomh maith. Níl ionchais mór againn dúinn féin. Tá a fhios againn go bhfuil imreoirí maithe againn i nGaillimh ach ní mór an móimintim a fháil, foireann ceart a chur le chéile agus na struchtúir chearta a bheith ann."

"Nuair is peileadóirí amaitéaracha tá i gceist, níl a fhios agat cad a tharlóidh ar an lá. Sin áilleacht an Chraobhchomórtais. Ach tá an-chuid brú ann agus cibé foireann a thógann an brú orthu féin, beidh an lá leo. Caithfidh tú do ceann a bheith dírithe agus d'intinn a bheith ceart ag dul isteach sa Craobhchomórtas."